# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2024

CEA

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority









Ag an mbarr: Ian Drennan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Ar chlé: An Breitheamh Onórach Brian Murray, Breitheamh den Chúirt Uachtarach
Ar dheis: Comhdháil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2024

# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | | 4 |
| Ar sracfhéachaint | | 14 |
| Réamhrá | | 15 |
| Colún 1 | Struchtúir rialachais a leabú, inniúlacht oibríochtúil a fhorbairt agus láithreacht a bhunú | 21 |
| Colún 2 | Tathant a dhéanamh agus tionchar a imirt go héifeachtach | 29 |
| Colún 3 | Córais éifeachtacha forfheidhmiúcháin chomhréirigh, láidir agus athchomhairligh a oibriú | 35 |
| Aguisín 1 | | 61 |
| Aguisín 2 | | 77 |
| Ráitis airgeadais agus tuairisciú rialachais | | 83 |




# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



**Ian Drennan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

## Réamhrá

De réir fhorálacha alt 944T(1) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, tá sé de phléisiúr agam Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach i ndáil leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 a chur isteach.
Is í seo an dara tuarascáil bhliantúil ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ó bunaíodh é i mí Iúil 2022 i leith[1].

Tá Ráiteas Straitéise an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach don tréimhse 2022-2025 bunaithe ar thrí cholún, is iad sin:

i. struchtúir rialachais a leabú, inniúlacht oibríochtúil a fhorbairt agus láithreacht a bhunú,
ii. tathant a dhéanamh agus tionchar a imirt go héifeachtach, agus
iii. córais éifeachtacha forfheidhmiúcháin chomhréirigh, láidir agus athchomhairligh a oibriú.

Mionsonraítear sa Tuarascáil seo gníomhaíochtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa bhliain 2024 chun na cuspóirí straitéiseacha sin a chur chun cinn.

## Ráiteas straitéise nua

Mar ullmhúchán don ráiteas straitéise nua uainn, tá sé beartaithe ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach dul i mbun comhairliúchán poiblí, rud a chuirfidh ar chumas ár ngeallsealbhóirí a dtuairimí a chur in iúl.

## Soláthar foirne sibhialtaí

Ar dháta bunaithe an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach (i.e., Iúil 2022), bhí cohórt suntasach dár bhfoireann shibhialtach ina bhfostaithe de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Mar is gnách nuair a bhunaítear eintitis reachtúla nua, tairgeadh an rogha do na baill foirne sin fanacht mar bhaill foirne de chuid na Roinne (rud a mbeadh sé i gceist leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a fhágáil agus filleadh ar an Roinn) nó, de rogha air sin, scaradh lena stádas mar fhostaí leis an Roinn agus teacht chun bheith ina bhfostaithe buana de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Mar is gnách freisin, tugadh tréimhse dhá bhliain do na baill foirne sin lenar bhain chun an cinneadh sin a dhéanamh. Tuigeann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gurb amhlaidh, nuair atá cinneadh den sórt sin á dhéanamh, atá a lán rudaí le cur sa mheá, lena n-áirítear ceangal mothúchánach agus braistint chómhuintearais leis an Roinn agus, ag an am céanna, ceangal agus braistint chómhuintearais den chineál céanna leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus lena réamhtheachtaí, conairí gairme dóchúla faoin dá rogha, gairm-mhianta amach anseo agus, go pointe áirithe, dul sa dorchadas agus a roghnú a bhfostóir a athrú, tar éis blianta fada de sheirbhís i roinnt cásanna. Sa chomhthéacs sin, tá lúcháir orm a thuairisciú gur roghnaigh 85% de na baill foirne lenar bhain fanacht leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Léirítear sa toradh sin an tiomantas, an dúthracht agus an dílseacht atá ag ár bhfoireann don eagraíocht seo agus dá misean agus, go deimhin, dá chéile.

'Roghnaigh 85% de na baill foirne lenar bhain fanacht leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Léirítear sa toradh sin an tiomantas, an dúthracht agus an dílseacht atá ag ár bhfoireann don eagraíocht seo agus dá misean agus, go deimhin, dá chéile.'

1. De réir fhorálacha alt 944T(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, cumhdaíodh leis an gcéad tuarascáil bhliantúil ón Údarás an tréimhse ón 7 Iúil 2022 go dtí an 31 Nollaig 2023.

Mar atá mionsonraithe in áit eile sa tuarascáil seo, thug an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi ghníomhaíocht shuntasach earcaíochta le linn na bliana. Cé gur dúshlánach dóibh siúd atá ag iarraidh fostaithe a earcú atá an margadh fostaíochta reatha, tá áthas orm a rá gur mheall feachtais earcaíochta éagsúla an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ardleibhéal suime ó réimsí láidre iarrthóirí.

Tá dhá thaobh air sin, ar ndóigh, sa dóigh is go mbíonn an-éileamh ann ar bhaill foirne a bhfuil mórán cáilíochtaí agus mórán taithí acu, amhail iad sin a bhfuil an t-ádh ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach go bhfuil sé in ann iad a mhealladh agus taithí luachmhar a sholáthar dóibh agus, mar thoradh air sin, is minic a thagann deiseanna ardú céime chun cinn. Ina theannta sin, de bhua iad a bheith ina státseirbhísigh, baineann baill foirne an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach leas as an tsolúbthacht a bhaineann le bheith in ann leas a bhaint as deiseanna soghluaisteachta ar fud na mór-Státseirbhíse, áit a mbíonn raon leathan gluaiseachtaí cliathánacha ar fáil freisin.

## Tathant a dhéanamh agus tionchar a imirt

### Comhdháil 2024

An phríomhghné dár ngníomhaíochtaí um thathant a dhéanamh agus tionchar a imirt le linn na bliana ba ea an dara comhdháil de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, a cuireadh ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2024. D'fhreastail breis agus 160 toscaire ar an gcomhdháil, ar éirigh go geal léi. Tháinig na toscairí sin as príomh-spriocphobail an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, lena n-áirítear stiúrthóirí cuideachta, comhaltaí de na gairmeacha, daoine den lucht déanta beartas, agus daoine den lucht léinn. Chuala toscairí aithisc ó raon cainteoirí gradamacha. Áiríodh leo sin an tAire Dara Calleary, an Breitheamh Onórach Brian Murray den Chúirt Uachtarach, an tUas. Declan Hughes, Ard-Rúnaí na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus cainteoirí mór le rá ón ngairm dlí agus ón ngairm cuntasaíochta in Éirinn, ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ó Sheirbhís Dócmhainneachta na Ríochta Aontaithe agus ó Oifig Calaoise Tromchúisí na Ríochta Aontaithe faoi seach.

'An phríomhghné dár ngníomhaíochtaí um thathant a dhéanamh agus tionchar a imirt le linn na bliana ba ea an dara comhdháil de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, a cuireadh ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2024. D'fhreastail breis agus 160 toscaire ar an gcomhdháil, ar éirigh go geal léi. Tháinig na toscairí sin as príomh-spriocphobail an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, lena n-áirítear stiúrthóirí cuideachta, comhaltaí de na gairmeacha, daoine den lucht déanta beartas, agus daoine den lucht léinn an mbliain 2023.'

### Ábhar treorach

Le linn na bliana, d'fhoilsigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach nóta treorach cuimsitheach ar na himthosca a bhféadfaí duine a dhícháiliú ó bheith ina stiúrthóir cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, mar thoradh orthu. Foilsíodh an nóta treorach i gcomhthéacs an fhógra go gcuirfí tús an athuair le clár na hOifige um Chlárú Cuideachtaí um chuideachtaí a bhaint den chlár agus bhí sé mar aidhm leis na dualgais atá ar stiúrthóirí cuideachta faoi dhlí na gcuideachtaí a mheabhrú dóibh. Meabhraíodh do stiúrthóirí cuideachta sa treoir freisin na himthosca ina bhfuil dícháiliú ina thoradh uathoibríoch (i.e., mar thoradh ar chiontú i gcion indíotáilte faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, agus i gcionta indíotáilte áirithe eile).

### Gníomhaíocht for-rochtana

Áiríodh leis an ngníomhaíocht for-rochtana sa bhliain freastal ar imeachtaí agus ar thaispeántais inar fhéach an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le caidreamh a dhéanamh lena spriocphobail. Ghlac roinnt d'oifigigh an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach páirt freisin in obair meán amhail agallaimh agus podchraoltaí.

## Maoirseacht dócmhainneachta corparáidí

Déanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach maoirseacht ar dhócmhainneacht chorparáideach ar dhá phríomhbhealach, i.e., tuarascálacha leachtaitheoirí a scrúdú chun a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart na stiúrthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha a chur faoi na bearta cosanta poiblí arb éard iad srian nó dícháiliú, agus gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh in aghaidh stiúrthóirí cuideachta ar baineadh cuideachtaí dócmhainneacha den Chlár as a mainneachtain na tuairisceáin reachtúla a chomhdú.

### Cuideachtaí dócmhainneacha atá bainte den chlár

Bhí tionchar ar an gcatagóir dheireanach sin de ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin ag cur ar fionraí chlár na hOifige um Chlárú Cuideachtaí um chuideachtaí a bhaint den chlár, i.e., áit a mbaintear cuideachtaí den sórt sin den Chlár as mainneachtain tuairisceáin bhliantúla a chomhdú. An toradh a bhí ar an gcur ar fionraí sin ba ea nach bhfuarthas ach dhá dhícháiliú den sórt sin sa bhliain 2024, i gcomparáid le thart ar 20 dícháiliú in aghaidh na bliana sna blianta ina raibh an clár um chuideachtaí a bhaint den chlár i mbun lánfheidhme. Go dtí cibé tráth a atosaítear go hiomlán an clár um chuideachtaí a bhaint den chlár atá ar bun ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, beidh gníomhartha forfheidhmiúcháin den chineál sin ag leibhéil a bheidh íseal go saorga.

### Cuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú

Sa bhliain 2024, tháinig méadú 23% ar an líon tuarascálacha leachtaitheoirí a fuarthas. B'ionann an líon a fuarthas agus pas beag níos lú ná 1,000 iarratas. Ba líon é sin nach bhfacthas ó bhí an bhliain 2016 ann. Bunaithe ar an anailís a rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar thuairisciú leachtaitheoirí, áirítear leis na tosca ba chúis leis an méadú ar leibhéil dócmhainneachta an scor de Scéim Stórasaithe Fiachais na gCoimisinéirí Ioncaim agus an tionchar leanúnach a bhí ag na méaduithe ar chostais fuinnimh agus ar chostais eile ionchuir. Ní nach ionadh, bhí an earnáil fáilteachais agus an earnáil mórdhíola/miondíola i measc na n-earnálacha a raibh an tionchar is mó orthu le linn na bliana.

An toradh a bhí ar an scrúdú a rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar thuarascálacha leachtaitheoirí, agus ar an mbreithiúnas a thug sé ina leith, ba ea 98 srian san iomlán (inar cuimsíodh 88 stiúrthóir cuideachta aonair, ar srianadh roinnt díobh i ndáil le níos mó ná cuideachta amháin), agus dícháilíodh 20 duine aonair eile a bheith ó ghníomhú mar stiúrthóirí cuideachta. B'ionann é sin agus méaduithe 44% agus 43% faoi seach i gcomparáid leis an mbliain 2023. Sna cás-staidéir atá leagtha amach sa tuarascáil seo, tugtar tuilleadh mionsonraí faoi na cineálacha iompair ba chúis le stiúrthóirí cuideachta a shrianadh agus a dhícháiliú. Áiríodh le hiompar den sórt sin mainneachtain taifid chuntasaíochta chuí a choimeád, mainneachtain ráitis airgeadais reachtúla a ullmhú, easpa comhoibrithe le leachtaitheoirí, fianaise ar mhídhílsiú cistí cuideachta, agus tásca ar éileamh calaoiseach íocaíochtaí ó na scéimeanna TWSS[2] agus EWSS[3].

'An toradh a bhí ar an scrúdú a rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar thuarascálacha leachtaitheoirí, agus ar an mbreithiúnas a thug sé ina leith, ba ea 98 srian san iomlán (inar cuimsíodh 88 stiúrthóir cuideachta aonair, ar srianadh roinnt díobh i ndáil le níos mó ná cuideachta amháin), agus dícháilíodh 20 duine aonair eile a bheith ó ghníomhú mar stiúrthóirí cuideachta. B'ionann é sin agus méaduithe 44% agus 43% faoi seach i gcomparáid leis an mbliain 2023 '

2. An Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá.
3. An Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta.

### Forfheidhmiú i leith mainneachtain ag leachtaitheoirí na hoibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh

Déanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gníomhaíocht forfheidhmiúcháin freisin de réir mar is gá mar fhreagairt do mhainneachtain ag leachtaitheoirí na hoibleagáidí atá orthu tuairisciú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, a chomhlíonadh. Mar atá mionsonraithe sna cás-staidéir atá leagtha amach sa tuarascáil seo, rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gníomh forfheidhmiúcháin sa bhliain 2024 in aghaidh leachtaitheoir a mhainnigh na hoibleagáidí a bhí air tuairisciú don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chomhlíonadh i leith sé chuideachta ar leith. Ba é an toradh a bhí ar an ngníomh forfheidhmiúcháin a rinneadh, ar thionscain an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach imeachtaí Ard-Chúirte mar chuid de, ná gur tugadh aghaidh ar an ní chun sástacht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus gur ceanglaíodh ar an leachtaitheoir costais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a sheasamh.

## Forfheidhmiú Sibhialta

### Measúnú

Seachas tuarascálacha leachtaitheoirí, a ndéileálann ár Stiúrthóireacht um Maoirseacht Dócmhainneachta leo, is í ár Stiúrthóireacht um Fhorfheidhmiú Sibhialta a dhéanann measúnú ar dtús ar ghearáin, tuarascálacha reachtúla agus tarchuir a bhfaigheann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iad. Is é atá i gceist le measúnú a chinneadh, ar an gcéad dul síos, cé acu a thagann nó nach dtagann ní faoi shainchúram reachtúil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus a chinneadh, ar an dara dul síos, cé acu a léirítear nó nach léirítear san fhaisnéis a soláthraíodh gur féidir gur tharla sárú ar dhlí na gcuideachtaí agus a chinneadh, ina dhiaidh sin agus más amhlaidh gur tharla sárú, cén gníomh ab oiriúnaí a dhéanamh mar fhreagairt do léiriú den sórt sin. Is féidir go n-áireofar le gníomhartha féachaint leis an ní a réiteach gan dul i muinín cumhachtaí reachtúla, faisnéis bhreise a lorg, más gá, trí chumhachtaí reachtúla a úsáid, gníomhaíocht forfheidhmiúcháin shibhialta a dhéanamh, agus nithe a tharchur lena n-imscrúdú. Sa bhliain 2024, fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach níos mó ná 400 gearán. Cuimsíodh iontu sin cumarsáidí ó dhaoine den phobal, nochtaí cosanta, tuarascálacha ó iniúchóirí reachtúla, agus tarchuir ó ghníomhaireachtaí reachtúla eile. Ina theannta sin, faigheann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach tuarascálacha éigeantacha ó scrúdaitheoirí agus ó chomhairleoirí próisis araon. Sa bhliain 2024, fuarthas naoi dtuarascáil scrúdaitheoirí, mar aon le 29 dtuarascáil comhairleoirí próisis eile, agus déanann oifigigh ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach athbhreithniú ar gach tuarascáil den sórt sin.

Déanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a anailísí féin freisin d'fhonn neamhchomhlíonadh féideartha dhlí na gcuideachtaí a shainaithint.

### Cumhachtaí riaracháin

In aon bhliain ar leith, is féidir aghaidh a thabhairt ar roinnt de na gearáin a thagann faoi raon feidhme shainchúram reachtúil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar bhonn riaracháin, i.e., gan aon ghá le leas a bhaint as cumhachtaí reachtúla forfheidhmiúcháin. Áiríodh iad seo a leanas leis na samplaí atá mionsaothraithe sna cás-staidéir atá mionsonraithe sa tuarascáil seo:

- a chinntiú go ndearnadh faisnéis cuideachta a shainordaítear le reacht a nuashonrú ar an taifead poiblí,

- aghaidh a thabhairt ar fhógraíocht seirbhísí iniúchóireachta ag duine aonair nach bhfuil cáilithe chun seirbhísí den sórt sin a sholáthar,
- aghaidh a thabhairt ar dhaoine a shealbhaíonn líon stiúrthóireachtaí cuideachta is mó ná an líon uasta a cheadaítear le reacht,
- aghaidh a thabhairt ar chomhdú déanach na faisnéise a cheanglaítear le reacht ag cuideachtaí,
- a chinntiú gur éirigh duine aonair nach raibh cáilithe chun gníomhú mar chomhairleoir próisis as, agus
- a chinntiú gur chomhlíon stiúrthóirí na téarmaí de chuid phlean tarrthála SCARP.

### Úsáid cumhachtaí reachtúla

I gcásanna níos suntasaí, bíonn raon roghanna forfheidhmiúcháin ar fáil don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (áirítear leo sin, mar shampla, ordacháin a eisiúint chun comhlíonadh agus éilimh ar fhaisnéis a eisiúint), lena n-áirítear iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar Chigirí a cheapadh do chuideachta. Mar atá mionsaothraithe sna cás-staidéir atá mionsonraithe sa tuarascáil seo, áiríodh le samplaí de ghníomhaíocht den sórt sin sa bhliain iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar Orduithe lena gceanglófaí ar chuideachtaí tuairisceáin bhliantúla gan íoc a chomhdú i leith roinnt blianta airgeadais.

## Cigireacht na hArd-Chúirte ar ghnóthaí Independent News and Media plc (INM)

### Foilsiú na Tuarascála ó na Cigirí

An 26 Iúil 2024, chuir na Cigirí ar cheap Kelly P, iar-Uachtarán na hArd-Chúirte, iad chun gnóthaí INM plc ag an am a imscrúdú an Tuarascáil uathu faoi bhráid Simons J san Ard-Chúirt. An 31 Iúil 2024, le hordú ón Ard-Chúirt, d'fhoilsigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an Tuarascáil ó na Cigirí. Rinneadh clúdach suntasach ar an Tuarascáil sin sna meáin tar éis a foilsithe. Is é atá sa Tuarascáil ó Chigire arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Ard-Chúirt ná deireadh an phróisis trínar tugadh freagra ar cheisteanna trí úsáid a bhaint as na cumhachtaí bailithe fianaise atá ar fáil do Chigirí arna gceapadh ag an gCúirt, lena n-áirítear an chumhacht chun fianaise a ghlacadh faoi mhionn, ar cheisteanna iad nach rabhthas in ann freagra a thabhairt orthu trí úsáid a bhaint as cumhachtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, nó as cumhachtaí a réamhtheachtaí.

### Freagra an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar an Tuarascáil ó na Cigirí

Sa tréimhse tar éis fhoilsiú na Tuarascála, rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach anailís mhionsonraithe chúramach ar fhionnachtana fíorais na gCigirí agus ar na tuairimí a chuir siad in iúl, agus breithniú á dhéanamh ina n-aonar agus i dteannta a chéile ar a gcuid fionnachtana agus tuairimí faoi gach ceann de na ceannteidil a bhí leagtha síos sna Téarmaí Tagartha a d'ordaigh Kelly P.

Tar éis an ní a bhreithniú go han-chúramach agus go han-tomhaiste, chinn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa deireadh nach ndéanfaí gníomh forfheidhmiúcháin mar thoradh ar an Tuarascáil. Tugann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach dá aire an obair an-suntasach a rinne baill foirne na heagraíochta agus a réamhtheachtaí maidir le tabhairt faoin imscrúdú ar tháinig an t-iarratas chuig an Ard-Chúirt as agus maidir leis an iarratas a bhogadh go rathúil agus maidir leis na himeachtaí gaolmhara Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh a chosaint. Tugann sé dá aire freisin an obair an-suntasach a rinne na Cigirí ina dhiaidh sin, a lean ar aghaidh lena gcuid oibre ar bhealach dícheallach cúramach.

Sa Tuarascáil ó na Cigirí, tairgtear ceachtanna tábhachtacha dóibh siúd a bhfuil sé de chúram orthu cuideachtaí Éireannacha a rialú maidir leis na caighdeáin rialachais a bhfuiltear ag súil leo faoin dlí.'

**Costas na Cigireachta**
Go díreach tar éis fhoilsiú na Tuarascála ó na Cigirí, luadh sa tráchtaireacht sna meáin go bhféadfadh go gcosnódh an Chigireacht níos mó ná €40m ar an Stát sa deireadh. Ba é €5.82m costas iarbhír na Cigireachta, agus níor tháinig aon chaiteachais bhreise ná aon dliteanais bhreise a d'fhéadfadh an méid sin a mhéadú ar aon bhealach suntasach chun cinn ón uair sin i leith.

**Tionchar ar an dúil san fhorfheidhmiú amach anseo**
Luadh freisin i dtráchtaireacht sna meáin tar éis fhoilsiú na Tuarascála ó na Cigirí gurbh amhlaidh, dá mbeadh drochiarmhairtí an imscrúdaithe ar INM chomh mór sin go bhféadfadh go mbeadh drogall ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ceapadh Cigirí a lorg amach anseo, ba bhoichte an tsochaí dá bharr. Aontaíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach go hiomlán leis sin – ba bhoichte an tsochaí dá bharr sin. Mar sin féin, ní gá go mbeadh aon eagla ar an bpobal ina leith sin. Rinneadh an t-iarratas chuig an Ard-Chúirt sa chás sin tar éis imscrúdú fada agus shásaigh an t-iarratas an Ard-Chúirt gur comhlíonadh go hiomlán an tairseach fianaise a bhí riachtanach chun údar a thabhairt le Cigirí arna gceapadh ag an gCúirt a cheapadh agus gur tháinig an ní faoi dhlínse na Cúirte, cé gur chuir an chuideachta in aghaidh an iarratais go láidir. Dá dtiocfadh imthosca chun cinn amach anseo ina mbeadh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim go bhfuil údar ann le hiarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar Chigirí a cheapadh, ní bheadh aon drogall ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach déanamh amhlaidh.

**Ceachtanna do stiúrthóirí cuideachta**
De bhreis ar fhorfheidhmiú, áirítear le feidhmeanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a spreagadh. Sa Tuarascáil ó na Cigirí, tairgtear ceachtanna tábhachtacha dóibh siúd a bhfuil sé de chúram orthu cuideachtaí Éireannacha a rialú maidir leis na caighdeáin rialachais a bhfuiltear ag súil leo faoin dlí.

## Forfheidhmiú coiriúil

**Torthaí forfheidhmiúcháin**
Le linn na bliana faoi athbhreithniú, ciontaíodh triúr aonair i gcionta coiriúla tar éis imscrúduithe ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Tar éis é a chiontú i naoi scór d'fhaisnéis bhréagach a sholáthar faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, agus i 73 scór de ghadaíocht agus i gcúig scór de mheabhlaireacht, forchuireadh pianbhreith príosúnachta seacht mbliana ar an Uas. Ebenezer Oduntan agus dícháilíodh é ó ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta ar feadh tréimhse cúig bliana.[4]

Tar éis dó pléadálacha ciontacha a thaifeadadh in dhá scór de mhainneachtain gach beart réasúnach a dhéanamh chun a chinntiú gur chomhlíon cuideachta a hoibleagáidí cuntasaíochta in imthosca inar tháinig na sáruithe chun cinn i ndáil le cuideachta a foirceannadh ina dhiaidh sin agus a raibh éiginnteacht shubstaintiúil ann maidir le sócmhainní agus dliteanais na cuideachta mar thoradh orthu, forchuireadh fíneáil €10,000 ar an Dr Andrew Jordan agus dícháilíodh é ó ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta ar feadh tréimhse cúig bliana.

'

4. Tá achomharc in aghaidh na breithe sin ar siúl faoi láthair.

Tar éis dó, le linn na bliana faoi athbhreithniú, pléadáil chiontach a thaifeadadh sa chion de chuid Acht na gCuideachtaí arb éard é Ordú Dícháilíochta a shárú, dícháilíodh an tUas. Thomas Colton i mí Aibreáin 2025 ó ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta ar feadh tréimhse deich mbliana eile agus forchuireadh pianbhreith príosúnachta naoi mí a bhí ar fionraí go hiomlán air.

Ag deireadh na bliana, bhí ceithre chomhad eile i seilbh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí lena breithniú maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart cúisimh a ordú agus, ina theannta sin, tá roinnt trialacha ar feitheamh de bhun cúisimh in aghaidh daoine aonair a bheith á n-ordú ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí roimhe seo.

'Ag deireadh na bliana, bhí ceithre chomhad eile i seilbh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí lena breithniú maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart cúisimh a ordú agus, ina theannta sin, tá roinnt trialacha ar feitheamh de bhun cúisimh in aghaidh daoine aonair a bheith á n-ordú ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí roimhe seo.'

**Aschur an fhorfheidhmiúcháin choiriúil**

Faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach cuntasach d'Aire den Rialtas, a fhéadfaidh, dá réir sin, roinnt dá fhreagrachtaí nó dá freagrachtaí ina leith sin a tharmligean chuig Airí Stáit. Ina theannta sin, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach cuntasach don Oireachtas agus dá Choistí agus do na cúirteanna. Prionsabal bunúsach de chuid na cuntasachta sin is ea gur féidir leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chuid gníomhartha agus breitheanna a mhíniú agus údar a thabhairt leo nuair a iarrann údarás iomchuí a bhfuil sé cuntasach go reachtúil dó air déanamh amhlaidh. Tá sé sin amhlaidh go háirithe nuair atá sé de chúram ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach maoirseacht a dhéanamh ar chistí poiblí agus aird a thabhairt ar an ról atá aige i rannchuidiú le muinín a chothú as Éirinn mar dhlínse dhea-rialáilte le haghaidh gnó a sheoladh inti.

Dhá thoradh atá ar oibleagáidí cuntasachta reachtúla an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach is ea:

i. go bhfágann an chuntasacht gur gá formhaoirseacht a dhéanamh, agus
ii. go mbítear ag súil leis go dtabharfaidh oifigigh an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach don Údarás an fhaisnéis a iarrann sé agus go nglacfaidh siad le breitheanna.

Maidir le hoibleagáidí reachtúla cuntasachta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus maidir leis na torthaí atá ar na hoibleagáidí sin, níor tháinig aon chonspóid astu ón uair a bunaíodh réamhtheachtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa bhliain 2001 i leith. Díríodh go géar orthu le linn na bliana faoi athbhreithniú, áfach, ós rud é:

- go raibh roinnt argóintí á gcur chun tosaigh maidir le teidlíocht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach i leith formhaoirseacht a dhéanamh ar obair a oifigeach. Ba iad na hargóintí sin ba chúis freisin le saincheisteanna maidir le fíorchineál iasachtaí na gcomhaltaí den Gharda Síochána chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus
- go raibh an tÚdarás ag déileáil le neamhthoilteanas gan fasach le glacadh le breitheanna, chomh maith le deacracht maidir le faisnéis, míniúcháin agus soiléirithe a lorgaíodh maidir le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin choiriúil a fháil.

Mar gheall ar na hargóintí thuasluaite a chur chun tosaigh, a bhreithniú agus a dhiúltú, ídíodh méid suntasach ama de chuid an lucht ardbhainistíochta le linn na tréimhse faoi athbhreithniú. Chuir sé sin isteach go mór ar an aird a tugadh ar na feidhmeanna tábhachtacha a bhfuil sé de chúram ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iad a chomhlíonadh.

Go sonrach, cuireadh argóintí chun tosaigh maidir leo seo a leanas:

i. cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, maidir le gníomhaíochtaí na gcomhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht agus iad ag gníomhú mar oifigigh de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, atá siad faoi réir mhaoirseacht agus fhormhaoirseacht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus, má tá, cén méid atá sé sin amhlaidh,
ii. cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i gcomhthéacs nithe coiriúla a ndéileálann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach leo, atá ról Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach/ról Chomhalta aonair ceaptha an Údaráis teoranta do thosaíochtaí straitéiseacha na heagraíochta a shocrú, agus
iii. cé acu atá nó nach bhfuil údarás cinnteoireachta ag an Údarás, agus ag a chuid oifigeach sibhialtach, i ndáil le himscrúduithe atá á seoladh in ainm an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach (e.g., faisnéis rúnda a fhaigheann oifigigh an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach i gcúrsa imscrúduithe an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a nochtadh de réir fhorálacha alt 944P d’Acht na gCuideachtaí, 2014).

Mar ab fhollasach ó na ceisteanna atá luaite thuas, bhain siad leis na saincheisteanna bunúsacha arb éard iad rialachas, cuntasacht agus formhaoirseacht. Tarraingíodh anuas iontu freisin saincheisteanna a bhaineann le neamhspleáchas reachtúil – idir neamhspleáchas reachtúil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus neamhspleáchas reachtúil an Chomhalta aonair arna cheapadh nó arna ceapadh ag Aire den Rialtas de bhun Acht den Oireachtas. Maidir le himpleachtaí na saincheisteanna a tarraingíodh anuas, bhí siad follasach maidir le cumas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun a shainordú forfheidhmiúcháin choiriúil a chomhlíonadh, sa mhéid is gur cuireadh léiriú in iúl nach bhféadfadh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin/Comhalta ceaptha aonair an Údaráis formhaoirseacht a dhéanamh go dlisteanach ar ghníomhaíochtaí oifigigh an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ná, dá réir sin, rioscaí gaolmhara a bhainistiú, cé go bhfuil an duine sin cuntasach go reachtúil d’Airí agus don Oireachtas araon as gníomhaíochtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Dá gcuirfí na hargóintí sin chun tosaigh go dtí a gcur i gcrích loighciúil, ba é a bheadh i gceann de na hiarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith acu ná go bhféadfadh go mbeadh ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach scor go hiomlán dá ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin choiriúil go dtí go ndéanfaí leasú reachtach a d’fhéadfadh a bheith an-suntasach. Ba sa chomhthéacs sin a rinneadh cinneadh, i mí Dheireadh Fómhair 2024, líonadh na bhfolúntas san Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach do chomhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht a chur siar ar bhonn sealadach.

Chuaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i ngleic go hiomlán leis na hargóintí thuasluaite, ar chostas am an lucht ardbhainistíochta agus ar chostas airgeadais. Tar éis dó déanamh amhlaidh, is deimhin leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach nach léirítear iontu an córas reachtúil a chuir an tOireachtas i bhfeidhm agus faoina bhfuil an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus a réamhtheachtaí ag feidhmiú le breis agus 20 bliain anuas. Sna míonna tosaigh den bhliain 2025, nuair ba dheimhin leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach go raibh na saincheisteanna thuasluaite curtha san áireamh go cúramach agus go hiomlán, cuireadh tús an athuair leis an gcaidreamh le lucht bainistíochta an Gharda Síochána maidir le folúntais a líonadh.

### An líon foirne atá ar iasacht a athnuachan

Is gá go ndéanfadh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, mar eagraíocht atá ag fás agus a bhíonn faoi ghrinnscrúdú seachtrach i gcónaí agus a mbítear ag súil le go leor uaithi, a inniúlachtaí imscrúdúcháin choiriúil a athnuachan ó am go ham. Go háirithe, tá sé tábhachtach go mbainfeadh líon foirne imscrúdúcháin choiriúil na heagraíochta leas ó am go ham as smaointe úra, as dearcthaí úra agus as taithí úr. Sa chomhthéacs sin, d'iarr an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach sna míonna tosaigh den bhliain 2025 ar Choimisinéir an Gharda Síochána, de réir théarmaí an Mheabhráin Tuisceana atá i bhfeidhm idir an dá eagraíocht, iasachtaí ceathrar comhaltaí a bhí ar iasacht a chur ar ceal.

Ag obair i gcomhpháirt le lucht bainistíochta an Gharda Síochána, sannfar comhaltaí nua ar iasacht in am trátha, trí aistrithe sealadacha agus trí phróisis iomaíocha a bheidh ar oscailt do gach comhalta cáilithe den Gharda Síochána. Ina theannta sin, is amhlaidh le linn na bliana faoi athbhreithniú a rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus lucht bainistíochta an Gharda Síochána iniúchadh ar an bhféidearthacht a bhaineann le Ceannfort a chur leis an líon comhaltaí ar iasacht a bheadh ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Ós rud é faoi láthair gurb í an chéim is sinsearaí dá ndéantar soláthar sa líon comhaltaí ar iasacht de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ná céim an Bhleachtaire-Chigire, bheadh an leithdháileadh sin ina mhéadú an-suntasach ar inniúlachtaí forfheidhmiúcháin choiriúil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach dá mba rud é go dtabharfaí chun críche é. Ar deireadh, is léir ónár gcaidreamh leanúnach le lucht bainistíochta an Gharda Síochána go bhfeictear ar iasacht chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach mar rogha tharraingteach do chomhaltaí an Gharda Síochána.

### Cáilíocht

Tá sé tábhachtach a chur in iúl go soiléir nach bhfuil san fhorfheidhmiú coiriúil ach comhpháirt amháin de ghníomhaíochtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun Acht na gCuideachtaí, 2014, a fhorfheidhmiú. Is ionann an tábhacht a bhaineann le gach ceann de na trí shnáithe gníomhaíochta forfheidhmiúcháin, arb iad forfheidhmiú sibhialta agus forfheidhmiú a bhaineann le cuideachtaí dócmhainneacha faoi seach na snáitheanna eile iad.


An rud a dhéanann idirdhealú idir forfheidhmiú coiriúil agus na snáitheanna eile, áfach, is ea gur féidir le trialacha coiriúla teacht as imscrúduithe, áit a bhfuil ciontacht nó neamhchiontacht daoine aonair i gceist. Tá na hiarmhairtí a ghabhann le ciontú de chineál go ndéanann na cúirteanna scrúdú dian ar na próisis a úsáidtear in imscrúduithe. Ar an gcúis sin, bíonn cáilíocht chomh tábhachtach le cainníocht.

Príomhnithe a bhrúnn cáilíocht chun cinn is ea formhaoirseacht agus cuntasacht. Baineann cáilíocht le hobair atá ar ardchaighdeán agus a chomhlánaítear le próisis trína seachnaítear earráidí inseachanta agus trína ndéantar na hearráidí a tharlaíonn a bhrath agus a mhaolú agus trína gcinntítear nach dtarlóidh siad choíche. Tá cáilíocht le leas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, le leas na ndaoine sin a oibríonn laistigh de, le leas na ndaoine sin a imscrúdaíonn sé, agus, sa deireadh, le leas an phobail.

## Focail scoir

Ar mo shon féin, agus thar ceann an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, ba mhaith liom ár mbuíochas ó chroí a ghabháil leis an Aire Dara Calleary as an tacaíocht leanúnach a thug sé don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar fud a théarma oifige. Ba mhaith liom, mar an gcéanna, buíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe sa Roinn, a thugann tacaíocht leanúnach dúinn agus ar leosan a bhainimid leas as caidreamh dearfach cuiditheach oibre. Tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag súil le leanúint ar aghaidh ag obair leis an Aire Burke agus leis an Aire Smyth sna blianta atá le teacht. Ba mhaith liom freisin ár mbuíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a thug a gcuid ama chomh flaithiúil sin chun labhairt ag comhdháil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, rud, mar atá luaite in áit eile istigh anseo, ar éirigh go geal leis – go háirithe mar gheall ar cháilíocht na gcainteoirí agus mar gheall ar na léargais a thug siad do na toscairí.

Mar is léir ó ábhar na tuarascála seo, rinneadh sárobair ar fud na heagraíochta le linn na bliana chun sainordú reachtúil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chur chun cinn. Gabhaim buíochas le mo chomhghleacaithe ina leith sin – ní hamháin as a dtiomantas agus a ndúthracht don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus dá shainordú reachtúil, ach as a dtacaíocht freisin.



**Ian Drennan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
agus Comhalta ceaptha aonair an Údaráis

# Ar sracfhéachaint

## Inniúlacht Oibríochtúil a Fhorbairt

- Ceadúnas earcaíochta 2024
- 72 bhall foirne

## Oiliúint

- An dlí Eorpach agus dlí na gcuideachtaí
- Frithsciúradh airgid
- Cibearshlándáil
- Comhlíonadh dlíthiúil agus rialála
- Saincheisteanna LADTAI+ a thuiscint
- An t-athrú aeráide agus inbhuanaitheacht

## Tathant

**599** An líon Síntiúsóirí leis an Nuachtlitir

**46** An líon Imeachtaí agus Taispeántas

**139** An líon Gné-Alt sna Meáin

## Gearáin/Tuarascálacha

**272** An líon Gearán a Fuarthas

**9** An líon Tuarascálacha Scrúdaitheoirí

**8** An líon Nochtaí Cosanta Seachtracha a Fuarthas

**157** An líon Tuarascálacha Ciona Indíotáilte

**29** Líon Tuarascálacha SCARP

## Maoirseacht Dócmhainneachta Corparáidí

**984** An líon Tuarascálacha Leachtaitheoirí

**98** An líon Srianta Stiúrthóirí

**22** An líon Dícháilithe Stiúrthóirí

## Imscrúdú

**52** An líon Orduithe Cúirte a fuarthas/a eisíodh

**145** An líon Ráiteas ó Fhinnéithe

**4** An líon Agallamh Deonach faoi Fholáireamh

**7** An líon daoine a gabhadh

**4** An líon comhad a cuireadh isteach chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

# Réamhrá

TLe hachtú Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021, rud lenar leasaíodh Acht na gCuideachtaí, 2014, tugadh an bonn reachtúil le bunú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. An 7 Iúil 2022, shínigh Leo Varadkar TD, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag an am, Ordú Acht na gCuideachtaí, 2014 (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) (Lá Bunaithe), 2022, isteach sa dlí agus, trí dhéanamh amhlaidh, bhunaigh sé an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le héifeacht ón dáta sin.

De réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí, 2014, cumhdaítear leis an Tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024.

## Misean

Freastal ar leas an phobail, agus leas an phobail a chur chun cinn, trí ardleibhéil chomhlíonta a chinntiú i leith dhlí na gcuideachtaí trí thathant atá éifeachtach agus trí fhorfheidhmiú comhréireach, láidir agus athchomhairleach.

## Fís

Gníomhaireacht forfheidhmiúcháin a bhfuil iontaoibh ag an bpobal aisti agus a bhfuil an-mheas ag ár ngeallsealbhóirí agus ár gcontrapháirtithe uirthi, ar gníomhaireacht í a rannchuidíonn le cosaint phoiblí agus leis an gclú atá ar Éirinn mar gheilleagar sábháilte dea-rialáilte chun infheistiú ann agus chun fostaíocht a chruthú ann.

## Luachanna

Is iad Gairmiúlacht, Ionracas agus Neamhspleáchas na luachanna atá leagtha síos againn dúinn féin, tar éis dul i gcomhairle lenár mbaill foirne.

## Ár straitéis

Ar dháta a bhunaithe, d'fhoilsigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an Ráiteas Straitéise uaidh don tréimhse 2022-2025.

Le linn dúinn ár sainordú reachtúil a chomhlíonadh agus ár bhfís don eagraíocht a shaothrú, ghlacamar straitéis thríthaobhach don tréimhse 2022-2025. Cuimsítear an méid seo a leanas sa straitéis sin, atá ag teacht le cineál nuathionscanta na heagraíochta agus leis an sainchúram déach atá orainn comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a spreagadh agus neamhchomhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a fhorfheidhmiú:

| | |
|---|---|
| **Colún 1** | Struchtúir rialachais a leabú, inniúlacht oibríochtúil a fhorbairt agus láithreacht a bhunú |
| **Colún 2** | Tathant a dhéanamh agus tionchar a imirt go héifeachtach |
| **Colún 3** | Córais éifeachtacha forfheidhmiúcháin chomhréirigh, láidir agus athchomhairligh a oibriú |

## Rath a thomhas

Sa Ráiteas Straitéise 2022-2025 uainn, leagamar amach freisin roinnt de na dóigheanna ina ndéanfaimis éifeachtacht ár straitéise thar an tréimhse sin a thomhas. Ar na táscairí bhí:

- struchtúir rialachais a bhunú agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chur chun feidhme ina iomláine,
- cairt luachanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a fhorbairt,
- baill foirne atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí chuí acu a earcú, ar daoine iad a fhoinsítear, a mhéid is mó is indéanta, trí chomórtais oscailte, rud a thugann rochtain don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar an mbuíon is leithne tallainne is féidir atá ar fáil,
- infheistíocht leanúnach spriocdhírithe a dhéanamh in oiliúint agus forbairt,
- láithreacht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar na meáin shóisialta, agus an líon leantóirí atá aige, a mhéadú,
- freagairtí a fhorbairt do shaincheisteanna a bhíonn ag athrú agus a bhíonn ag teacht chun cinn,
- an córas maoirseachta dócmhainneachta corparáidí a oibriú go héifeachtach,
- imscrúduithe, imscaradh cothrom acmhainní forfheidhmiúcháin an CEA, agus cuspóirí straitéiseacha á gcur san áireamh, agus
- infheistiú sa teicneolaíocht, agus leas a bhaint aisti, i ngníomhaíochtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin.

Úsáidtear cás-staidéir sa tuarascáil seo chun samplaí nithiúla a thabhairt de na cineálacha éagsúla forfheidhmiúcháin a dhéanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus chun comhthéacs a chur leis an tionchar atá ag ár gcuid oibre ar dhaoine aonair, ar chuideachtaí agus ar an bpobal i gcoitinne. Baineadh ainmneacha de roinnt de na mionsonraí sna cás-staidéir sin ar chúiseanna rúndachta. I gcásanna ina bhfuil an fhaisnéis san fhearann poiblí cheana féin, áfach, tugtar ainm na gcuideachtaí agus na ndaoine aonair lenar bhain.

# An fhoireann shinsearach ceannaireachta

Tá an fhoireann shinsearach ceannaireachta comhdhéanta den Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus d'ochtar oifigeach ar leibhéal an Stiúrthóra:

- An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Sibhialta,
- An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Coiriúil,
- An Stiúrthóir um Imscrúduithe Digiteacha agus Anailísíocht,
- An Stiúrthóir um Airgeadas agus TFC,
- An Stiúrthóir um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta,
- An Stiúrthóir um Maoirseacht Dócmhainneachta,
- An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí, agus
- An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí agus Beartas.

Ag obair dóibh faoi stiúir agus faoi mhaoirseacht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, áirítear le freagrachtaí na Stiúrthóirí:

- an straitéis a chur i ngníomh,
- comhlíonadh éifeachtach fheidhmeanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach,
- cultúr gairmiúlachta, ionracais agus neamhspleáchas a chur chun cinn,
- riosca a bhainistiú, lena n-áirítear riosca airgeadais, dlíthíochta agus clú,
- a leithdháiltí buiséid a bhainistiú,
- rialuithe airgeadais agus rialuithe eile a oibriú, lena n-áirítear rialuithe atá ceaptha chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc agus chun sócmhainní an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chosaint, agus
- luach ar airgead a sholáthar mar ghníomhaireacht a fhaigheann cistiú poiblí.

## Foireann shinsearach ceannaireachta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach[1]



**Ian Drennan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Is é Ian Drennan Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Comhalta ceaptha aonair an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tá taithí fhairsing aige ar réimsí an imscrúdaithe, na rialála agus an fhorfheidhmiúcháin shibhialta agus choiriúil agus ar eintitis a bhfuil sainordú le leas an phobail acu a threorú, ós rud é go raibh sé i seilbh post roimhe seo mar Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann.

Is comhalta é den Chomhairle Chomhairleach in aghaidh Coireacht Eacnamaíoch agus Éilliú, den Choiste Stiúrtha um Fhrithsciúradh Airgid agus de Ghrúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí. Chomh maith leis sin, is comhalta é de Chomhairle na nDochtúirí Leighis, an rialálaí reachtúil ar dhochtúirí leighis in Éirinn, áit a bhfuil sé ar an gCathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus ina chomhalta den Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.

Mar chuntasóir de réir gairme, tá cáilíochtaí aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC), ó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit COBÁC agus ó Chumann Onórach Óstaí an Rí.

1. Amhail an 31 Nollaig 2024.



**Rebecca Coen**
An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Coiriúil

Sula ndeachaigh sí isteach san Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, bhí Rebecca ar an Stiúrthóir Taighde leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, ar comhlacht reachtúil é a bhfuil sé mar mhisean aige dlí na hÉireann a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach. Ón mbliain 2008 go dtí an bhliain 2020, bhí Rebecca ina hionchúisitheoir sinsearach ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Is abhcóide í Rebecca agus tá cáilíochtaí iarchéime aici ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus ó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit COBÁC. Tá sí mar údar le leabhar ar chumhachtaí an Gharda Síochána (Garda Powers: Law and Practice, Clarus Press, 2014) agus tá sí mar chomhúdar le leabhar ar an dlíthíocht choiriúil (Criminal Litigation, 4th ed., Oxford University Press, 2016).



**Mary Daly**
An Stiúrthóir um Airgeadas agus TFC

Chuaigh Mary isteach san eagraíocht arbh í réamhtheachtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach í mar Chuntasóir Fóiréinseach, tar éis di cleachtadh roimhe sin i gcáil phríobháideach. Thar thréimhse a gairme, bhí raon leathan ról sinsearach airgeadais ag Mary in eagraíochtaí ilnáisiúnta atá liostaithe go poiblí, in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe araon. I measc na bhfreagrachtaí a bhí uirthi bhí tuairisciú reachtúil, bainistíochta agus rialála a dhéanamh, córais airgeadais a chur chun feidhme agus a fheabhsú, agus roinnt tionscadal domhanda rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a bhainistiú.

Is Comhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte í Mary agus tá dioplómaí iarchéime aici i gCuntasaíocht Fhóiréinseach (Cuntasóirí Cairte Éireann) agus i gCoireacht Chorparáideach, Bóna Bháin agus Rialála (Cumann Onórach Óstaí an Rí).



**An Dr Michael Dillon**
An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí

Rinne Michael staidéar ar dhlí sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, áit ar chuir sé Dochtúireacht i nDlí Coiriúil i gcrích freisin. Mar abhcóide in Éirinn, chleacht Michael go fairsing sa dlí coiriúil, sa dlí tráchtála, sa dlí riaracháin, san athbhreithniú breithiúnach agus sa dlí bunreachtúil. D'fhóin Michael mar LeasArd-Aighne aonair do Chríoch Thar Lear Oileáin na dTurcach agus Caicos de chuid na Ríochta Aontaithe agus mar LeasArd-Rúnaí de facto do phunann Aireachta a Rannóg Tailte ar feadh breis agus ceithre bliana. Rinne sé ionadaíocht do Rialtas na Stát Aontaithe i gcásanna eiseachadta lenar bhain calaoiseoirí scéimeanna Ponzi, an gháinneáil ar dhaoine agus an smuigléireacht. Rud ba dhéanaí fós, bhí Michael i gceannas ar fhoireann dlíthíochta foirgníochta i bpríomhghnólacht dlí atá bunaithe in Dubai ina dhlínsí dlí choitinn. Scríobh Michael an príomh-théacsleabhar dlí choiriúil ar dhlí na meisce (The Law of Intoxication: A Criminal Defence, Round Hall, 2015).



**David Hegarty**
An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí agus Beartas

Is abhcóide de réir gairme é David agus d'oibrigh sé roimhe seo mar Bhainisteoir Punainne Forfheidhmiúcháin san eagraíocht arbh í réamhtheachtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach í. Cháiligh David mar aturnae sa bhliain 2002 agus d'aistrigh sé chuig an mBarra sa bhliain 2006, áit ar chleacht sé go príomha i réimse na cosanta coiriúla agus na habhcóideachta.

Roimhe sin, bhí sé ina Abhcóide Comhairleach in Oifig an Chomhairleora Dlí Parlaiminte, áit ar chuir sé comhairle ar Choimisiún Thithe an Oireachtais, ar Sheirbhís Thithe an Oireachtais agus ar Choistí Parlaiminte maidir le nithe a bhaineann leis an dlí bunreachtúil, leis an dlí parlaiminte agus leis an dlí riaracháin. D'oibrigh sé freisin mar oifigeach dlí i Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX) agus sa Bhinse Speisialta don Liobáin sa Háig, áit ar oibrigh sé i Seomraí na mBreithiúna le breithiúna idirnáisiúnta a bhí ag éisteacht cásanna lenar bhain an choireacht eacnamaíoch, an t-éilliú, mí-úsáid oifigí poiblí, coireanna cogaidh agus comhcheilg chun sceimhlitheoireacht a dhéanamh.



**Fallon Judge**
An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Sibhialta

Is í Fallon Judge an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Sibhialta. Roimhe sin, bhí Fallon ina Cuntasóir Fóiréinseach Sinsearach san Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus, le linn di a bheith ag obair sa ról sin, ghnóthaigh sí taithí fhairsing ar an imscrúdú sibhialta agus ar an imscrúdú coiriúil araon. Roimhe sin, d'oibrigh Fallon i ngnólacht cuntasaíochta idirnáisiúnta, áit a ndearna sí speisialtóireacht i réimsí na dócmhainneachta agus an ghnóthaithe chorparáidigh.

De bhreis ar Fallon a bheith ina Comhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte, is comhalta d'Institiúid Cánach na hÉireann í freisin. Tá dioplómaí iarchéime ag Fallon freisin i gCoireacht Chorparáideach, Bóna Bháin agus Rialála (Cumann Onórach Óstaí an Rí), i gCuntasaíocht Fhóiréinseach (Cuntasóirí Cairte Éireann) agus i nDócmhainneacht (Cuntasóirí Cairte Éireann). Chomh maith leis sin, tá céim B.Sc. in Ailtireacht (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste) aici.



**Cathy Shivnan**
An Stiúrthóir um Maoirseacht Dócmhainneachta

Is aturnae í Cathy Shivnan agus tá Céim Baitsiléara i nDlí Sibhialta aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, tá dioplóma iarchéime i nDócmhainneacht agus Athstruchtúrú Corparáideach (Dlí-Chumann na hÉireann) aici agus tá ard-dioplóma i gCoireacht Chorparáideach, Bóna Bháin agus Rialála (Cumann Onórach Óstaí an Rí) aici.

Sula ndeachaigh sí isteach san Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, d'oibrigh Cathy sa tSeirbhís Chúirteanna agus i róil éagsúla in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Áiríodh leis na róil sin ról mar aturnae i bhfoireann Tráchtála agus Dlíthíochta Rannóg Aturnaetha na gCoimisinéirí Ioncaim. Chomh maith leis sin, ba í an Ceann um Aonad Dócmhainneachta na gCoimisinéirí Ioncaim i mBaile Átha Cliath í, áit ar bhainistigh sí gach gné de rannpháirtíocht na gCoimisinéirí Ioncaim i leachtuithe, i nglacadóireachtaí agus i scrúdaitheoireachtaí.

Sa bhliain 2024, toghadh Cathy mar chomhalta de Choiste Feidhmiúcháin Chumann Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dócmhainneachta.

# Colún 1

## Struchtúir rialachais a leabú, inniúlacht oibríochtúil a fhorbairt agus láithreacht a bhunú

# Cuspóirí straitéiseacha

Ar aon dul le cineál nuathionscanta na heagraíochta, cuimsítear na nithe seo a leanas sa cholún seo dár straitéis:

1. Struchtúir rialachais agus luachanna na heagraíochta a leabú,
2. Inniúlacht oibríochtúil a fhorbairt, agus
3. Láithreacht a bhunú.

## 1. Struchtúir rialachais agus luachanna na heagraíochta a leabú

**Cuntasacht reachtúil**
De réir Acht na gCuideachtaí, 2014, déanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

- nuair is gá, fianaise a thabhairt don Choiste um Chuntais Phoiblí de chuid Dháil Éireann i ndáil le rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a thaifeadtar in aon leabhar nó in aon taifead cuntais atá faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste,
- arna iarraidh sin do Choiste de chuid ceachtar Teach den Oireachtas, nó do Chomhchoiste, freastal os comhair an Choiste sin nó an Chomhchoiste sin agus cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach,
- na cuntais go léir is cuí agus is gnách, i cibé foirm a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, ar an airgead ar fad a gheobhaidh agus a chaithfidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus
- ráitis airgeadais reachtúla a ullmhú don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Ráitis airgeadais reachtúla an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, mar aon le tuairim iniúchóireachta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu sin, tá siad leagtha amach sa rannán um Ráitis Airgeadais agus Tuairisciú Rialachais den tuarascáil seo.

**An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód)**
Mar ghníomhaireacht Stáit, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi réir fhorálacha an Chóid. Ceanglaítear leis an gCód nach mór don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

- struchtúir agus bearta rialachais áirithe a chur chun feidhme (mar shampla, i réimse an rialaithe inmheánaigh, i réimse na bainistíochta riosca agus i réimse na hiniúchóireachta inmheánaí), agus
- nochtaí áirithe a dhéanamh sna tuarascálacha bliantúla uaidh. Maidir leis na nochtaí sin a cheanglaítear faoin gCód, tá siad leagtha amach sa rannán um Ráitis Airgeadais agus Tuairisciú Rialachais den tuarascáil seo.

Tasc suntasach le linn na tréimhse faoi athbhreithniú ba ea dearadh agus cur chun feidhme leantach a dhéanamh ar na struchtúir, na bearta agus na próisis ba ghá chun a chinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an Cód.

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Tacaíonn Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach le Comhalta ceaptha aonair an Údaráis maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le rialú inmheánach, le tuairisciú airgeadais, le rialachas agus le bainistíocht riosca. Go háirithe, tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca dearbhú go bhfuil córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánaí, faoi réir formhaoirseacht neamhspleách.

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, ba iad an tUas. Dónall Curtin (Cathaoirleach), Daneve Harris Uas. agus an tUas. Paul Kerrigan comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá an Stiúrthóir um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta ina chomhalta den Choiste freisin.

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire sa bhliain 2024..

**Dónall Curtin**

Is cuntasóir, stiúrthóir boird agus ceannaire gnó ag a bhfuil taithí é Dónall. Tá a chúlra san airgeadas, sa rialachas corparáideach, san iniúchóireacht agus sa bhainistíocht riosca.

Tá an-taithí ag Dónall ar fhónamh ar Choistí Iniúchóireachta agus Riosca san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon, lena n-áirítear le hOllscoil Caerdydd, leis an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (mar Chathaoirleach), leis an Student Loans Company (Glaschú), le hOmbudsman Sheirbhís Phoiblí Thuaisceart Éireann (mar Chathaoirleach) (Béal Feirste), leis an Royal Pharmaceutical Society (mar Chathaoirleach) (Londain), leis an Institute and Faculty of Actuaries (Londain), leis an Architects Registration Board (Londain), le Registers of Scotland (Dún Éideann), leis an Bar Council agus an Bar Standards Board (Londain) (mar Chathaoirleach) agus leis an Údarás Rialála Limistéir Mhuirí.

**Daneve Harris**

Is Stiúrthóir Ciste Infheistíochta Deimhnithe agus Iontaobhaí Pinsin Cáilithe í Daneve agus tá dioplóma sa Rialachas Corparáideach aici. Tá breis is 25 bliana caite aici ag obair san earnáil seirbhísí airgeadais agus tá cúlra láidir aici sa rialachas, san fhormhaoirseacht agus sa bhainistíocht riosca. Bhí Daneve ina comhalta freisin ar bhoird Stáit agus ar bhoird charthanais, agus bhí sí ina comhalta dá gCoistí Iniúchóireachta agus Riosca faoi seach. Is curadh éagsúlachta í Daneve agus déanann sí cathaoirleacht ar choiste um Éagsúlacht agus Cuimsiú. Tá teastas in Airgeadas Freagrach agus Inbhuanaithe aici freisin.

**Paul Kerrigan**

Is aturnae é Paul. Is Abhcóide Ginearálta agus Príomhoifigeach Riosca do Deloitte Ireland é. Tá Paul ina bhall d'fhoireann shinsearach ceannaireachta Deloitte, áit a bhfuil freagracht air as gach ní dlíthiúil agus riosca agus a gcuireann sé comhairle ar an gComhpháirtí Bainistíochta agus ar an bhFeidhmeannas maidir le nithe dlíthiúla agus rialála, maidir le comhlíonadh, agus maidir le réimsí ríthábhachtacha eile.

### Feidhm iniúchóireachta inmheánaí

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí i bhfeidhm ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Ag féachaint do scála na heagraíochta, oibríonn an fheidhm sin ar shamhail sheachfhoinsithe. Tar éis cleachtadh soláthair, ceapadh Crowley's DFK mar iniúchóirí inmheánacha an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tuairiscíonn an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus oibríonn sí de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

### Nochtaí rialachais

Maidir leis an tsraith iomlán nochtaí rialachais a cheanglaítear leis an gCód, mar aon le mionsonraí faoi na struchtúir, bearta agus próisis bhunúsacha, tá siad leagtha amach sa rannán um Ráitis Airgeadais agus Tuairisciú Rialachais den tuarascáil seo.

### Cuntasacht don Aire

Gach bliain, téann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta isteach i gComhaontú Formhaoirseachta, Soláthar Feidhmíochta agus Seirbhíse. Leagtar amach sa Chomhaontú Formhaoirseachta, Soláthar Feidhmíochta agus Seirbhíse an leibhéal feidhmíochta a bhfuil an Roinn ag súil leis ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus na tacaí atá le soláthar ag an Roinn don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. De bhreis air sin, agus de réir mar is gá, comhlíonann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach oibleagáidí cuntasachta don Aire agus dá Roinn ar bhealaí éagsúla, mar shampla trí fhaisnéis airgeadais agus eile a sholáthar ar bhonn rialta agus trí chruinnithe rialta teagmhála.

### Luachanna eagraíochta

Sular glacadh tacar luachanna lena gcuirfí uaillmhianta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach in iúl, cuireadh próiseas fairsing comhairliúcháin ar siúl lenár bhfoireann. Tháinig trí luach as an bpróiseas sin, agus iad ag léiriú na físe comhroinnte, na n-iompraíochtaí comhroinnte agus na bprionsabal comhroinnte lena dtreoraítear ár mbaill foirne agus iad ag comhlíonadh a ról agus a bhfreagrachtaí. Ba iad seo a leanas na luachanna a roghnaigh foireann an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach:


- Gairmiúlacht,
- Ionracas, agus
- Neamhspleáchas.

Agus iad ag iarraidh na luachanna sin a leabú laistigh den eagraíocht:

- bítear ag súil leis go ndéanfaidh an fhoireann shinsearach ceannaireachta na luachanna sin a chuimsiú agus go mbeidh sí ina heiseamláir, agus
- bítear ag súil leis go léireoidh na baill foirne uile na luachanna sin ina n-idirghníomhaíochtaí ar fad lena gcomhghleacaithe agus lenár ngeallsealbhóirí araon.

## 2. Inniúlacht oibríochtúil a fhorbairt

### Struchtúr Oibríochtúil




Leagtar amach sa chairt seo struchtúr eagraíochtúil ginearálta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

OC: Oifigeach Cléireachais OF: Oifigeach Feidhmiúcháin AOF: Ardoifigeach Feidhmiúcháin

### Earcaíocht

Is ag brath ar shaineolas agus ar tiomantas ár ndaoine a bhíonn cumas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun a chuspóirí reachtúla a bhaint amach. Mar shainghníomhaireacht, táimid tiomanta do dhaoine a bhfuil cumas iontu agus a bhfuil acu na cáilíochtaí, an taithí agus na scileanna atá riachtanach chun ár misean a chomhlíonadh a mhealladh agus a choinneáil.

Le linn na bliana 2024, neartaíomar ár n-inniúlachtaí tuilleadh trí leanúint le húsáid a bhaint as ár gceadúnas earcaíochta ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Is é ról an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí a chinntiú go ndéanann na heintitis sin atá ceadúnaithe aige chun earcú isteach sa tseirbhís phoiblí an earcaíocht sin de réir na gcaighdeán iompair is airde. Trí oibriú faoin gceadúnas sin, léirímid ár dtiomantas do na caighdeáin sin a choinneáil ar bun inár ngníomhaíochtaí earcaíochta uile, agus cothroime, trédhearcacht agus roghnú atá bunaithe ar thuillteanas á gcinntiú.

Tá bród orainn as próisis roghnúcháin atá oscailte agus cuimsitheach a chur chun cinn, á chinntiú go mbíonn gach ceapachán bunaithe ar fhiúntas agus ailínithe le prionsabail an chomhionannais agus na héagsúlachta. Áirítear na nithe seo a leanas lenár straitéisí réamhghníomhacha earcaíochta:

- Fógraíocht fhairsing – bainimid úsáid as ardáin éagsúla, lena n-áirítear an leathanach gairmeacha ar ár suíomh Gréasáin, na meáin shóisialta, agus cainéil spriocdhírithe tionscail, chun a chinntiú go sroicheann ár bhfolúntais buíon leathan éagsúil iarrthóirí,
- Ardú céime inmheánach agus soghluaisteacht inmheánach – spreagaimid iarratais inmheánacha agus soláthraímid deiseanna le haghaidh dul chun cinn gairme laistigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, chomh maith le soghluaisteacht isteach agus amach a éascú laistigh den Státseirbhís i gcoitinne,
- Cumarsáid thrédhearcach – coinnímid ár bhfoireann ar an eolas faoi na folúntais uile a thagann aníos agus spreagaimid go gníomhach iad chun deiseanna a chur in iúl do dhaoine atá laistigh dá líonraí.

Trí ghlacadh leis na cleachtais sin, táimid ag tógáil fórsa saothair dinimiciúil agus cumasach a léiríonn éagsúlacht shochaí na hÉireann agus atá in ann dul i ngleic leis na dúshláin chasta a bhaineann le habhcóideacht éifeachtach agus le forfheidhmiú corparáideach. Bainfidh ríthábhacht leis an tiomantas sin do shármhaitheas agus do chuimsiú de réir mar a leanaimid ar aghaidh ag fás agus ag forbairt.

### Gníomhaíocht earcaíochta – baill foirne shibhialtacha

Rinneadh méid suntasach gníomhaíochta earcaíochta sa bhliain 2024, ar lena linn a líonadh poist nuacheadaithe (e.g., i réimse an rialachais agus an airgeadais, mar aon le gairmithe dlí) agus folúntais a tháinig chun cinn araon. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach feachtais earcaíochta a reáchtáil nó a thosú le haghaidh na bpost sinsearach/na sainphost seo a leanas:

- An Stiúrthóir um Imscrúduithe Digiteacha agus Anailísíocht,
- An Stiúrthóir um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta,
- Cuntasóir Fóiréinseach Sinsearach,
- Bainisteoir Maoirseachta Dócmhainneachta Sinsearach,
- Bainisteoir TFC Sinsearach,
- Comhairleoirí Dlí Sinsearacha, agus
- Ardfheidhmeannaigh Dhlí.

Ag teacht leis an bhfíric gur eagraíocht thar a bheith tarraingteach le dul ag obair inti é an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus go ngabhann deiseanna le haghaidh dul chun cinn gairme leis an taithí a ghnóthaítear laistigh den eagraíocht, mheall na comórtais thuas ardleibhéal spéise ó iarrthóirí a raibh na cáilíochtaí cuí acu agus a raibh an taithí chuí acu.

De bhreis ar fheachtais earcaíochta a reáchtáil faoina cheadúnas, rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, i gcás go raibh sé oiriúnach dá riachtanais, iarrthóirí a tharraingt anuas ó phainéil iarrthóirí cáilithe ar bhunaigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí iad agus d'oibrigh sé i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí earcaíochta eile chun a bhuíon daoine oilte agus a rochtain ar shaineolas speisialaithe a mhéadú.

Sa bhliain 2024, sheol an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach próiseas iomaíoch tairisceana chun na seirbhísí earcaíochta dlí is fearr is féidir a áirithiú, agus é ag cloí lena thiomantas do thrédhearcacht, do chothroime agus do luach ar airgead i ngach gníomhaíocht soláthair.

## An líon oifigeach

Bíonn éifeachtacht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus é ag saothrú a mhisin ag brath ar fhórsa saothair a bhfuil na scileanna oiriúnacha, an t-oideachas oiriúnach agus an taithí oiriúnach aige a bheith aige. Mar eagraíocht ildisciplíneach, tharraingíomar neart ó líon oifigeach éagsúil, lena n-áirítear státseirbhísigh, comhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht, agus gairmithe sa dlí, sa chuntasaíocht agus san fhóiréinsic dhigiteach.

**TÁBLA 1**

Líon Foirne an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach

| Baill Foirne | Amhail an 1 Eanáir 2024 | Amhail an 31 Nollaig 2024 |
|---|---|---|
| Baill Foirne Shibhialtacha | 55 | 56 |
| Comhaltaí den Gharda Síochána atá ar Iasacht | 15 | 14 |

## Ainmniúcháin foirne ó RFTF

Forbairt shuntasach sa bhliain 2024 ba ea an próiseas foirmiúil ainmniúcháin do bhaill foirne a bhí ina mbaill foirne de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) sular bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. I gcomhréir le nósanna imeachta bunaithe, tairgeadh deis do na baill foirne de chuid RFTF filleadh ar a máthair-roinn nó, de rogha air sin, a theacht chun bheith ina bhfostaithe buana de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tá áthas orainn a thuairisciú gur roghnaigh 85% de na baill foirne lenar bhain fanacht leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar bhonn buan. Léirítear sa toradh sin an tiomantas, an dúthracht agus an dílseacht atá ag ár bhfoireann don eagraíocht seo agus dá misean.

## Oiliúint agus forbairt

Sa bhliain 2024, bhí tionscnaimh oiliúna ina léiriú ar ár dtiomantas d'fhórsa saothair ar mhórán scileanna agus ar mhórán eolais a fhorbairt, ar aon dul le tosaíochtaí straitéiseacha na heagraíochta. Dhíríomar ar chláir oiliúna spriocdhírithe a sholáthar lenar tugadh aghaidh ar riachtanais ar fud an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus ar riachtanais shonracha na Stiúrthóireachtaí aonair. Leagtar béim sa tuarascáil seo ar phríomhthéamaí oiliúna agus ar a dtionchar ar ár bhfostaithe.

## Príomhthéamaí Oiliúna

Tá sé ríthábhachtach don eagraíocht go mbeimis ar an eolas faoi na forbairtí ábhartha uile ar fud ár Stiúrthóireachtaí éagsúla. Mar léiriú ar an méid sin, leanamar sa bhliain le hinfheistiú go mór in oideachas agus oiliúint a chur ar ár ndaoine agus in iad a fhorbairt. Áiríodh lenár n-infheistíocht sa bhliain na réimsí seo a leanas:

- dlí na gcuideachtaí,
- an dlí,
- tuairisciú airgeadais agus cáin,
- imscrúduithe rialála,
- oiliúint d'fhinnéithe saineolacha,
- ábhair a bhaineann le TF, lena n-áirítear cibearshlándáil,
- cuntasaíocht fhóiréinseach,
- pribhléid dhlíthiúil,
- frithsciúradh airgid,
- soláthar,
- forbairt bainistíochta,
- dlí na hiomaíochta agus dlí na dtomhaltóirí,
- saoráil faisnéise,
- óráidíocht phoiblí agus láithreoireachtaí a thabhairt le tionchar, agus
- an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

Ina theannta sin, thugamar oiliúint do bhaill foirne iontu seo a leanas:

- freagairt garchabhrach,
- bainistíocht ama,
- scileanna athléimneachta pearsanta,
- téarmaíocht LADTAI+ a thuiscint/a thuiscint conas tacú le comhghleacaithe LADTAI+,
- déileáil le fiachas,
- tacú le híospartaigh an fhoréigin baile agus na mí-úsáide baile,
- an t-athrú aeráide agus inbhuanaitheacht, agus
- láimhsiú sábháilte.

## Comhar

Féachann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach lena acmhainn oibriúcháin a bhreisiú trí chomhar le gníomhaireachtaí eile rialála, forfheidhmiúcháin agus ionchúisimh, lena n-áirítear an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Banc Ceannais na hÉireann, Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus an Rialálaí Carthanas. Tarlaíonn comhar den sórt sin i bhfóraim amhail an Chomhairle Chomhairleach agus an Fóram Rialálaithe Sinsearacha (a luaitear ina dhiaidh seo istigh anseo) agus trína chaidreamh déthaobhach le gníomhaireachtaí iomchuí. I measc an chomhair tá:

- faisnéis atá ábhartha dá sainchúram faoi seach, ar faisnéis í atá faoi rún ar shlí eile, a sholáthar trí thairseacha reachtúla,
- faisnéis agus eispéiris atá ábhartha don seoladh imscrúduithe a chomhroinnt, agus
- tionscnaimh chomhroinnte oiliúna agus forbartha.

**90%**
**An céatadán de rannpháirtithe a vótáil ar son filleadh ar ár gcomhdháil, dá raibh na ticéid uile tógtha**

**34**
**An líon láithreoireachtaí/léachtaí agus seimineár Gréasáin a tugadh ar obair an Údaráis um Fhorfheidhmiú**

**25%**
**An fás sa líon orgánach leantóirí atá againn ar LinkedIn**

**12**
**An líon taispeántas ar fud na tíre, ina ndearnadh caidreamh le breis agus 10,000 cuairteoir**

**139**
**An líon gné-alt sna meáin**

**21**
**An líon fógraí a foilsíodh**

**48%**
**An fás céatadánach sa líon síntiúsóirí lenár nuachtlitir sheachtrach**

## 3. Láithreacht a bhunú

### Suíomh Gréasáin

Ar shuíomh Gréasáin oifigiúil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach (cea.gov.ie), tugtar faisnéis faoin eagraíocht, mar aon le treoir riachtanach do gheallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear stiúrthóirí cuideachta, leachtaitheoirí, glacadóirí, scrúdaitheoirí, agus daoine den phobal. Áirítear leis an suíomh rannán cuimsitheach Ceisteanna Coitianta chun cabhrú le daoine den sórt sin a gcearta, a ndualgais agus a n-oibleagáidí faoi dhlí na gcuideachtaí a thuiscint.

### Na meáin shóisialta

Tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gníomhach ar LinkedIn agus ar X, agus é ag postáil an eolais is deireanaí agus an scéala a bhaineann lena chláir abhcóideachta agus forfheidhmiúcháin ar bhonn tráthrialta. De bhreis air sin, tá cainéal ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar YouTube, áit a soláthraíonn sé inneachar físeáin atá ceaptha chun caidreamh a dhéanamh le spriocphobal níos leithne agus chun fónamh mar acmhainn oideachasúil ar phríomhghnéithe de dhlí na gcuideachtaí.

### Cur chun cinn

Baineann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach úsáid as fógraíocht spriocdhírithe sna meáin chun feasacht ar a sheirbhísí a mhúscailt i measc príomh-spriocphobal, amhail stiúrthóirí cuideachta. Foilsíodh 21 fhógra san iomlán sa bhliain 2024. D'fhoilsíomar ár nuachtlitir dhigiteach sheachtrach ar bhonn ráithiúil freisin, agus tháinig méadú 48% ar an líon síntiúsóirí lenár liosta seoltaí sa bhliain.

### Caidreamh leis na meáin

Déanann foireann meán an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach caidreamh le hasraonta éagsúla meán ar bhonn tráthrialta. Sa bhliain 2024, láimhseáil an fhoireann 53 cheist san iomlán ó na meáin, ó iriseoirí clóite agus craolacháin agus ó thaighdeoirí clóite agus craolacháin araon. Bhí ár n-ionadaithe le feiceáil i roinnt foilseachán agus craoltaí le linn na tréimhse faoi athbhreithniú. Áiríodh leo sin:

- agallamh leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Sibhialta ar phodchraoladh Ionad Carmichael, atá dírithe ar an earnáil neamhbhrabúis,
- agallamh clúdaigh tosaigh leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a bhí le feiceáil in Accountancy Ireland, a dhíríonn ar an gcomhlacht comhaltais is mó de chuid ghairm na cuntasaíochta in Éirinn,
- alt a scríobh Bainisteoir Sinsearach um Fhorfheidhmiú agus a foilsíodh in The Phoenix, a spriocdhíríonn ar an earnáil gnó, agus
- agallamh leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a bhí le feiceáil in The Currency, asraon meán a dhíríonn ar an earnáil gnó.

# Colún 2

## Tathant a dhéanamh agus tionchar a imirt go héifeachtach

# Cuspóirí straitéiseacha

Ar aon dul leis an sainordú reachtúil atá orainn comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a chur chun cinn agus leis an ról níos leithne atá againn i gcomhairle a chur ar an lucht déanta beartas maidir le nithe atá ábhartha dár sainchúram, cuimsítear na nithe seo a leanas sa cholún seo dár straitéis:

1. Geallsealbhóirí a chumhachtú,
2. Freagairt do shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn, agus
3. Tionchar a imirt, comhairle a thabhairt agus gabháil do cheannaireacht smaointeoireachta.

## 1. Geallsealbhóirí a chumhachtú

I bhfianaise chineál teicniúil casta dhlí na gcuideachtaí, déanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach dianiarracht faisnéis ábhartha a sholáthar dár ngeallsealbhóirí ar bhealach atá inrochtana agus sothuigthe. I measc ár ngeallsealbhóirí tá stiúrthóirí agus rúnaithe cuideachta, comhaltaí agus scairshealbhóirí cuideachta, creidiúnaithe agus an mórphobal.

### Ábhar faisnéise agus treorach

D'ullmhaíomar sraith chuimsitheach doiciméad atá foilsithe ar ár suíomh Gréasáin, lena n-áirítear leabhráin faisnéise ina ndéantar achoimre ar róil, freagrachtaí, dualgais agus cearta na ndaoine seo a leanas:

- cuideachtaí,
- stiúrthóirí cuideachta,
- rúnaithe cuideachta,
- comhaltaí agus scairshealbhóirí cuideachta,
- iniúchóirí, agus
- leachtaitheoirí, glacadóirí agus scrúdaitheoirí.

Tá rannán cuimsitheach Ceisteanna Coitianta ann freisin, mar aon le Nótaí Faisnéise maidir le saincheisteanna reatha a thagann chun cinn ó am go chéile. Coinnímid láithreacht ghníomhach ar bun ar na meáin shóisialta, agus muid ag postáil ábhar téamaithe tráthúil dár leantóirí ar bhonn tráthrialta.

### Gníomhaíochtaí for-rochtana

Feidhmíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach clár for-rochtana chun cur leis an bhfaisnéis agus an treoir a sholáthraímid agus chun béim a leagan ar an ngaol idir na pribhléidí a dheonaítear le dlí na gcuideachtaí agus an gá atá le riachtanais an dlí sin a chomhlíonadh.
Tá sé mar aidhm leis an gclár príomh-spriocphobail a shroicheadh ar na bealaí seo a leanas:

- freastal ar imeachtaí ar dóigh go mbeidh geallsealbhóirí amhail stiúrthóirí cuideachta i láthair acu, agus taispeántais a sheoladh ag na himeachtaí sin, agus
- cainteanna agus láithreoireachtaí a thabhairt do spriocghrúpaí.

Chomh maith leis sin, déanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach caidreamh le mic léinn ó dhisciplíní ábhartha, amhail an gnó agus an dlí, trí aoiléachtaí a thabhairt ag institiúidí tríú leibhéal ar fud na tíre. Freastalaíonn an ghné sin dár gcuid oibre ar an dá chríoch arb éard iad spriocdhíriú ar stiúrthóirí cuideachta agus comhairleoirí cuideachta na todhchaí agus dul chun cinn a dhéanamh ar an gcuspóir straitéiseach atá againn láithreacht a bhunú.






Thuas ar chlé: D’fhreastail ionadaithe ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar Chomhdháil Chumann Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dócmhainneachta, 2024

Thuas ar dheis: Ball d’fhoireann an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus é i láthair ag ceann de na taispeántais a reáchtáladh ar fud na tíre

**Taispeántais**

Eagraíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach imeachtaí éagsúla agus glacann sé páirt iontu sin chun feasacht a mhúscailt ar a chuid oibre, ar chomhlíonadh corparáideach, ar chleachtais forfheidhmiúcháin, agus ar athruithe rialála. Áirítear leis na himeachtaí sin comhdhálacha, seimineáir agus seimineáir Ghréasáin. I bhformhór na gcásanna, tá na himeachtaí sin dírithe ar ghnólachtaí, ar ghairmithe dlí agus cuntasaíochta agus ar gheallsealbhóirí eile a bhfuil baint acu le rialachas corparáideach agus le comhlíonadh.

Ina theannta sin, déanaimid caidreamh díreach leis an bpobal i gcoitinne ag na taispeántais sin, agus faisnéis á soláthar againn faoi conas is féidir gearáin a chomhdú nó nochtaí cosanta a dhéanamh maidir le sáruithe líomhnaithe ar dhlí na gcuideachtaí. Ar na héachtaí suntasacha taispeántais bhí imeachtaí earraigh agus geimhridh Ghnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann (ISME), imeachtaí réigiúnacha agus náisiúnta na Fondúireachta Gnó Uile-Éireann (AIBF), agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2024.

# 2. Freagairt do shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn

### Ábhar treorach

Ó am go chéile, d'fhéadfadh saincheisteanna a bhaineann lenár sainordú teacht chun cinn, ar saincheisteanna iad ar ina leith is gá don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach soiléiriú a thabhairt agus/nó faisnéis agus treoir a scaipeadh ar ár ngeallsealbhóirí. Mar shampla, tarlaíonn sé in amanna gurb é an toradh atá ar reachtaíocht nua a thabhairt isteach nó ar shaincheisteanna éiritheacha a bhaineann leis an dlí atá ann cheana a chur chun feidhme ná gur gá treoir mhionsonraithe a thabhairt do pháirtithe leasmhara. Is gnách go bhfoilsítear faisnéis agus treoir den sórt sin i riocht Nóta Faisnéise. Chuireamar foilseachán suntasach amháin lenár gcatalóg Nótaí Faisnéise sa bhliain 2024. D'fhoilsigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach Nóta Faisnéise 2024/1 faoi *'Imthosca as a dtagann dícháiliú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, agus na hiarmhairtí gaolmhara'* i mí Aibreáin 2024. Tá an Nóta Faisnéise ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Foilsíodh an Nóta Faisnéise sin i gcomhthéacs an fhógra ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí go gcuirfí tús an athuair lena clár um chuideachtaí a bhaint den chlár. Bhí sé mar aidhm leis na dualgais atá ar stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí, 2014, a chomhlíonadh a mheabhrú dóibh. Sa nóta treorach sin, rinneadh mionscrúdú ar oibriú alt 842 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, agus soláthraíodh faisnéis maidir le dícháiliú trí ghealltanas, ag leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha, agus maidir le dícháiliú a eascraíonn as iarratas a rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach é féin.

An rud ba thábhachtaí fós, b'fhéidir, mheabhraigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach do stiúrthóirí na himthosca inar rud uathoibríoch é stiúrthóirí a dhícháiliú, e.g., má tá duine aonair ina fhéimheach neamhurscaoilte nó ina féimheach neamhurscaoilte nó má chiontaítear é nó í ar díotáil in aon chion faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, in aon chion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht, nó in aon chion eile faoi achtachán forordaithe i ndáil le cuideachta.

Leagadh amach sa Nóta Faisnéise freisin na himthosca inar féidir stiúrthóir a mheas a bheith dícháilithe agus tairgeadh treoir phraiticiúil ann maidir le conas is féidir an riosca sin a mhaolú. Cuimsíodh sa Nóta freisin faisnéis maidir le faoiseamh ó dhícháiliú agus maidir leis na prionsabail dlí lena rialaítear dícháiliú agus luadh an cásdlí iomchuí ann.

# 3. Tionchar a imirt, comhairle a thabhairt agus gabháil do cheannaireacht smaointeoireachta

Glacann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach páirt sna fóraim seo a leanas:

**An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí**
Is comhalta den Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Is comhlacht reachtúil é atá bunaithe chun comhairle maidir le nithe dlí cuideachtaí a thabhairt don Aire. Déanann sé cathaoirleacht ar Choiste Forfheidhmiúcháin an Ghrúpa sin freisin. Is comhaltaí de Choistí éagsúla de chuid an Ghrúpa iad oifigigh shinsearacha eile de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach (i.e., an Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí agus Beartas agus an Stiúrthóir um Maoirseacht Dócmhainneachta). Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, rannchuidigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach go mór le hAcht na gCuideachtaí (Rialachas Corparáideach, Forfheidhmiú agus Forálacha Rialála), 2024, a síníodh ina dhlí an 12 Samhain 2024. Is féidir tuilleadh faisnéise maidir leis an nGrúpa agus lena chuid oibre a fháil ag www.clrg.org.

**An Chomhairle Chomhairleach in aghaidh na Coireachta Eacnamaíche agus an Éillithe (an Chomhairle)**
Is comhalta den Chomhairle é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Faigheann sé tacaíocht ón Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí agus Beartas, arb é Cathaoirleach an Fhóraim Rialálaithe Sinsearacha é. Is í an Chomhairle an comhlacht comhairleach ar bhunaigh an Rialtas é agus ar cuireadh de chúram air straitéis náisiúnta a fhorbairt le haghaidh dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe agus leis an éilliú lena breithniú ag an Rialtas, i measc nithe eile.

**An Fóram Rialálaithe Sinsearacha (Fóram)**
Is é an Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí agus Beartas Cathaoirleach an Fhóraim Rialálaithe Sinsearacha. Tuairiscíonn an Fóram don Chomhairle Chomhairleach agus áirítear lena fheidhmeanna comhar agus comhoibriú idir gníomhaireachtaí iomchuí rialála agus forfheidhmiúcháin a chothú agus a éascú. Chomh maith leis sin, éascaíonn an Fóram plé ar shaincheisteanna lena mbaineann tábhacht agus imní i measc rialálaithe agus éascaíonn sé comhroinnt eispéireas agus léargas.

**Comhairle, barúlacha agus moltaí a sholáthar**
Rannchuidigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach leis an méid seo a leanas le linn na tréimhse faoi athbhreithniú:

- An Coiste Stiúrtha um Fhrithsciúradh Airgid, agus
- Cumann Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dócmhainneachta.

Déanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach caidreamh fairsing le comhlachtaí gairmiúla agus ionadaíocha sa tír seo agus thar lear. Sa bhliain 2024, thug oifigigh an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach léachtaí agus láithreoireachtaí dóibh seo a leanas, i measc grúpaí eile:

- Comhdháil bhliantúil Chumann Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dócmhainneachta,
- Dlí-Chumann na hÉireann,
- Cuntasóirí Cairte Éireann,
- An Fóram Náisiúnta Imscrúduitheoirí Coiriúla,
- Na Coimisinéirí Ioncaim,
- Comhdháil Idirnáisiúnta na mBan san Athstruchtúrú agus sa Dócmhainneacht (IWIRC), Éire, agus
- Athstruchtúrú agus Dócmhainneacht Éireann.




Thuas: Toscairí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus iad ag líonrú ag Comhdháil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2024



Sa phictiúr ó chlé go deas: Dean Beale, Ardchigire agus Príomhfheidhmeannach, Seirbhís Dócmhainneachta Shasana agus na Breataine Bige, Emma Luxton, Príomhoifigeach Oibriúcháin Eatramhach, an Oifig Calaoise Tromchúisí (SFO), Cathy Shivnan, Stiúrthóir um Maoirseacht Dócmhainneachta, an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Dr Michael Dillon, Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí, an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Ian Drennan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus Dave Magrath, Stiúrthóir Imscrúduithe agus Seirbhísí Forfheidhmiúcháin, Seirbhís Dócmhainneachta na Ríochta Aontaithe.

**Comhdháil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

Chun feasacht a chur chun cinn ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus ar a thábhachtaí atá dlí na gcuideachtaí don gheilleagar i gcoitinne, chuir an tÚdarás an dara comhdháil dá chuid ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2024. Le clár na comhdhála, tugadh le chéile foireann iontach cainteoirí, ar tarraingíodh aird sna láithreoireachtaí uathu ar shaincheisteanna tráthúla agus éiritheacha sa dócmhainneacht, sa trédhearcacht chorparáideach, sa ghníomhaíochas creidiúnaithe agus sa dlí coiriúil.

D'fhreastail breis agus 160 toscaire ar an gcomhdháil agus cuireadh ar siúl í i gCumann Onórach Óstaí an Rí. Ar na daoine a bhí i láthair bhí daoine ó phríomh-spriocphobail an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, amhail stiúrthóirí cuideachta, ceannairí gnó, comhaltaí den ghairm dlí agus den ghairm cuntasaíochta, déantóirí beartas, agus daoine den lucht léinn.

D'oscail an tAire Dara Calleary an chomhdháil. Labhair sé faoi chlár oibre beartais a Roinne. Tar éis aitheasc an Aire, labhair an Breitheamh Onórach Brian Murray, Breitheamh den Chúirt Uachtarach, faoi shaincheist na gcostas dlí agus an chistiúcháin tríú páirtí. De bhreis air sin, chuala toscairí aithisc uathu seo a leanas:

- Declan Hughes, Ard-Rúnaí na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta,
- James Dwyer, Abhcóide Sinsearach,
- Clíona Kimber, Abhcóide Sinsearach,
- Sinéad Donovan, Cathaoirleach agus Comhpháirtí, Grant Thornton Ireland,
- Derarca Dennis, Comhpháirtí Dearbhaithe agus Ceann Seirbhísí Inbhuanaitheachta, EY Ireland,
- Henry Matthews, Ceann an Aonaid Speisialta Coireachta Airgeadais, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí,
- Dean Beale, Príomhfheidhmeannach, agus Dave McGrath, Stiúrthóir Imscrúduithe agus Seirbhísí Forfheidhmiúcháin, Seirbhís Dócmhainneachta na Ríochta Aontaithe, agus
- Emma Luxton, Stiúrthóir Oibríochtaí Eatramhach, Oifig Calaoise Tromchúisí na Ríochta Aontaithe.

Sna láithreoireachtaí ó na cainteoirí, clúdaíodh raon leathan ábhar a bhí ábhartha do shainchúram iomlán an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Áiríodh leo sin ciontóireacht chorparáideach agus pianbhreith a fhorchur i leith cionta corparáideacha, dualgais mhuiníneacha stiúrthóirí cuideachta a fhorfheidhmiú, na bunathruithe atá ag teacht ar an ngairm cuntasaíochta, na dúshláin ar bhoird a thiocfaidh as an gclár oibre inbhuanaitheachta, agus dearcthaí agus léargais forfheidhmiúcháin ón Ríocht Aontaithe.

Chuir níos mó ná 90% de na toscairí a ndearnadh suirbhé orthu in iúl go raibh siad sásta leis an gcomhdháil agus go bhfreastalódh siad uirthi arís sa todhchaí.



Thuas: Comhdháil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2024 in Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath

# Colún 3

## Córais éifeachtacha forfheidhmiúcháin chomhréirigh, láidir agus athchomhairligh a oibriú

# Cuspóirí straitéiseacha

Cuimsítear na nithe seo a leanas sa cholún seo dár straitéis, lena gcumhdaítear ár sainchúram forfheidhmiúcháin:

1. Córas éifeachtach maoirseachta dócmhainneachta corparáidí a oibriú,,
2. Córas éifeachtach forfheidhmiúcháin chomhréireach, láidir agus athchomhairligh a oibriú, agus
3. Cuntasacht aonair a chinntiú.

## 1. Córas éifeachtach maoirseachta dócmhainneachta corparáidí a oibriú

Cuid dhosheachanta den saol eacnamaíoch is ea go dteipeann ar ghnólachtaí. Dá bhrí sin, is é is prionsabal an dliteanais theoranta ann cosaint riachtanach d'fhiontraithe agus do scairshealbhóirí cuideachtaí lena ndéantar infheistíocht agus fás eacnamaíoch a spreagadh agus a éascú. Chun mí-úsáid phribhléid an dliteanais theoranta a chosc, cuireadh cosaintí suntasacha ar áireamh in Acht na gCuideachtaí chun pionóis a fhorchur ar stiúrthóirí cuideachta a bhfuil a n-iompar faoi bhun na gcaighdeán riachtanach.

Feidhmíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach dhá phríomhbhealach forfheidhmiúcháin atá dírithe ar phionóis a fhorchur as iompar na stiúrthóirí sin a mhainníonn gníomhú go macánta agus go freagrach agus iad ag bainistiú na gcúrsaí de chuid cuideachta a thagann chun bheith dócmhainneach, is iad sin:

i. maoirseacht ar leachtú cuideachtaí dócmhainneacha agus ar iompraíocht stiúrthóirí, agus
ii. gníomhaíocht forfheidhmiúcháin i ndáil le cuideachtaí atá bainte den chlár.

### Maoirseacht ar leachtú cuideachtaí dócmhainneacha agus ar iompraíocht stiúrthóirí


Ceanglaítear ar gach leachtaitheoir a cheaptar do chuideachta dhócmhainneach tuarascáil a thabhairt don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ina leagtar amach na himthosca inar tháinig an chuideachta chun bheith dócmhainneach. Tá oibleagáid ar leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha a lorg go srianfar gach duine a bhí ina stiúrthóir sa 12 mhí roimh an dáta a chuaigh an chuideachta faoi leachtú dócmhainneach, mura féidir a thaispeáint gur ghníomhaigh an stiúrthóir go macánta agus go freagrach agus é nó í ag bainistiú na cuideachta sin.

Mar a tharla i gcás gach méadrachta a bhaineann le maoirseacht dócmhainneachta, tháinig laghdú saorga ar an líon tuarascálacha (idir na chéad tuarascálacha agus thuarascálacha breise) a fuarthas sna blianta idir 2020 agus 2022, agus an dá bhliain sin san áireamh, mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus mar thoradh ar an tionchar iarmhartach ar ghníomhaíocht tráchtála. De réir mar atá an ghníomhaíocht dócmhainneachta ag filleadh ar leibhéil níos tipiciúla, tá méadú comhfhreagrach ag teacht ar an líon tuarascálacha leachtaitheoirí atáthar ag fáil agus a bhfuiltear ag déanamh measúnú orthu. Ag teacht leis an treocht sin, tháinig méadú thart ar 23% ar an líon iomlán tuarascálacha leachtaitheoirí a fuarthas sa bhliain 2024 i gcomparáid leis an mbliain 2023.

**FÍOR 1**

## An Líon Tuarascálacha Leachtaitheoirí a Fuarthas

Mionsonraítear i bhFíor 1 an líon tuarascálacha leachtaitheoirí a fuarthas sa bhliain 2024 agus sna cúig bliana roimhe sin.




**Srian**

Beart cosanta poiblí is ea srian. Fad atá sé nó sí srianta, ní fhéadfaidh duine gníomhú mar stiúrthóir cuideachta ach amháin má chomhlíonann aon chuideachta a bhfuil sé nó sí ina stiúrthóir uirthi íoscheanglais chaipitlithe áirithe[5]. Tá sé sin i gcodarsnacht le duine nach bhfuil faoi réir sriain, a fhéadfaidh a bheith ina stiúrthóir ar chuideachta a bhfuil scairchaipiteal chomh híseal le €1 aici. Maireann srian tréimhse cúig bliana agus, le linn iad a bheith srianta, is féidir ainm daoine srianta (agus dícháilithe) a aimsiú trí na cláir a ndéanann Cláraitheoir na gCuideachtaí iad a chothabháil a chuardach.


Scrúdaíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gach tuarascáil leachtaitheora agus tugann sé breith maidir le cé acu is údar le srianadh an stiúrthóra/na stiúrthóirí é iompar an stiúrthóra/na stiúrthóirí nó nach ea.

Tá na breitheanna ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach bunaithe ar ábhar na tuarascála, ar an bhfaisnéis eistreach atá ar fáil dó (mar shampla, gearáin ón bpobal nó tarchuir a fhaightear ó chomhlachtaí rialála eile) agus ar an gcásdlí bunaithe. Déantar na breitheanna a thugann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chatagóiriú mar a leanas:

5. Ní mór do gach cuideachta a bhfuil duine srianta atá ag gníomhú mar stiúrthóir acu caipitliú íosta is ionann agus €100,000 a bheith acu i gcás cuideachtaí príobháideacha agus caipitliú íosta is ionann agus €500,000 a bheith acu i gcás cuideachtaí poiblí teoranta.

| | |
|---|---|
| **Faoiseamh iomlán** | Meastar gur chomhlíon iompar na stiúrthóirí na caighdeáin ionchais agus, dá bhrí sin, nár cheart aon duine de na stiúrthóirí a shrianadh. Tá cead ag stiúrthóirí den sórt sin leanúint le gníomhú agus páirt a ghlacadh i mbainistíocht aon chuideachta eile más mian leo déanamh amhlaidh. |
| **Gan aon fhaoiseamh** | Meastar gur mhainnigh iompar na stiúrthóirí uile an caighdeán riachtanach a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, nár cheart gach duine de na stiúrthóirí a shrianadh. Sna himthosca sin, is amhlaidh, maidir leis na stiúrthóirí:<br>• a thairgfear an deis dóibh glacadh le gealltanas maidir le srian, nó<br>• a bheidh siad mar ábhar d'iarratas chuig an Ard-Chúirt ar iad a shrianadh. |
| **Faoiseamh páirteach** | Meastar gur chomhlíon iompar roinnt de na stiúrthóirí an caighdeán riachtanach, agus meastar nár chomhlíon iompar stiúrthóirí eile an caighdeán riachtanach. Sa chás sin, ní shrianfar roinnt de na stiúrthóirí, agus tairgfear gealltanas maidir le srian do na stiúrthóirí eile nó beidh siad faoi réir imeachtaí Ard-Chúirte chun go srianfar iad. |
| **Am breise** | I gcás ina dtugann an leachtaitheoir le fios go bhfuil gá le tuilleadh ama chun a imscrúdú nó a himscrúdú ar chúrsaí na cuideachta agus ar na himthosca inar foirceannadh í a chur i gcrích, deonófar am breise dó nó di chun na fiosruithe sin a chur i gcrích. Ordóidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach don leachtaitheoir freisin tuarascáil eile a thabhairt laistigh de thréimhse shonraithe. |
| **Eile** | Tá imthosca áirithe ann ina gcuirfear in iúl don leachtaitheoir nach bhfuil aon tuarascálacha breise ag teastáil, bíodh sé ar chor ar bith nó go dtí go dtabharfadh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach fógra ina thaobh tráth is déanaí, agus nach dtugtar faoiseamh don leachtaitheoir agus nach ndiúltaítear faoiseamh a thabhairt don leachtaitheoir ag an am sin. Is cásanna eisceachtúla iad sin, amhail cás inar fhill cuideachta ar an tsócmhainneacht sular cuireadh an foirceannadh i gcrích, nó cás inar dícháilíodh na stiúrthóirí cheana féin, bíodh sé go huathoibríoch mar thoradh ar chiontú coiriúil nó de bhun gníomhartha a rinne an leachtaitheoir (e.g., mar fhaoiseamh cúntach i gcomhthéacs imeachtaí sibhialta trádála calaoisí). |


**FÍOR 2**
## Breitheanna a Tugadh i ndáil le Tuarascálacha




### Gealltanais maidir le Srian a Tairgeadh

Ó thosach feidhme Acht na gCuideachtaí, 2014, i leith, féadfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, faoina lánrogha féin, deis a thairiscint do stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha a bheadh faoi réir imeachtaí sriantachta nó dícháiliúcháin san Ard-Chúirt ar shlí eile géilleadh do ghealltanas. Is ionann an éifeacht atá ag glacadh le gealltanas agus an éifeacht atá ag Ordú ón Ard-Chúirt, agus déanfar stiúrthóir a shrianadh nó a dhícháiliú ó ghníomhú amhlaidh gan na costais ghaolmhara, idir chostais airgeadais agus chostais ama, a bhaineann le himeachtaí cúirte a chosaint. Mar is féidir a fheiceáil i bhFíor 3, roghnaíonn formhór mór na stiúrthóirí a dtairgtear gealltanas maidir le srian dóibh glacadh leis.

**FÍOR 3**
## Gealltanais maidir le Srian a Tairgeadh




- **81%** An Céatadán de Ghealltanais ar Glacadh leo
- **19%** An Céatadán de Ghealltanais nár Glacadh leo

## Dícháiliú

Forchuirtear dícháiliú as an mí-iompar is tromchúisí ag stiúrthóirí. Cé gur beart cosanta poiblí go príomha é dícháiliú, tá gné phionósach aige freisin. Má ghlacann duine le gealltanas maidir le dícháiliú, nó má dhícháilítear é nó í le hOrdú ón Ard-Chúirt, toirmeascfar é nó í ó pháirt a ghlacadh i mbainistiú, cur chun cinn nó foirmiú aon chuideachta, agus ó róil eile a ghlacadh, mar shampla gníomhú mar iniúchóir, mar leachtaitheoir, mar ghlacadóir nó mar scrúdaitheoir do chuideachta.

Cosúil le srian, tá sé de lánrogha ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gealltanais maidir le dícháiliú a thairiscint do stiúrthóirí. Is ionann an éifeacht atá ag gealltanas maidir le dícháiliú agus an éifeacht atá ag Ordú Dícháilíochta arna fhorchur ag an gcúirt. Ní fheidhmíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a lánrogha chun gealltanais den sórt sin a thairiscint ach amháin i gcás gur cosúil go bhfuil iompar na stiúrthóirí de chineál gurbh údar le tréimhse dícháiliúcháin is ionann agus cúig bliana nó tréimhse níos giorra é. I gcásanna ina bhfuil an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim go bhféadfadh tréimhse dícháiliúcháin is mó ná cúig bliana a bheith níos cuí, ordóidh sé don leachtaitheoir imeachtaí dícháiliúcháin a eisiúint. Cuirfear an fhianaise os comhair na hArd-Chúirte ansin lena measúnú. Má dhéanann an Chúirt Ordú Dícháilíochta, cinnfidh sí an tréimhse dícháiliúcháin chuí atá le forchur.


Más rud é go dtairgtear gealltanas maidir le dícháiliú do stiúrthóir ach nach nglacann sé nó sí leis:

- féadfaidh an leachtaitheoir imeachtaí a thionscnamh ar son dhícháiliú an stiúrthóra, más cuí leis nó léi,
- féadfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach imeachtaí a thionscnamh ar son dhícháiliú an stiúrthóra.

Sa chleachtas, tionscnaíonn an leachtaitheoir na himeachtaí i bhformhór mór na gcásanna.

**FÍOR 4**

### Gealltanais maidir le Dícháiliú a Tairgeadh i ndáil le Leachtuithe Dócmhainneacha




- **56%** An Céatadán de Ghealltanais ar Glacadh leo
- **44%** An Céatadán de Ghealltanais nár Glacadh leo

### Tarchur go hinmheánach laistigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach

In amanna, is féidir go dtiocfaidh sé chun solais gur gá tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ar iompar stiúrthóra nó ar iompar leachtaitheora. Sna cásanna sin, déanfaidh an Stiúrthóireacht um Maoirseacht Dócmhainneachta tarchur inmheánach chuig an Stiúrthóireacht um Fhorfheidhmiú Sibhialta nó chuig an Stiúrthóireacht um Fhorfheidhmiú Coiriúil, de réir mar is cuí.

### Forfheidhmiú i ndáil le cuideachtaí atá bainte den chlár

Tá sé de dhualgas ar stiúrthóirí do chuideachtaí a thagann chun bheith dócmhainneach gan dóchas bearta a dhéanamh chun leachtaitheoir a cheapadh, a chinnteoidh ansin go ndéanfar cúrsaí na gcuideachtaí sin a fhoirceannadh ar bhealach ordúil. Ní mór do gach leachtaitheoir do chuideachta dhócmhainneach tuairisc a thabhairt don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach freisin ar imthosca a dócmhainneachta agus ar an iompar de chuid a stiúrthóirí a d'fhéadfadh a bheith tar éis cur le neamhábaltacht na cuideachta a fiacha a íoc.

Cinneann stiúrthóirí cuideachta ó am go chéile cuideachta a thréigean in ionad leachtaitheoir a cheapadh, agus iad ag scor de thrádáil na cuideachta agus ag mainneachtain tuairisceáin bhliantúla a chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí. Mura gcomhdaítear tuairisceáin den sórt sin, bainfear an chuideachta den Chlár ar deireadh thiar. Feidhmíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach clár forfheidhmiúcháin chun pionóis a fhorchur as an gcineál sin de mhí-iompar stiúrthóirí, á chinntiú dá réir nach seachnaíonn stiúrthóirí a roghnaíonn an ghníomhaíocht sin an grinnscrúdú ón bpróiseas tuairiscithe leachtaitheora.

Déanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach próifíliú ar liostaí de na cuideachtaí a baineadh den Chlár agus fiacha ar taifead acu agus roghnaíonn sé cuideachtaí cuí le haghaidh gníomhaíocht forfheidhmiúcháin. Gheobhaidh an stiúrthóir nó na stiúrthóirí ar chuideachta spriocdhírithe comhfhreagras ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ina gcuirfear ar an eolas é nó í nó iad faoi na hiarmhairtí a bheadh orthu de dheasca ligean don chuideachta a bheith bainte go hainneonach den Chlár, i.e., go ndéanfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas ar an stiúrthóir nó na stiúrthóirí sin a dhícháiliú ar feadh tréimhse nach mó ná cúig bliana. Cuirfear in iúl don stiúrthóir nó do na stiúrthóirí freisin go bhféadfaidh siad bearta a dhéanamh chun an chuideachta a chur ar ais ar an gClár mar rogha eile ar é nó í nó iad a dhícháiliú. Mura ndéantar aon bhearta den sórt sin, eiseoidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gealltanas maidir le dícháiliú chuig an stiúrthóir nó chuig na stiúrthóirí agus, mura nglacfar leis an ngealltanas, déanfaidh sé iarratas ina dhiaidh sin chuig an Ard-Chúirt ar Ordú Dícháilíochta in aghaidh an stiúrthóra nó na stiúrthóirí.

Mar atá leagtha amach cheana féin, is ionann an éifeacht dhlíthiúil atá ag gealltanas maidir le dícháiliú agus an éifeacht dhlíthiúil atá ag Ordú Dícháilíochta. Tá buntáistí suntasacha do stiúrthóirí ag baint le glacadh le gealltanas i gcomparáid le himeachtaí Ard-Chúirte a chosaint, go háirithe maidir leis na costais a sheachnaítear.

### Forfheidhmiú gaolmhar – iompraíocht stiúrthóirí, mainneachtain na hoibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh, agus sárú ar shrian/ar dhícháiliú

Is féidir le gníomhartha forfheidhmiúcháin iarmhartacha teacht as na próisis atá mionsonraithe thuas. Mar shampla:


- i gcás go dtugtar le fios i dtuarascáil leachtaitheora go bhfuil fianaise ann ar éagóiritheoireacht choiriúil ar thaobh stiúrthóirí, féadfar an ní a tharchur go hinmheánach laistigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haghaidh imscrúdú coiriúil,
- i gcás go mainníonn leachtaitheoir na hoibleagáidí atá air nó uirthi tuairisciú don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chomhlíonadh, féadfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a cheangal ar an leachtaitheoir an tuarascáil riachtanach/na tuarascálacha riachtanacha a chur isteach (trí chumhachtaí forfheidhmiúcháin shibhialta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a úsáid) nó féadfaidh sé a bhreithniú an meastar nó nach meastar ionchúiseamh a bheith cuí,
- is cion é gníomhú de shárú ar shrian nó ar dhícháiliú. I gcás go dtagann fianaise chun cinn ina dhiaidh sin gur tharla sárú den sórt sin, is gnách go dtarchuirtear an ní le haghaidh imscrúdú coiriúil.

### Príomhthreochtaí dócmhainneachta

Lean an líon cuideachtaí a bhí ag dul faoi leachtú dócmhainneach ag méadú ó bhí an bhliain 2023 ann agus tá sé ar an leibhéal is airde anois ó bhí an bhliain 2016 ann. Maidir leis an méadú ar an líon dócmhainneachtaí, is féidir, bunaithe ar na sonraí atá ar fáil don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, é a chur síos do thosca amhail an scor de Scéim Stórasaithe Fiachais na gCoimisinéirí Ioncaim i mí na Bealtaine 2023 agus an tionchar leantach a bhí ag méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus ar chostais ionchuir.

**FÍOR 5**
Cuideachtaí a Chuaigh faoi Leachtú Dócmhainneach 2019-2024

An líon cuideachtaí a chuaigh faoi leachtú dócmhainneach agus ar tugadh fógra ina dtaobh don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le linn na tréimhse 2019-2024.



**FÍOR 6**

## Dócmhainneachtaí de réir Earnála, bunaithe ar na Chéad Tuarascálacha a fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Mionsonraítear i bhFíor 6 an miondealú ar chuideachtaí a chuaigh faoi leachtú dócmhainneach ar fud earnálacha éagsúla den gheilleagar le linn na tréimhse faoi athbhreithniú. Díorthaítear an fhaisnéis sin ó anailís ar aicmithe NACE[6] a taifeadadh sna chéad tuarascálacha de bhun alt 682 a chuir leachtaitheoirí isteach. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, fuarthas 654 cinn de chéad tuarascálacha.



- **21%** Óstáin, Tithe Tábhairne agus Lónadóireacht
- **18%** Mórdhíol agus Miondíol
- **16%** An Earnáil Pobail, an Earnáil Shóisialta agus Earnálacha Eile
- **13%** Tógáil
- **10%** Airgeadas agus Léasú
- **7%** Teicneolaíocht agus Teileachumarsáid
- **6%** Eastát Réadach agus Cíos
- **3%** Iompar agus Dáileadh
- **2%** Talmhaíocht, Mianadóireacht agus an Earnáil Mhuirí
- **2%** Monaraíocht agus Clódóireacht
- **1%** Margaíocht agus Cur Chun Cinn
- **1%** Earcaíocht agus Seirbhísí Slándála

### An clár um chomhlíonadh comhdúcháin leachtaitheoirí

Bíonn feidhmiú éifeachtach fheidhm maoirseachta dócmhainneachta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag brath ar thuarascálacha reachtúla leachtaitheoirí a bheith á gcur isteach go tráthúil. Tá sé tábhachtach a admháil gur go han-mhaith, tríd is tríd, a bhíonn comhlíonadh na spriocdhátaí atá leagtha amach in alt 682 i measc leachtaitheoirí. Mar sin féin, is ann do líon beag cleachtóirí a mhainníonn a n-oibleagáidí comhdúcháin a chomhlíonadh, d'ainneoin meabhrúcháin a thabhairt dóibh arís agus arís eile, agus, dá bhrí sin, is ann do bhaol go mbeidh siad faoi réir bearta forfheidhmiúcháin. Rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach comhfhreagras leis na leachtaitheoirí uile le linn na bliana 2024 chun a n-oibleagáidí comhdúcháin agus na hiarmhairtí féideartha a bhaineann le neamhchomhlíonadh a mheabhrú dóibh. Tar éis na mbeart sin, tháinig méadú ar rátaí comhlíontacháin sa bhliain 2024 go 92% maidir leis na chéad tuarascálacha agus go 90% maidir le tuarascálacha breise.

6. Is é is NACE ann ná aicmiú staitistiúil ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a forbraíodh sa Chomhphobal Eorpach. Úsáidtear é le haghaidh raon leathan staitisticí a ullmhaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh agus an tAontas Eorpach sna réimsí eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil agus talmhaíochta.


I gcás go raibh neamhchomhlíonadh leantach ann, eisíodh fógraí de bhun alt 797 d'Acht 2014 lenar ceanglaíodh ar na leachtaitheoirí sin a dtuarascálacha a chomhdú laistigh de 14 lá nó dul i ngleic le hiarratas ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chuig an Ard-Chúirt ar ordacháin go slánódh siad an mhainneachtain. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, eisíodh 24 fhógra alt 797, ar dá mbarr a chuir naonúr leachtaitheoirí eile 21 tuarascáil amuigh isteach.

Maidir leis na leachtaitheoirí sin a mhainnigh iad féin a chur i gcomhréir, d'ainneoin rabhadh a fháil faoi na hiarmhairtí féideartha, géaraíodh an tsaincheist le haghaidh gníomhaíocht forfheidhmiúcháin. Sa bhliain 2024, tionscnaíodh iarratas chuig an Ard-Chúirt i ndáil le leachtaitheoir amháin a ceapadh do shé chuideachta ar leith (Cás-Staidéar 14). Baineadh toradh rathúil amach trínar chuir an leachtaitheoir na tuarascálacha uile a bhí amuigh isteach agus trínar dámhadh costais an iarratais don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Is é is próiseas alt 797 ann an dara ciseal de fhreagairt forfheidhmiúcháin chéimnithe an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, ar mar chuid de a fheidhmíonn sé a chumhachtaí forfheidhmiúcháin shibhialta chun comhlíonadh na n-oibleagáidí comhdúcháin a ordú. Ba cheart do leachtaitheoirí a bheith ar an eolas go bhféadfadh go ndéanfadh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas ar iad a dhícháiliú ó ghníomhú mar leachtaitheoir, nó go dtionscnófaí ionchúiseamh coiriúil, mar thoradh ar mhainneachtain rialta na ceanglais reachtúla iomchuí a chomhlíonadh.

**FÍOR 7**

Comhlíonadh Chomhdú Thuarascálacha Alt 682 mar Chéatadán 2019-2024



### Caighdeán thuairisciú na leachtaitheoirí


Cé gur cuid bhunriachtanach d'éifeachtacht an phróisis é tuairisciú tráthúil, is cuid thábhachtach eile di í cáilíocht ábhair na dtuarascálacha leachtaitheoirí. I líon beag cásanna, bhí cáilíocht an tuairiscithe ar chaighdeán nár leor chun gníomhú mar bhonn leis an gcinneadh ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar cé acu is cuí faoiseamh ó shrianadh/ó dhícháiliú a dheonú nó nach ea. Sna cásanna sin, rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach caidreamh díreach leis na cleachtóirí dócmhainneachta i gceist agus fuair sé faisnéis bhreise agus soiléiriú breise de réir mar a iarradh.

Tá sé de chumhacht ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach na leabhair a scrúdú agus a ordú do leachtaitheoir ceisteanna a fhreagairt maidir leis an dóigh ar seoladh leachtú. Níor ghá, áfach, na cumhachtaí sin a fheidhmiú le linn na tréimhse faoi athbhreithniú.



# Maoirseacht dócmhainneachta:

## An Próiseas Tuairiscithe Leachtaitheoirí




1. Eisíonn an Stiúrthóireacht um Maoirseacht Dócmhainneachta gealltanais i bhformhór mór na gcásanna ina ndiúltaítear faoiseamh a thabhairt do leachtaitheoirí ón oibleagáid chun srianadh na stiúrthóirí a lorg. In imthosca áirithe, áfach, is féidir go measfar é a bheith cuí gan gealltanas a eisiúint agus iarraidh ar an Ard-Chúirt an ní a chinneadh ina áit.

# 2. Córas éifeachtach forfheidhmiúcháin chomhréireach, láidir agus athchomhairligh a oibriú

### Foinsí faisnéise

De réir a cineáil, is frithghníomhach go príomha, ach gan go heisiach, do léirithe ar éagóiritheoireacht a thagann ar ár n-aird atá obair forfheidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Is féidir le faisnéis teacht ar ár n-aird ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear:

- gearáin ó dhaoine den phobal,
- nochtaí cosanta,
- tuarascálacha reachtúla,
- tarchuir ó ghníomhaireachtaí reachtúla eile, agus
- tarchuir ón bpróiseas maoirseachta dócmhainneachta corparáidí.

Mar atá pléite tuilleadh thíos, thug an Stiúrthóireacht um Fhorfheidhmiú Sibhialta faoi roinnt athbhreithnithe téamacha le linn na bliana 2024 inar sainaithníodh cuideachtaí a raibh tuilleadh scrúdaithe ag teastáil ina leith.

### Measúnú

Tá sé de chúram ar an Aonad Measúnachta laistigh den Stiúrthóireacht um Fhorfheidhmiú Sibhialta an measúnú tosaigh a dhéanamh ar fhormhór na nithe a tharchuirtear chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Is féidir go mbeidh na torthaí seo a leanas, mar shampla, ar an measúnú sin:

- an ní a bheith á dhúnadh, ar an mbonn nach ní dlí cuideachtaí é nó nach dtugtar sárú ar dhlí cuideachtaí le fios san fhaisnéis a soláthraíodh,
- breith go ndéanfaí an ní a imscrúdú tuilleadh chun teacht ar fhaisnéis bhreise a mheastar a bheith riachtanach chun an tsaincheist/na saincheisteanna a mheasúnú go cuí,
- rabhadh a bheith á eisiúint chuig an gcuideachta/na stiúrthóirí lena mbaineann,
- an ní a bheith á réiteach chun sástacht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, a tharlaíonn de ghnáth de bhun fianaise ar réiteach den sórt sin a bheith soláthartha ag an gcuideachta agus/nó ag a stiúrthóirí,
- ordachán reachtúil a bheith á eisiúint chun aghaidh a thabhairt ar an ní bunúsach, mar shampla ordachán reachtúil a bheith á eisiúint chuig na stiúrthóirí ar chuideachta chun Cruinniú Ginearálta Bliantúil de chomhaltaí/scairshealbhóirí na cuideachta a chomóradh,
- cumhachtaí reachtúla eile a bheith á bhfeidhmiú, e.g., an chumhacht chun cláir reachtúla cuideachta a iniúchadh,
- an ní a bheith á tharchur chuig tríú páirtí iomchuí (e.g., gníomhaireacht eile Stáit nó comhlachas gairmiúil iomchuí) i gcás go dtugtar saincheisteanna atá faoi shainchúram an tríú páirtí le fios san fhaisnéis, agus
- an ní a bheith á tharchur go hinmheánach chuig an Stiúrthóireacht um Fhorfheidhmiú Coiriúil de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

### Cumhachtaí imscrúdúcháin

Tá sraith fhairsing cumhachtaí reachtúla ar fáil don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Áirítear leo sin:

- an chumhacht chun ceanglas a chur ar chuideachtaí agus ar thríú páirtithe iomchuí doiciméid (lena n-áirítear doiciméid leictreonacha) a thabhairt ar aird,
- cumhachtaí cuardaigh agus urghabhála faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, agus
- an ceart chun iarraidh ar na cúirteanna bearta imscrúdúcháin breise áirithe a cheadú, mar shampla Cigirí atá ceaptha ag an gcúirt.

Ina theannta sin, maidir le hoifigigh de chuid an Údaráis ar comhaltaí den Gharda Síochána iad freisin:


- tá cumhachtaí gabhála acu, agus
- féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chuig na cúirteanna ar bharántais chuardaigh agus ar orduithe eile faoi fhorálacha nach forálacha de dhlí na gcuideachtaí iad.

## Gearáin

Sa bhliain 2024, fuarthas 241 cheann de ghearáin agus de léirithe imní ó dhaoine den phobal, agus fuarthas 31 ghearán breise ó eintitis phoiblí éagsúla, lenar áiríodh Banc Ceannais na hÉireann, an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, na Coimisinéirí Ioncaim, an Garda Síochána, agus an tÚdarás Pinsean.
Tugtar anailís i bhFíor 8 ar ábhar na ngearán a fuarthas.

**FÍOR 8**

### Gearáin a Fuarthas 2024





- **6%** Saincheisteanna Iniúchóireachta
- **6%** CGB/CGU
- **2%** Clár Comhaltaí
- **4%** Rochtain ar Chuntais/ar Mhiontuairiscí
- **1%** Doiciméid Fhalsaithe
- **7%** Comhdú Falsaithe leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí
- **14%** Saincheisteanna maidir le Seoladh na hOifige Cláraithe
- **1%** Iasachtaí Stiúrthóirí
- **11%** Díospóidí Fiachais
- **13%** Dualgais/Freagrachtaí Stiúrthóirí
- **4%** Saincheisteanna maidir le Scairsheilbh
- **2%** Saincheisteanna maidir leis an Ainm Gnó
- **12%** Líomhaintí Trádála Calaoisí/Meargánta
- **1%** Mí-úsáid an Téarma 'Teoranta'
- **7%** Saincheisteanna maidir le Leachtú/Glacadóireacht
- **1%** Trádáil nuair atáthar Dócmhainneach
- **6%** Ilghnéitheach
- **2%** Athrú i nDeireadh na Bliana Airgeadais

## Nochtaí cosanta

Is é is nochtadh cosanta ann nochtadh faisnéise a dhéanann oibrí maidir le héagóiritheoireacht iomchuí ar tháinig sé nó sí ar an eolas uirthi i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú), is duine ainmnithe chun críche nochtaí cosanta a fháil é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tugtar tuilleadh mionsonraí ar shuíomh Gréasáin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi conas nochtadh cosanta a dhéanamh leis an Údarás.

**FÍOR 9**

### Gníomhaíocht de bhun Nochtadh Cosanta





- **78%** Níor Measadh aon Ghníomhaíocht Bhreise a bheith Riachtanach
- **11%** Measadh Gníomhaíocht Bhreise a bheith Riachtanach
- **11%** Measúnú atá ar Siúl fós ag Deireadh na Bliana

Sa bhliain 2024, fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ocht dtuairisc inar líomhnaíodh sáruithe ar dhlí na gcuideachtaí trí nochtaí cosanta. Ar aon nochtadh a fháil, measúnaítear é chun a shuí an dtagann sé faoi raon feidhme na reachtaíochta um nochtadh cosanta nó nach dtagann. I gcás go suitear nach dtagann an ní faoi raon feidhme na reachtaíochta sin, déileáiltear leis mar ghearán ar an ngnáthbhealach.

**FÍOR 10**

## Cionta Líomhnaithe a Tuairiscíodh trí Nochtadh Cosanta




### Tuarascálacha reachtúla


Tagann oibleagáidí reachtúla áirithe tuairisciú chun cinn do ghairmithe cuntasaíochta agus dlí i gcás, le linn chomhlíonadh a bhfeidhmeanna, go dtagann fianaise ar a n-aird ar dá barr a thagann siad ar thuairim gur féidir go ndearnadh sárú tromchúiseach ar dhlí na gcuideachtaí. Tá feidhm ag na hoibleagáidí sin tuairisciú maidir le hiniúchóirí, le leachtaitheoirí, le scrúdaitheoirí, le glacadóirí, le comhairleoirí próisis agus le comhlachtaí gairmiúla áirithe.

### Tuarascálacha ciona indíotáilte ó iniúchóirí

Más rud é, le linn an iniúchta reachtúil ar chuideachta, go dtagann iniúchóir reachtúil ar an tuairim gur féidir go ndearnadh cion indíotáilte faoi dhlí na gcuideachtaí, ceanglaítear ar an iniúchóir an fíoras sin a thuairisciú don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus mionsonraí a thabhairt don Údarás faoi na forais ar ar thángthas ar an tuairim. Ní cheanglaítear ar iniúchóirí cuardach le haghaidh cionta. Ina ionad sin, ba cheart dóibh bheith ar a n-airdeall agus freagairt d'fhaisnéis a thagann isteach ina seilbh. Sa bhliain 2024, fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach 157 dtuarascáil ciona indíotáilte ó iniúchóirí cuideachtaí.


**FÍOR 11**

## Substaint na dTuarascálacha




Bítear ag súil leis go soláthróidh iniúchóirí faisnéis leorga mar thaca lena dtuairimí chun cur ar chumas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach meastóireacht chuí a dhéanamh ar na himthosca ba chúis le tuarascáil a bheith á cur isteach. I gcás go soláthraítear faisnéis neamhleor, nó i gcás go dteastaíonn tuilleadh faisnéise ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, is gnách go n-iarrann an tÚdarás faisnéis bhreise ón iniúchóir trí éileamh reachtúil. Sa bhliain 2024, eisíodh 28 n-éileamh reachtúla den sórt sin.

**FÍOR 12**
Próifíl Iniúchóirí





Toisc rannpháirteach shuntasach amháin i gcomhthéacs an tuairiscithe iniúchóirí is ea athrú iniúchóra. Rud sonrach, tarlaíonn sé in amanna, i gcás gur tháinig iniúchóir nua in ionad iniúchóir reachtúil, tar éis don iniúchóir nua léiriú ar dhéileáil chuntasaíochta a ghlacadh atá difriúil leis an léiriú sin a ghlac a réamhtheachtaí, go dtagann an t-iniúchóir nua ar an tuairim gur gá tuarascáil a chur isteach.

**FÍOR 13**
Anailís de réir Earnála 2024 (gan iasachtaí stiúrthóirí a áireamh)-



**FÍOR 14**

Anailís ar Thuarascálacha Ciona Indíotáilte (gan iasachtaí stiúrthóirí a áireamh), 2024




### Na hoibleagáidí breise atá ar leachtaitheoirí tuairisciú

De bhreis ar na hoibleagáidí atá orthu faoi alt 682 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, tuairisciú, mar atá mionsonraithe thuas, ceanglaítear ar leachtaitheoirí, de réir alt 723(5) den Acht, tuairisc a thabhairt don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus an ní a tharchur chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach freisin in imthosca ina ndealraíonn sé go raibh aon iaroifigeach nó oifigeach reatha de chuid na cuideachta lena mbaineann ciontach in aon chion maidir leis an gcuideachta. Tá feidhm ag an oibleagáid sin tuairisciú maidir le gach leachtú, idir leachtuithe sócmhainneacha agus leachtuithe dócmhainneacha (i.e., idir leachtuithe toilteanacha ag Comhaltaí agus ag Creidiúnaithe agus leachtuithe ag Cúirteanna). Fuarthas tuairisc amháin den sórt sin sa bhliain 2024.

### Tuarascálacha comhairleoirí próisis

Tugadh an Próiseas Tarrthála Riaracháin le haghaidh Cuideachtaí Beaga (SCARP) isteach sa bhliain 2021 mar phróiseas malartach tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí[7] a bhfuil dócmhainneacht rompu. Tá sé ceaptha chun bheith ina rogha atá níos tapa agus níos neamhchostasaí ná mar atá scrúdaitheoireacht. Cé go bhfuil na príomh-chomhpháirteanna de SCARP bunaithe ar an gcóras scrúdaitheoireachta, is próiseas i bhfad níos tapúla é.

Is é comhairleoir próisis a reáchtálann próisis SCARP. Ní fhéadfaidh iniúchóir ná cuntasóir na cuideachta gníomhú mar chomhairleoir próisis. Ní mór do chomhairleoir próisis na cáilíochtaí céanna a theastaíonn le haghaidh ceapadh mar leachtaitheoir a bheith aige nó aici[8], i.e., ní mór do chomhairleoir próisis:

a) a bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Chomhlacht Cuntasaíochta Forordaithe[9] a bhfuil deimhniú cleachta aige nó aici,
b) a bheith ina aturnae nó ina haturnae a bhfuil deimhniú cleachta aige nó aici,
c) a bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'aon chomhlachtaí gairmiúla eile atá aitheanta chun na críche sin ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) (ní ann d'aon cheann díobh faoi láthair),
d) a bheith ina dhuine nó ina duine atá cáilithe chun gníomhú mar leachtaitheoir i stát eile den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, nó
e) a bheith ina dhuine nó ina duine a bhfuil taithí phraiticiúil aige nó aici ar imeachtaí foirceanta agus a bheith eolas aige nó aici ar an dlí iomchuí roimh thosach feidhme an Achta.

7. Tá scéim SCARP ar oscailt do chuideachtaí beaga agus micreachuideachtaí a chomhlíonann dhá cheann de na trí chritéar seo a leanas:
   - níl níos mó ná 50 fostaí ag an gcuideachta,
   - ní mó láimhdeachas na cuideachta ná €12 mhilliún,
   - Ní mó iomlán Chlár Comhardaithe na cuideachta ná €6 mhilliún.

   De bhreis air sin, is ceanglais iad na nithe seo a leanas chun cáiliú le haghaidh SCARP:
   - ní féidir, nó is dóigh nach féidir, leis an gcuideachta a fiacha a íoc,
   - níl an chuideachta faoi leachtú,
   - ní mór nár cheap an chuideachta aon scrúdaitheoir ná aon chomhairleoir próisis le cúig bliana anuas, agus
   - má ceapadh glacadóir chuig an gcuideachta, ní bheidh an chuideachta incháilithe le haghaidh SCARP ach amháin i gcás gur ceapadh an glacadóir ar feadh tréimhse nach lú ná trí lá oibre.
8. Leagtar amach in ailt 633 agus 634 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, na cáilíochtaí is gá le haghaidh ceapacháin mar leachtaitheoir.
9. Is é is Comhlacht Cuntasaíochta Forordaithe ann aon chomhlacht cuntasaíochta a thagann faoi shainchúram maoirseachta IAASA. Tá cúig chomhlacht fhorordaithe ann faoi láthair, is iad sin: ACCA (Cumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte), AIA (Cumann na gCuntasóirí Idirnáisiúnta), CIMA (Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta), CIPFA (Institiúid Chairte an Airgeadais Phoiblí agus na Cuntasaíochta), agus CAI (Cuntasóirí Cairte Éireann).

# Achoimre ar Phróiseas SCARP

Is é comhairleoir próisis a reáchtálann próisis SCARP. Tá oibleagáid air nó uirthi plean tarrthála a fhorbairt don chuideachta. Ní mór don chomhairleoir próisis an tuarascáil deiridh uaidh nó uaithi, i.e., tar éis plean tarrthála a fhorbairt, a chur isteach chuig an Údarás. Murab ionann agus tuarascálacha ciona indíotáilte ó iniúchóirí, ina sainaithnítear cionta indíotáilte de réir a gcineáil, cuirtear tuarascálacha comhairleoirí próisis isteach chuig an Údarás le haghaidh faisnéise, i.e., faisnéis faoin bpróiseas tarrthála agus faoin bplean tarrthála. Is léir, áfach, gurb amhlaidh, i gcás go dtugtar éagóiritheoireacht fhéideartha nó saincheisteanna eile le fios i dtuarascáil, a fhéadfadh an tÚdarás í a imscrúdú de réir mar a mheastar é a bheith riachtanach nó cuí.

Próiseas Leachtaithe/Dócmhainneachta

**Ráiteas maidir le Cúrsaí**
Ullmhaíonn stiúrthóirí Ráiteas maidir le Cúrsaí mar aon le Dearbhú Reachtúil i ndáil le cúrsaí na cuideachta.

**Tuarascáil comhairleora próisis**
Cinneann an comhairleoir próisis go bhfuil seans réasúnach ann go mairfidh an chuideachta agus cuireann sé nó sí tuarascáil isteach ina ndeimhnítear go bhfuil an chuideachta inmharthana.

**Gan aon seans réasúnach go mairfidh an chuideachta.**

**LÁ 1**
**Rún Stiúrthóirí**
Ritheann stiúrthóirí rún chun tús a chur leis an bpróiseas a bheidh faoi fhormhaoirseacht ag an gcomhairleoir próisis. Tá fógra le comhdú leis an gCúirt.

**LÁ 2 - 42**
**Ullmhú pleananna tarrthála**
Oibríonn an comhairleoir próisis leis an gcuideachta chun plean tarrthála a ullmhú agus é a scaipeadh ar chreidiúnaithe roimh lá 42. Ní mór fógra a sheirbheáil ar chreidiúnaithe ineisiata á rá go bhfuil sé de rún ag an bpróiseas a bhfiach a chomhréiteach.

**Diúltaíonn an creidiúnaí/na creidiúnaithe an plean tarrthála/ cuireann an comhairleoir próisis in iúl nach bhfuil plean tarrthála indéanta.**

**LÁ 49**
**Vóta ar an bplean tarrthála**
Vótálann na creidiúnaithe ar an bplean tarrthála.Teastaíonn aicme creidiúnaithe amháin is mó ná 60%.


**LÁ 70**
**Conclúid**
Mura gcomhdaítear agóid sa chúirt laistigh den tréimhse mharana 21 lá, beidh an plean tarrthála ina cheangal.

**Diúltaíonn an Chúirt an plean tarrthála bunaithe ar agóid a tharraing an creidiúnaí/na creidiúnaithe anuas.**

I gcás gur féidir, ceanglaítear ar an gcomhairleoir próisis plean tarrthála a fhorbairt don chuideachta agus cóip den phlean sin a thabhairt don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun críocha faisnéise. Leis an bplean tarrthála, déantar soláthar do dhliteanais a dhíluacháil, agus cumasaítear leis conarthaí dochraideacha atá ann cheana, amhail léasanna, a fhoirceannadh, a luaithe a fhaightear toiliú ó shealbhóir an chonartha nó ceadú ón gCúirt. Is féidir leis freisin a bheith mar chúis le hathruithe i mbainistíocht agus i gcistiú breise a fhoinsiú. I gcás go dtugtar éagóiritheoireacht fhéideartha nó saincheisteanna eile le fios i dtuarascáil, féadfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach í a imscrúdú de réir mar a mheastar é a bheith riachtanach nó cuí. Sa bhliain 2024, bhain 29 gcuideachta leas as próiseas SCARP

**FÍOR 15**

## Anailís de réir Earnála 2024




- **7%** Infheistíocht/Seirbhísí Airgeadais/Árachas
- **24%** Tógáil/Innealtóireacht
- **7%** TF/na Meáin
- **7%** Talmhaíocht/Monaraíocht Bia
- **17%** Fáilteachas
- **24%** Miondíol
- **7%** Iompar
- **7%** Eile

**FÍOR 16**

## Gan aon Phlean Tarrthála a bheith ann



- **1** An líon Scrúdaitheoirí a Ceapadh
- **3** An líon Leachtaitheoirí a Ceapadh
- **1** An líon Glacadóirí a Ceapadh
- **2** An líon Cásanna ar Roghnaigh na Coimisinéirí Ioncaim gan Páirt a Ghlacadh iontu
- **1** An líon Infheisteoirí a bhí Neamhthoilteanach le Leanúint ar aghaidh

**Sa bhliain 2024**
ba mar thoradh ar Phróisis SCARP


a ceapadh
**16 Phlean Tarrthála**

agus bhí
**5 Cinn eile ar Siúl Fós**

bhí **8** gcás ann
**nár baineadh aon phlean tarrthála amach**

**FÍOR 17**

## Éilíodh leis an bPlean Tarrthála Athruithe ar an Lucht Bainistíochta



- **6%** Éilíodh
- **94%** Níor Éilíodh

**FÍOR 18**

## An Líon Fostaithe



- **371** Baineadh Plean Tarrthála Amach
- **461** Níor Baineadh aon Phlean Tarrthála Amach
- **114** Ar Siúl Ag Deireadh na Bliana

**FÍOR 19**

## Foinse Cistiúcháin



- **13%** Úsáideadh Sreabhadh Airgid a bhí ann cheana
- **13%** Tugadh Bearta Sábhála Costas isteach
- **30%** Fuarthas Iasacht
- **25%** Fuarthas Infheistíocht Cothromais
- **19%** Teaglaim de na Nithe Thuas




**Tuarascálacha scrúdaitheoirí**
Tar éis don Chúirt é nó í a cheapadh, tá 70 lá ag scrúdaitheoir (ar tréimhse í a fhéadfar a fhadú go 100 lá ar iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt) chun tograí a cheapadh le haghaidh Scéim Chomhshocraíochta. Ceanglaítear ar scrúdaitheoirí cóipeanna de na tuarascálacha a chuireann siad isteach chuig an gcúirt a chomhdú leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haghaidh faisnéise. Sa bhliain 2024, rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach naoi dtuarascáil scrúdaitheoirí san iomlán a fháil agus a bhreithniú. Ceapadh scrúdaitheoirí do dhá chuideachta eile i mí na Nollag 2024. Ní dhearnadh na tuarascálacha maidir leis na cuideachtaí sin a fháil ná a bhreithniú go dtí an bhliain 2025.

**Tarchuir ó ghníomhaireachtaí reachtúla eile**
Ar an mbealach céanna a dtarchuireann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach nithe lena mbaineann ábharthacht chuig gníomhaireachtaí eile Stáit de réir mar is cuí, faigheann an tÚdarás tarchuir ó chomhlachtaí eile Stáit, i.e., i gcás go bhfuil léirithe ann ar sháruithe ar dhlí na gcuideachtaí. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, fuarthas 31 tarchur den sórt sin. Ar na gníomhaireachtaí tarchuir bhí an Garda Síochána, an Banc Ceannais, an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, na Coimisinéirí Ioncaim, an tÚdarás Pinsean agus Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann.

**Ábhair a imscrúdaíodh de bhun anailís inmheánach**
De bhreis ar imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí éagóiritheoireachta a fhaightear ó dhaoine den phobal, trí thuarascálacha reachtúla a fháil, agus ó chomhlachtaí rialála eile, etc., déanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a anailísí agus a athbhreithnithe téamacha féin freisin. Shainaithin an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, 52 uair le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, daoine aonair a srianadh, a dícháilíodh nó a dearbhaíodh a bheith ina bhféimheach agus ar theip orthu na bearta riachtanacha a dhéanamh chun iad féin a chur as oifig mar stiúrthóirí cuideachta nó, i gcás sriain, an bonn caipitil riachtanach a chur i bhfeidhm i gcás gur mhian leo a bheith ina stiúrthóir fós.

**Cur chuige céimnithe i leith forfheidhmiúcháin**
Tá raon roghanna forfheidhmiúcháin ar fáil don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Áirítear leo sin:

- féachaint le nithe a réiteach ar bhonn riaracháin,
- cumhachtaí reachtúla a fheidhmiú,
- gealltanais a thairiscint,
- gníomhaíocht forfheidhmiúcháin shibhialta a dhéanamh,
- ionchúisimh achoimre a thionscnamh sa Chúirt Dúiche, agus
- comhaid a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí lena mbreithniú aige maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart cúisimh choiriúla a ordú ar díotáil.



### Bearta forfheidhmiúcháin choiriúil

Is ann do chásanna nach mbeidh cur chuige riaracháin ná cur chuige forfheidhmiúcháin shibhialta ina fhreagairt chomhréireach iontu do na léirithe bunúsacha ar éagóiritheoireacht fhollasach. Tarlaíonn sé sin de ghnáth nuair a thugann na léirithe ar éagóiritheoireacht le tuiscint go bhfuil gníomhaíocht ar siúl a d'fhéadfadh a bheith ina cion coiriúil faoi dhlí na gcuideachtaí. Áirítear le dlí na gcuideachtaí roinnt mhaith forálacha ciona, áit a bhféadfar cionta a thriail go hachomair sa Chúirt Dúiche nó ar díotáil sa Chúirt Chuarda, mar aon le cionta hibrideacha, a fhéadfar a thriail i gceachtar ionad.

Cumhdaíodh leis na himscrúduithe coiriúla a ghabh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach de láimh le linn na bliana 2024 leithead iomlán dhlí na gcuideachtaí, lenar áiríodh, mar shampla, saincheisteanna a bhain leis na nithe líomhnaithe seo a leanas:

- faisnéis bhréagach a thabhairt do Chláraitheoir na gCuideachtaí,
- pearsanú iniúchóirí ag daoine nach raibh cáilithe/údaraithe amhlaidh,
- leabhair agus taifid cuideachtaí a bheith neamhleor,
- duine do ghníomhú mar stiúrthóir le linn dó nó di a bheith ina fhéimheach neamhurscaoilte nó ina féimheach neamhurscaoilte,
- duine do ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta le linn dó nó di a bheith srianta agus de shárú ar cheanglais chaipitil iomchuí,
- duine do ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta le linn dó nó di a bheith dícháilithe, agus
- trádáil chalaoiseach.

### Ionchúisimh agus achomhairc

Cé go bhfuil sé de chumhacht ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ionchúisimh achoimre a thionscnamh ina ainm féin os comhair na Cúirte Dúiche, is amhlaidh a dhéantar comhaid imscrúdúcháin ina dtugtar le tuiscint go ndearnadh sáruithe tromchúiseacha ar dhlí na gcuideachtaí a chur faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí lena mbreithniú aici maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart cúisimh a ordú ar díotáil. Sa bhliain 2024, tharchuir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ceithre chomhad imscrúdúcháin chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Is faoin Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, atá neamhspleách ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, atá sé a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil, cé acu ba cheart nó nár cheart ionchúisimh indíotáilte a thionscnamh i leith aon ní ar leith. A luaithe a ordaítear cúisimh, is chuig na cúirteanna a aistrítear an ní. Ina dhiaidh sin, ní bhíonn aon smacht ar bith ag an Údarás ar cá fhad a mhairfidh an próiseas ná, go háirithe, ar cén uair a thosófar aon triail. Uaireanta, téann méid mór ama thart idir an tráth a ordaítear cúisimh agus an tráth a bhaintear an toradh deiridh ar thriail amach.

# 3. Cuntasacht aonair a chinntiú

Cé gur daoine dlítheanacha astu féin iad cuideachtaí, ní bhíonn cuideachtaí in ann gníomhú ach amháin trína stiúrthóirí. Tá sé de dhualgas ar stiúrthóirí cuideachta, dá bhrí sin, a chinntiú go gcomhlíonann na heintitis a bhainistíonn agus a ordaíonn siad dlí na gcuideachtaí. Ceanglaítear ar stiúrthóirí cuideachta freisin a chinntiú go gcomhlíonann siad féin a ndualgais éagsúla agus a n-oibleagáidí éagsúla.

Tá an chumhacht ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh in aghaidh cuideachtaí i gcás gur cuí. Mar sin féin, bíonn ár ngníomhaíocht forfheidhmiúcháin dírithe ar dhaoine aonair den chuid is mó. Cuid dhílis den chuspóir atá ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir le seasamh le sláine dhlí na gcuideachtaí a bhaint amach is ea daoine aonair a thabhairt chun cuntais.

### Cineál an ghnímh forfheidhmiúcháin i leith daoine aonair

Is féidir an ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach in aghaidh daoine aonair a aicmiú mar ghníomhaíocht a thagann astu seo a leanas:

- a mhaoirseacht ar an bpróiseas dócmhainneachta corparáidí agus gníomhartha gaolmhara forfheidhmiúcháin, agus
- a ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a eascraíonn trí bhealaí eile.


### Maoirseacht ar an bpróiseas dócmhainneachta corparáidí agus gníomhartha gaolmhara forfheidhmiúcháin

#### Srianta agus dícháilithe a eascraíonn as tuarascálacha leachtaitheoirí

Toimhdítear leis an dlí gurb amhlaidh, maidir leis na stiúrthóirí ar gach cuideachta dhócmhainneach, nár ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach le linn cúrsaí na cuideachta a bhainistiú. Forfheidhmítear é sin trína éileamh ar leachtaitheoir srianadh stiúrthóirí uile na cuideachta a lorg sa 12 mhí roimh an dáta a chuaigh an chuideachta faoi leachtú, mura soláthraíonn na stiúrthóirí fianaise go raibh a n-iompar macánta agus freagrach dáiríre. Leagann an leachtaitheoir na cinntí uaidh nó uaithi amach sa tuarascáil a cheanglaítear air nó uirthi a thabhairt don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus iarrfaidh sé faoiseamh a dheonú, nó gan aon fhaoiseamh a dheonú, ón oibleagáid na stiúrthóirí a shrianadh bunaithe ar na cinntí sin.

Is leagtha amach i bhFíor 20 atá an obair a rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus é ag déanamh maoirseacht ar an bpróiseas dócmhainneachta agus á chinntiú go dtugtar stiúrthóirí ciontacha chun cuntais.

**FÍOR 20**
Srianadh Stiúrthóirí
2019 - 2024




Bhí an líon srianta thart ar 50% níos lú sna blianta 2021 agus 2022 ná mar a bhí sé sa bhliain 2019, arbh í an bhliain deiridh de ghnáthghníomhaíochtaí dócmhainneachta roimh phaindéim COVID-19 í. De réir mar a thosaigh dócmhainneachtaí ag méadú arís mar gheall ar an tionchar a bhí ag dúshláin mhaicreacnamaíocha agus ag leachtú thacaíocht an Stáit do ghnólachtaí, tháinig méadú ar an líon srianta dá bharr. Bhí 98 srian ann sa bhliain 2024. B'ionann é sin agus 96% den iomlán sa bhliain 2019.

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, fuarthas 98[10] srian san iomlán de bharr an athbhreithnithe ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar thuarascálacha leachtaitheoirí, agus gealltanais dheonacha agus orduithe cúirte ina gcúis le méadú 44% ar fhigiúirí na bliana 2023.

**FÍOR 21**


## Srianta Stiúrthóirí 2024




**FÍOR 22**

## Dícháiliú Stiúrthóirí 2019-2024

Maidir le mí-iompar stiúrthóra is údar le dícháiliú a fhorchur, tá sé i bhfad níos tromchúisí ná mar atá an mí-iompar sin is cúis le srian agus, dá bhrí sin, tá sé measartha neamhchoitianta i gcomhthéacs an lín fhoriomláin leachtuithe dócmhainneacha. Mar sin féin, bhí méadú suntasach ann sa líon stiúrthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha a dícháilíodh sa bhliain 2024.





Sa bhliain 2024, dícháilíodh 20 stiúrthóir san iomlán de bhun an athbhreithnithe ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar thuarascálacha leachtaitheoirí. Is ionann é sin agus méadú 43% ar fhigiúirí na bliana 2023.

10. Srianadh roinnt stiúrthóirí i ndáil le níos mó ná cuideachta amháin. Dá bhrí sin, srianadh 88 nduine aonair i ndáil lena stiúrthóireacht ar 98 gcuideachta le linn na tréimhse faoi athbhreithniú.

**FÍOR 23**

Dícháiliú de bhun Tuarascálacha Leachtaitheoirí





- **70%** Le Gealltanas
- **30%** Ag an gCúirt

**Dícháilithe a eascraíonn as cásanna ina mbaintear cuideachtaí dócmhainneacha den chlár de dheasca neamhghníomh stiúrthóirí**

Maidir le stiúrthóirí a roghnaíonn cuideachtaí dócmhainneacha a thréigean, ag ligean dóibh a bheith bainte de Chlár na gCuideachtaí in ionad leachtaitheoir a cheapadh chun a gcúrsaí a fhoirceannadh ar bhealach ordúil, is féidir go ndícháileoidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iad mar stiúrthóirí. Is féidir go ndéanfar dícháiliú de bhun gealltanais nó is féidir go ndéanfar é mar thoradh ar imeachtaí Ard-Chúirte más rud é go dtairgtear gealltanas ach nach nglactar leis. Tá an próiseas sin leagtha amach sa ghrafaic thíos:

## An próiseas forfheidhmiúcháin i leith stiúrthóirí ar chuideachtaí a baineadh go hainneonach den chlár



Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, dícháilíodh beirt stiúrthóirí de bhun gealltanais maidir le dícháiliú ar thairg an tÚdarás iad toisc gur baineadh na cuideachtaí a raibh siad ina stiúrthóirí orthu go hainneonach den Chlár de dheasca a neamhghnímh.

**FÍOR 24**

## Gealltanais maidir le Dícháiliú a Tairgeadh i ndáil le Cuideachtaí a Baineadh go hAinneonach den Chlár



- **67%** Glacadh le Gealltanais maidir le Dícháiliú faoi alt 842(h)
- **33%** Níor Glacadh le Gealltanais maidir le Dícháiliú faoi alt 842(h)

**Cuideachtaí a Baineadh go hAinneonach den Chlár: Torthaí Forfheidhmiúcháin**


Maidir le gníomhaíocht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach i ndáil le stiúrthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha atá bainte den chlár, rinneadh difear suntasach di mar gheall ar an gclár um chuideachtaí a bhaint den chlár atá ar bun ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí a bheith ar fionraí. A luaithe a atosaítear go hiomlán an clár um chuideachtaí a bhaint den chlár, tá cuideachtaí a mhainnigh a dtuairisceáin bhliantúla a chomhdú i mbaol a mbainte den Chlár. Dá bhrí sin, rachaidh na stiúrthóirí ar an-chuid de na cuideachtaí sin faoi ghrinnscrúdú ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Cé gur féidir go ndícháileofar stiúrthóirí ar chuideachtaí a bhaintear den chlár agus dliteanais shuntasacha orthu, féadfaidh siad an pionós sin a sheachaint trí bhearta a dhéanamh chun an chuideachta a chur ar ais ar an gClár.

**FÍOR 25**

## Cuideachtaí Dócmhainneacha atá Bainte den Chlár

Mar atá leagtha amach thuas, is amhlaidh, i gcás go mbaintear cuideachta a bhfuil dliteanais shuntasacha uirthi den Chlár, is féidir go ndícháileofar a stiúrthóirí, trí ghlacadh le gealltanas maidir le dícháiliú ar feadh tréimhse suas le cúig bliana arna eisiúint chucu ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, nó de bhun iarratas arna dhéanamh ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chuig an Ard-Chúirt. De rogha air sin, féadfaidh na stiúrthóirí an pionós sin a sheachaint trí bhearta a dhéanamh chun an chuideachta a chur ar ais ar an gClár.



# Aguisín 1

## Cás-Staidéir

**Comhlíonadh a áirithiú trí bhearta riaracháin**

Tá sé mar aidhm ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach freagairt do gach gearán, do gach tuarascáil reachtúil agus do gach léiriú ar éagóiritheoireacht fhéideartha ar bhealach cothrom éifeachtúil. Déantar measúnú ar gach cás ina n-aonar agus, i gcás go bhfuil sé cuí déanamh amhlaidh, déanaimid iarracht aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar bhealach atá comhréireach agus tíosach ar acmhainní. Cumasaítear leis an gcur chuige sin dúinn ár n-acmhainní a dhíriú ar léirithe níos tromchúisí ar éagóiritheoireacht a imscrúdú agus ar dhul i mbun gnímh ina n-aghaidh. Léirítear sna cás-staidéir seo a leanas conas a chuirtear an straitéis sin i bhfeidhm sa chleachtas.

## CÁS-STAIDÉAR 1

**Mainneachtain fógra bailí a eisiúint lena dtionóltar Cruinniú Ginearálta Bliantúil de chuid cuideachta.**

Faoi réir eisceachtaí áirithe, ceanglaítear le dlí na gcuideachtaí go dtionólfadh cuideachta Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB) de chuid na cuideachta gach bliain (gan níos mó ná 15 mhí a bheith ann idir cruinnithe). Is é is CGB ann ná cruinniú de chuid chomhaltaí/scairshealbhóirí na cuideachta, áit nach mór ráitis airgeadais agus tuarascáil iniúchóra (i gcás gurb infheidhme) a chur faoi bhráid na gcomhaltaí/na scairshealbhóirí agus i gcás, más infheidhme, go dtoghtar stiúrthóirí. Dá bhrí sin, is príomhshásra cuntasachta ó thaobh scairshealbhóirí/chomhaltaí na cuideachta de é an CGB.

Maidir leis an bhfógra i dtaobh CGB, rud nach mór a sheoladh chuig gach comhalta, 21 lá roimh ré de ghnáth, is gnách go gcuirtear ar áireamh ann an clár oibre agus na ráitis airgeadais, lena n-áirítear cóipeanna de na tuarascálacha stiúrthóirí agus de na tuarascálacha iniúchóirí (i gcás gurb infheidhme, i.e., i gcás nár bhain an chuideachta leas as díolúine ó iniúchadh).

Fuarthas gearán ó dhuine den phobal á líomhain gur mhainnigh cuideachta CGB a ghairm agus a thionól. Tar éis idirghabháil ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, gaireadh CGB, agus fógraí eisithe chuig comhaltaí na cuideachta. Mar sin féin, ba lochtach a bhí an fógra a eisíodh toisc nár áiríodh leis na doiciméid a bhí ag teastáil chun é a thionlacan. Tar éis tuilleadh caidrimh, d'eisigh an chuideachta fógraí leasaithe lenar tugadh na doiciméid riachtanacha do chomhaltaí na cuideachta. Mar thoradh ar idirghabháil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, tionóladh an CGB i gcomhréir le dlí na gcuideachtaí, agus cearta na gcomhaltaí á seasamh dá réir.

## CÁS-STAIDÉAR 2

**Sárú ar ordú dícháilíochta.**

Déanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gnáthsheiceálacha ar stiúrthóirí atá faoi réir orduithe sriantachta nó orduithe dícháilíochta chun a chinntiú go ndearna siad na bearta riachtanacha chun éirí as mar stiúrthóir cuideachta agus/nó mar rúnaí cuideachta (dícháiliú) nó chun a chinntiú nach bhfuil siad ina stiúrthóirí ach amháin ar chuideachtaí a chomhlíonann na ceanglais chaipitlithe riachtanacha (srian).

Mhainnigh duine aonair a thoiligh le gealltanas maidir le dícháiliú éirí as seacht gcuideachta a raibh sé nó sí ina stiúrthóir orthu. Ós rud é nach raibh aon fhianaise ann á thabhairt le fios gur ghníomhaigh an duine aonair mar stiúrthóir tar éis a dhícháilithe dáiríre, scríobh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chuig an duine aonair, agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis an ordú dícháilíochta a shárú á gcur in iúl dó. Tar éis caidreamh a dhéanamh leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, d'éirigh an duine as a stiúrthóireachtaí uile. Tríd an ngníomh riaracháin sin, chuir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach cosaint an phobail chun cinn trína chinntiú gur éirigh duine aonair dícháilithe as gach stiúrthóireacht cuideachta.

## CÁS-STAIDÉAR 3

**Seoladh cónaithe a úsáid gan toiliú an úinéara tí.**

Ceanglaítear ar gach cuideachta Éireannach le halt 50 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, seoladh cláraithe sa Stát a bheith acu, ar seoladh é nach mór a thaifeadadh leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gearán ó dhuine den phobal a raibh post cuideachta á fháil aige chuig a sheoladh cónaithe. Ní raibh aon bhaint roimhe sin ag an duine aonair leis an gcuideachta a bhí i gceist agus bhí sé trí chéile mar gheall ar an gcomhfhreagras gan iarraidh a bhí á fháil aige. Fuair cásoifigeach ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faisnéis teagmhála le haghaidh stiúrthóirí na cuideachta. Tar éis don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach teagmháil a dhéanamh leo, rinne na stiúrthóirí bearta láithreacha chun mionsonraí sheoladh oifige cláraithe na cuideachta leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí a nuashonrú. A luaithe a dheimhnigh an cásoifigeach go ndearnadh na comhduithe riachtanacha, chuir an cásoifigeach an méid sin in iúl don ghearánach. Cuireadh an chuideachta i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, 2014, agus ní rabhthas ag seoladh an phoist gan iarraidh chuig seoladh cónaithe an ghearánaigh a thuilleadh.

## CÁS-STAIDÉAR 4

**Mainneachtain fógra a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí faoi athruithe ar an seoladh cláraithe.**

Le halt 50(3) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, ceadaítear tréimhse 14 lá ó dháta an athraithe in oifig chláraithe cuideachta le haghaidh fógra a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí faoin ní. Is cion de chuid earnáil 4 í mainneachtain é sin a chomhlíonadh.

Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gearán ó dhuine aonair a raibh deacracht aige páipéir a sheirbheáil ar chuideachta a bhain le díospóid san áit oibre toisc nach raibh seoladh cláraithe na cuideachta cothrom le dáta ar an gclár poiblí. Dhiúltaigh an Oifig um Chlárú Cuideachtaí d'iarracht tosaigh a rinne na stiúrthóirí mionsonraí na cuideachta a nuashonrú. Lean an cásoifigeach le caidreamh a dhéanamh leis na stiúrthóirí chun a chinntiú go ndearnadh na tuairisceáin riachtanacha a leasú agus a chur isteach arís ar bhealach tráthúil. Ghlac an Oifig um Chlárú Cuideachtaí le haighneacht ina dhiaidh sin, ar dá bharr a bhí an chuideachta i gcomhréir le hAchtanna na gCuideachtaí an athuair. Cuireadh in iúl don ghearánach gur taifeadadh seoladh cláraithe nua leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

## CÁS-STAIDÉAR 5

**Gníomhú mar iniúchóir reachtúil nuair nach bhfuil an duine ceadaithe chun déanamh amhlaidh.**

Ceanglaítear le halt 333 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, nach mór na ráitis airgeadais reachtúla de chuid cuideachta a bheith iniúchta ag iniúchóir reachtúil, mura rud é go bhfuil an chuideachta i dteideal, agus go roghnaíonn sí, leas a bhaint as díolúine ó iniúchadh.

Níl duine i dteideal gníomhú mar iniúchóir reachtúil, cur síos a dhéanamh air féin mar iniúchóir reachtúil, ná a thabhairt le tuiscint gur iniúchóir reachtúil é mura féidir leis forálacha I.R. Uimh. 220/2010 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iniúchtaí Reachtúla) (Treoir 2006/43/CE), 2010, a chomhlíonadh. Ní mór d'aon duine a ghníomhaíonn mar iniúchóir reachtúil in Éirinn a bheith ina chomhalta nó ina comhalta de chomhlacht cuntasaíochta aitheanta agus na cáilíochtaí riachtanacha a bheith aige nó aici.

Cuireadh in iúl don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach go raibh duine aonair, ag gníomhú dó trí chuideachta, ag fógairt an tsoláthair seirbhísí iniúchóireachta ar shuíomh Gréasáin na cuideachta nuair nach raibh sé i dteideal déanamh amhlaidh. Sholáthair an gearánach mionsonraí an tsuímh Gréasáin mar thaca leis an ngearán uaidh. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar Chlár na nIniúchóirí a choimeádann an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, dheimhnigh an cásoifigeach nach raibh cead ag an duine aonair atá liostaithe ar an suíomh Gréasáin gníomhú mar iniúchóir reachtúil. Suíodh in athbhreithniú ar aighneachtaí chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí nár ghníomhaigh an duine mar iniúchóir reachtúil go fóill.

D'ordaigh cásoifigeach ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach don chuideachta na leasuithe riachtanacha a dhéanamh ar a suíomh Gréasáin agus ar a cuntais meán sóisialta chun gach tagairt do sholáthar na seirbhísí iniúchóireachta nach raibh an chuideachta cáilithe chun iad a sholáthar a bhaint. Tríd an ngníomh sin, chuir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le cosaint an phobail ar an mbaol a bhaineann le seirbhísí iniúchóireachta a fhostú ó dhuine aonair nach bhfuil cáilithe chun iad a sholáthar.

## CÁS-STAIDÉAR 6

**Gníomhú mar chomhairleoir próisis nuair nach bhfuil an duine ceadaithe chun déanamh amhlaidh.**

Scríobhann cásoifigeach ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chuig gach comhairleoir próisis tar éis a gceapacháin chun na hoibleagáidí atá orthu tuairisciú a mheabhrú dóibh. I ngach cás, deimhníonn an cásoifigeach go bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha ag an gceapaí agus nach bhfuil toirmeasc air nó uirthi gníomhú faoin Acht.

Le linn gnáthchuardaigh a dhéanamh, shainaithin cásoifigeach ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gur chuir duine aonair nach raibh cáilithe chun gníomhú mar chomhairleoir próisis toisc gur stiúrthóir cuideachta é freisin 'Fógra faoi Chomhairleoir Próisis a Cheapadh' faoi bhráid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí.

Tar éis caidreamh a dhéanamh leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, d'éirigh an duine aonair as an gceapachán. Níor ceapadh aon phlean tarrthála don chuideachta agus ní dhearna an ceapachán aon difear don chuideachta ná do chreidiúnaithe na cuideachta.

## CÁS-STAIDÉAR 7

**Mainneachtain na téarmaí de chuid plean tarrthála a chomhlíonadh.**

Tar éis dóibh plean tarrthála a fhorbairt, ceanglaítear ar chomhairleoirí próisis cóip den tuarascáil deiridh uathu a thabhairt don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Déanann cásoifigeach ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gach tuarascáil a bhreithniú. Déanann an cásoifigeach sin seiceálacha áirithe chun a dheimhniú gur chomhlíon an chuideachta téarmaí an phlean tarrthála, go háirithe maidir le hathruithe ar stiúrthóirí agus ar scairshealbha, i measc nithe eile. I gcás go ndealraíonn sé nach raibh aon éifeacht ag na hathruithe, déanfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach caidreamh leis an gcuideachta ar an gcéad dul síos.

I gcás amháin, thug cásoifigeach ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi deara gur thug na stiúrthóirí gealltanas go n-éireodh siad as agus go n-éascódh siad ceapadh stiúrthóirí nua chun cistiú a áirithiú don chuideachta. Ós rud é nár tharla sé sin, rinne cásoifigeach ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach teagmháil leis an gcuideachta. Tar éis caidreamh a dhéanamh leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, d'éirigh na stiúrthóirí as agus ceapadh stiúrthóirí nua.

## CÁS-STAIDÉAR 8

**Trádáil faoi ainm atá míthreorach.**

Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gearán go raibh gnólacht ag airbheartú ar a shuíomh Gréasáin gur cuideachta é. Deimhníodh in athbhreithniú ar an suíomh Gréasáin gur úsáideadh an téarma 'cuideachta chláraithe' chun cur síos a dhéanamh ar ghnó an ghnólachta. Tar éis tuilleadh imscrúdaithe, fuair cásoifigeach amach gurbh ainm gnólachta chláraithe é an t-ainm, seachas ainm cuideachta.

Tar éis caidreamh a dhéanamh le húinéir an ghnólachta, baineadh tagairtí míchuí míthreoracha do chuideachta chláraithe den suíomh Gréasáin, rud a chosnódh an pobal ar fhaisnéis mhíthreorach.

## CÁS-STAIDÉAR 9

**Daoine atá ag sealbhú níos mó ná 25 stiúrthóireacht.**

Is ról suntasach é ról an stiúrthóra cuideachta agus gabhann leis a lán freagrachtaí ar féidir leo a bheith measartha dochraideach. Agus an méid sin á chur san áireamh, cuirtear toirmeasc le halt 142 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, ar aon duine aonair ó níos mó ná 25 stiúrthóireacht cuideachta a shealbhú ag aon am amháin. Tá feidhm ag eisceachtaí áirithe, áfach. Áirítear leo sin:

- cuideachtaí poiblí teoranta, atá fágtha amach as an uasteorainn,
- grúpchuideachtaí, nach n-áirítear mar cheann ach amháin más stiúrthóir ar an gcuideachta sealbhaíochta freisin é an duine, agus
- i gcás gur thaisc an chuideachta fógra leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí á rá go dtagann an chuideachta faoi na catagóirí eisiata chun an líon cuideachtaí a bhfuil duine ina stiúrthóir orthu a fháil amach.

Tugadh le fios in alt nuachtáin a foilsíodh sa bhliain 2024 go raibh 151 duine aonair ag sárú an cheanglais gan níos mó ná 25 stiúrthóireacht a shealbhú. In athbhreithniú ar Chlár na gCuideachtaí a rinne cásoifigeach ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, sainaithníodh 480 duine aonair a shealbhaigh níos mó ná 25 stiúrthóireacht. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar thart ar 18,000 cuideachta, agus tar éis na díolúintí éagsúla a chur i bhfeidhm, suíodh go raibh 18 nduine aonair ag sárú alt 142 d'Achtanna na gCuideachtaí. Rinne 13 dhuine aonair iad féin a chur i gcomhréir arís faoi dheireadh na bliana tar éis caidreamh a dhéanamh leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Leanann cásoifigigh le caidreamh a dhéanamh leis na daoine aonair atá fágtha, agus an chuid is mó acu i gcomhréir anois, rud a chinntíonn go bhfuil meas á léiriú ar an bhforáil thábhachtach sin de dhlí na gcuideachtaí.

## CÁS-STAIDÉAR 10

**Comhdú déanach ag carthanais.**

Bíonn oibleagáid ar chuideachta tuairisceán bliantúil a sheachadadh don Oifig um Chlárú Cuideachtaí uair amháin sa bhliain ar a laghad. Ní mór an tuairisceán a chomhdú laistigh de 56 lá ó Dháta Tuairisceáin Bhliantúil na cuideachta. Má mhainníonn cuideachta comhlíonadh, beidh an chuideachta, agus aon oifigeach di a rinne mainneachtain, ciontach i gcion de chuid earnáil 3.

De bhun roinnt gearán a bhain le carthanais nach raibh ag comhdú a dtuairisceán bliantúil, rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach athbhreithniú ar na tuairisceáin a bhí amuigh a mhéid a bhain siad leis na carthanais a bhí cláraithe leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Suíodh ón athbhreithniú sin nár comhdaíodh 497 dtuairisceán bhliantúla, a bhain le 92 chuideachta. Tar éis tuilleadh athbhreithnithe, rinne cásoifigigh ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach teagmháil le gach ceann de na carthanais. Ag teacht sna sála ar obair an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, bhain 41 charthanas san iomlán comhlíonadh amach trí gach tuairisceán bliantúil amuigh a chur isteach faoi dheireadh na bliana. Thug 31 chuideachta eile a gcomhduithe cothrom le dáta tamaillín tar éis dheireadh na bliana. Leanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le dul chun cinn a dhéanamh ar an ní leis an 20 carthanas atá fágtha.

## CÁS-STAIDÉAR 11

**Mionsonraí míchearta stiúrthóirí na gcarthanas.**

De bhreis ar thuairisceán bliantúil a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, ceanglaítear ar charthanais chorpraithe tuarascáil bhliantúil a chomhdú leis an Rialálaí Carthanas freisin. Rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach athbhreithniú chun carthanais a shainaithint ar ina leith nach raibh na mionsonraí stiúrthóirí a comhdaíodh leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ag teacht leis na mionsonraí iontaobhaithe a comhdaíodh leis an Rialálaí Carthanas.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar 293 charthanas, shainaithin an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach 13 chuideachta a raibh faisnéis mhícheart i seilbh na hOifige um Chlárú Cuideachtaí ina leith. Sa 280 cás eile, bhíothas in amhras gurbh fhéidir nár cuireadh faisnéis cothrom le dáta faoi bhráid an Rialálaí Carthanas.

Faoi dheireadh na bliana, agus tar éis caidreamh a dhéanamh leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, bhí na comhduithe riachtanacha déanta ag deich gcinn de na cuideachtaí chun na cuideachtaí a chur i gcomhréir. Bhain dhá chuideachta eile comhlíonadh amach tamaillín tar éis dheireadh na bliana.

## CÁS-STAIDÉAR 12

**Cuideachtaí nach bhfuil aon stiúrthóir acu.**

Le halt 137 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, ceanglaítear ar chuideachta stiúrthóir amháin ar a laghad a bhfuil cónaí air nó uirthi sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a bheith aici, mura mbaineann an chuideachta leas as díolúintí áirithe, i.e., cuireann sí banna faoi bhráid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí nó faigheann sí deimhniú ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí á rá go bhfuil naisc atá réadach agus leanúnach aici. I gcás go mbaintear leas as na díolúintí, ní mór don chuideachta stiúrthóir a bheith aici, ach ní gá go mbeadh cónaí ar an stiúrthóir sin sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

I gcás go dtugann stiúrthóir cuideachta fógra do chuideachta faoina éirí as nó faoina héirí as ach go mainníonn an chuideachta an aighneacht riachtanach a dhéanamh chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí laistigh de 21 lá, féadfaidh an duine fógra a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí go díreach faoina éirí as nó faoina héirí as tríd an aighneacht riachtanach a dhéanamh.

In athbhreithniú a rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, sainaithníodh 519 gcuideachta a fágadh gan aon stiúrthóir a bheith acu tar éis do dhaoine aonair fógra a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí go díreach faoina n-éirí as. Ní féidir le cuideachta a hoibleagáidí éagsúla faoi Achtanna na gCuideachtaí a chomhlíonadh gan stiúrthóir a bheith aici. Thug an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach liosta de na cuideachtaí lenar bhain don Oifig um Chlárú Cuideachtaí toisc go bhféadfadh siad a bheith oiriúnach dá mbaint den chlár faoin gclár um chuideachtaí a bhaint den chlár atá ar bun ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

**Bearta forfheidhmiúcháin shibhialta**
Is féidir le cur chuige riaracháin comhlíonadh a áirithiú go héifeachtach agus cearta na bpáirtithe leasmhara a sheasamh. Mar sin féin, is amhlaidh a thagann imthosca chun cinn inar gá don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chumhachtaí forfheidhmiúcháin shibhialta a fheidhmiú. Is gnách go mbíonn sé i gceist leis na cumhachtaí sin ordacháin reachtúla a eisiúint chuig cuideachta agus/nó chuig a stiúrthóirí chun gníomhartha sonracha a dhéanamh agus, nuair is gá, imeachtaí sibhialta a thionscnamh sa chúirt. Tugtar sna cás-staidéir seo a leanas samplaí den chur chuige sin.

## CÁS-STAIDÉAR 13

**Iarratas ar chomhdú tuairisceán bliantúil a ordú faoi alt 797 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, in aghaidh Blackbee Group Holdings Limited (BGHL) agus City Quarter Capital II plc (CQC II).**

Nochtadh i scrúdú a rinneadh ar Chlár na gCuideachtaí gur mhainnigh BGHL Tuairisceáin Bhliantúla a chomhdú de réir alt 343(2) d'Acht 2014 do na blianta idir 2021 agus 2023, agus an dá bhliain sin san áireamh.

An 6 Márta 2024, d'eisigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach Fógra alt 797 a bhí dírithe chuig BGHL agus chuig an Uas. David O'Shea, a stiúrthóir, á cheangal go ndéanfaí tuairisceáin bhliantúla agus ráitis airgeadais tionlacain a thaisceadh leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí i leith na dtrí bliana ar leith.

Mar an gcéanna, nochtadh i scrúdú ar Chlár na gCuideachtaí gur mhainnigh CQC II freisin Tuairisceáin Bhliantúla a chomhdú de réir alt 343(2) d'Acht 2014 do na blianta idir 2020 agus 2023, agus an dá bhliain sin san áireamh.

An 6 Márta 2024, d'eisigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach Fógra reachtúil do CQC II freisin lenar lorgaíodh Tuairisceáin Bhliantúla a sheachadadh i leith na gceithre bliana ar leith.

Cuireadh in iúl don dá chuideachta gurbh amhlaidh, dá mainneodh siad a n-oibleagáidí a chomhlíonadh laistigh den tréimhse ama a bhí sonraithe sna Fógraí, a dhéanfaí iarratas chuig an Ard-Chúirt de bhun alt 797(4) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, ar Orduithe lena n-ordófaí an comhlíonadh sin, mar aon le hOrduithe le haghaidh na gcostas.

Bhí an dá chuideachta mar chuid de ghrúpa níos mó agus d'áitigh siad go mbeadh am ag teastáil uathu chun rochtain a fháil ar ábhar iomchuí chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. D'éascaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach na hiarrataí sin, cé gur chuir sé in iúl go raibh an mhainneachtain ann ar feadh tamall maith faoin tráth sin.

D'ainneoin na saoirse a tugadh do na cuideachtaí, mhainnigh siad na Fógraí a chomhlíonadh laistigh den tréimhse ama cheadaithe. Thionscain an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach rúin in aghaidh an dá chuideachta, a tháinig os comhair na hArd-Chúirte an 29 Iúil 2024. Ar an dáta sin, thoiligh na cuideachtaí le hOrduithe a bheith á ndéanamh ina n-aghaidh, lenar áiríodh Orduithe le haghaidh costas.

Leagadh síos sna hOrduithe ón Ard-Chúirt tréimhse ar laistigh di ba cheart iad a chomhlíonadh agus, ós rud é nach raibh aon chomhlíonadh ann, bhreithnigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach forfheidhmiú pionósach. Chuaigh an dá chuideachta faoi leachtú ón uair sin i leith.

# CÁS-STAIDÉAR 14

## Neamhchomhdú thuarascálacha alt 682 – gníomh forfheidhmiúcháin in aghaidh an Uas. Patric Black

Tá oibleagáid ar an leachtaitheoir ar chuideachta dhócmhainneach tuarascáil reachtúil a sholáthar don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi alt 682(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014 (an tAcht), ina leagtar amach na cúiseanna le dócmhainneacht na cuideachta, agus measúnú an leachtaitheora ar iompar stiúrthóirí na cuideachta. Cabhraíonn tuarascálacha den sórt sin leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Ceanglaítear ar leachtaitheoir an chéad tuarascáil de bhun alt 682 a chomhdú laistigh de shé mhí ón gceapachán, agus i gceann eatraimh de réir mar a iarrfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ina dhiaidh sin go dtí go gcuirfear leachtú i gcrích. Is cion de chuid Earnáil 3 í mainneachtain tuarascáil alt 682 a chur isteach in am agus, dá réir sin, is féidir go mbeidh dliteanas coiriúil ar leachtaitheoir den sórt sin dá barr.

Ceapadh an tUas. Patric Black mar leachtaitheoir ar shé chuideachta agus bhí oibleagáid air tuarascálacha a chur isteach chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi alt 682 i ndáil le gach ceann de na cuideachtaí. Mhainnigh sé an oibleagáid sin a chomhlíonadh. Cé go ndearnadh iarrataí air arís is arís eile, lenar áiríodh rabhaidh faoi na hiarmhairtí a bheadh ag a mhainneachtain na tuarascálacha a chur isteach, ní bhfuarthas na tuarascálacha.

Eisíodh fógraí chuig an Uas. Black á cheangal air na tuarascálacha a chomhdú laistigh de 14 lá agus á chur in iúl dó go ndéanfadh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas chuig an Ard-Chúirt ar Orduithe lena n-ordófaí dó a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh mura ndéanfadh sé amhlaidh. Cuireadh in iúl sna fógraí freisin go lorgódh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach Ordú á rá gur ar an Uas. Black go pearsanta a bheadh na costais go léir a bhainfeadh agus a ghabhfadh leis an iarratas.

Ós rud é gur mhainnigh an tUas. Black na fógraí a d'eisigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chomhlíonadh, rinneadh iarratas chuig an Ard-Chúirt de bhun alt 797 d'Acht 2014. Tháinig an ní os comhair an Bhreithimh Onóraigh Brian Cregan an 11 Samhain 2024, a rinne na hOrduithe lenar ordaíodh don Uas. Black na tuarascálacha amuigh a sheachadadh don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus a rinne Orduithe le haghaidh costas i bhfabhar an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tá na tuarascálacha comhdaithe go cuí anois ag an Uas Black.

**Dlíthíocht shibhialta eile**

I dteannta na dlíthíochta sibhialta a thionscnaítear chun neamhchomhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a fhorfheidhmiú, is féidir go dtarraingeofar an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach isteach i ndlíthíocht freisin, mar shampla trí é a fhorordú nó a ainmniú mar fhógraphháirtí. Tarlaíonn sé sin, mar shampla:

- i gcás, faoi alt 747(5) d'Acht 2014, go n-iarrann páirtí eile seachas an tÚdarás go ndéanfaí Cigire arna cheapadh nó arna ceapadh ag an gcúirt a cheapadh chuig cuideachta. I gcásanna den sórt sin, ní mór don pháirtí sin fógra a sheoladh chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach roimh ré á rá go bhfuil sé ar intinn aige nó aici an t-iarratas sin a dhéanamh, agus
- i gcás, faoi ailt 822 agus 847 (faoi seach) d'Acht 2014, go ndéanann stiúrthóir iarratas chuig an Ard-Chúirt ar fhaoiseamh ó ordú sriantachta nó ordú dícháilíochta.

Sa tréimhse faoi athbhreithniú, níor tugadh fógra don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir le haon iarratas den sórt sin.

Maoirseacht dócmhainneachta

# CÁS-STAIDÉAR 15

## Gealltanas maidir le Srian: SDM Emerald Green Exports Limited.

Corpraíodh SDM Emerald Green Exports Limited i mí na Nollag 2013 agus scoir sé de thrádáil bliain amháin ina dhiaidh sin i mí na Nollag 2014, agus dliteanais shuntasacha dlite di do chreidiúnaithe. Leachtaíodh an chuideachta i mí Aibreáin 2015 ar iarratas ó chreidiúnaí a rinne achainí chuig an Ard-Chúirt ar an gcuideachta a fhoirceannadh.

Thuairiscigh an leachtaitheoir nach raibh aon mhíniú imleor ag teacht ó na stiúrthóirí maidir le conas a cruinníodh easnamh chomh mór le €687,923, dar leis an Ráiteas Measta maidir le Cúrsaí, laistigh de thréimhse chomh gairid sin. Mhainnigh na stiúrthóirí freisin a áirithiú gur ullmhaíodh cuntais nó ráitis airgeadais ó dháta an chorpraithe go dtí dáta an leachtaithe agus, dá réir sin, ní rabhthas in ann méid iomlán shócmhainní agus dhliteanais na cuideachta a dhéanamh amach. Is amhlaidh a suíodh in iniúchadh ó na Coimisinéirí Ioncaim go raibh dliteanas suntasach CBL ann arbh ionann é, i dteannta úis agus pionós, agus €793,573 san iomlán.

Ag eascairt as a imscrúduithe, tháinig an leachtaitheoir ar an tuairim go raibh an tUas. Sean Mitchell ina chúlstiúrthóir ar an gcuideachta agus go raibh sé ar an bpríomhdhuine a bhí freagrach as cúrsaí na cuideachta a bhainistiú. Cuireadh bac mór ar imscrúduithe an leachtaitheora mar gheall ar an easpa comhoibrithe a fuair sé ó na stiúrthóirí agus mar gheall ar an nganntanas leabhar agus taifead a bhí ann. Bhí an leachtaitheoir den tuairim nár ghníomhaigh daoine áirithe de na stiúrthóirí go macánta agus go freagrach agus níor lorg siad faoiseamh óna oibleagáidí a srianadh a lorg.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha an leachtaitheora, thairg an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gealltanais maidir le srian don Uas. Sean Mitchell agus don Uas. Daniel Mitchell, a thoiligh le srian ar feadh tréimhse 5 bliana. Deonaíodh faoiseamh i leith na stiúrthóirí a bhí fágtha, ar cinneadh gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach.

# CÁS-STAIDÉAR 16

## Dícháiliú ag an gCúirt: Boxer Logistics Limited.

Corpraíodh Boxer Logistics Limited an 18 Deireadh Fómhair 2017 agus thrádáil sé ar feadh tréimhse thart ar cheithre bliana go leith. D'fheidhmigh sé mar ghnólacht seachadta baile agus iompair lasta a sholáthair seirbhísí do ghnólachtaí seanbhunaithe ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe. Ba iad an tUas. Stewart Alexander agus an tUas. Bill Henry na stiúrthóirí ag am an cheapacháin.

Baineadh úsáid as dhá chuntas bainc phearsanta chun mídhílsiú cistí cuideachta ag na stiúrthóirí agus a gcomhlaigh a éascú. Áiríodh leis sin imghabháil cánach ar mhórscála a éascú agus éilimh chalaoiseacha a éascú faoi Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá COVID-19 (TWSS) agus faoin Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (EWSS). Baineadh úsáid as na cuntais sin freisin chun trádáil chalaoiseach agus mheargánta a éascú.

Sa ráiteas measta maidir le cúrsaí ó na stiúrthóirí, níor tugadh cuntas i bhfeithiclí a bhí ina sócmhainní cuideachta ar bhain oifigigh na cuideachta úsáid astu. Dhíol na stiúrthóirí cúig charr ar leis an gcuideachta iad agus arbh ionann a luach agus €353,700 sa tseachtain roimh an gcruinniú creidiúnaithe an 24 Márta 2022.

Taispeánadh sa ráiteas maidir le cúrsaí don chuideachta go raibh glandliteanas ab ionann agus thart ar €245,756 dlite do na Coimisinéirí Ioncaim. Tar éis dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar chuntais na cuideachta, tháinig na comhleachtaitheoirí ar an tuairim nach raibh an chuideachta incháilithe le haghaidh páirt a ghlacadh sa scéim EWSS, faoina bhfuair sí thart ar €1.93m. Níor taifeadadh líon suntasach idirbheart le fostaithe ná idirbhearta éagsúla díolacháin i gceart i gcórais chuntasaíochta na cuideachta, rud ba chúis le dliteanas measta do na Coimisinéirí Ioncaim ab ionann agus thart ar €6m.

Bhainistigh stiúrthóirí na cuideachta an gnó agus an t-airgeadas trí chuntas amháin a bhí in ainm na cuideachta agus trí dhá chuntas eile a bhí in ainm an Uas. Stewart Alexander. Rinneadh é sin chun an fhíorstaid maidir le hioncam agus íocaíochtaí na cuideachta le fostaithe agus le conraitheoirí a cheilt chun a dualgais i leith na gCoimisinéirí Ioncaim a íoslaghdú.

Níor choimeád an Chuideachta leabhair agus taifid chuí agus fuarthas amach gur chuir na stiúrthóirí a leasanna féin chun tosaigh ar leasanna chreidiúnaithe na cuideachta. Fuair na leachtaitheoirí breithiúnas ab ionann agus €12.4 milliún in aghaidh an Uas. Bill Henry agus an Uas. Stewart Alexander freisin.

Tar éis dó tuarascálacha na gcomhleachtaitheoirí a scrúdú, níor dheonaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach aon fhaoiseamh i leith an Uas. Stewart ná an Uas. Henry. Níor tairgeadh aon ghealltanais maidir le dícháiliú, toisc go raibh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim go raibh iompar na stiúrthóirí chomh tromchúiseach sin gur cheart deis a thabhairt don Ard-Chúirt an ní a bhreithniú agus, más cuí, fad oiriúnach aon dícháilithe a chinneadh. Tar éis iarratas a fháil ó na comhleachtaitheoirí, d'fhorchuir an Ard-Chúirt dícháiliú 14 bliana ar an mbeirt stiúrthóirí.

# CÁS-STAIDÉAR 17

## Dícháiliú agus Srianta ag an gCúirt: Swan Fruit Limited.

Corpraíodh an chuideachta an 25 Aibreán 1996 agus chuaigh sí faoi leachtú i mí Aibreáin 2014. Ba é torthaí agus glasraí agus táirgí gaolmhara a dhíol ar an mórchóir é príomhghnó na cuideachta.

Bhí na stiúrthóirí ina stiúrthóirí ar na cuideachtaí gaolmhara Haupt Distribution Limited (ag trádáil dó mar Bestway) agus Bestwell Limited (ag trádáil dó mar Cash and Carry Direct) freisin. Tríd an imscrúdú, fuair an leachtaitheoir amach gur aistríodh gnó na cuideachta chuig Haupt Distribution Limited, a lean ar aghaidh ag feidhmiú mar 'athchuideachta' tar éis do Swan Fruit Limited dul faoi leachtú. I mí an Mhárta 2014, chuir na stiúrthóirí in iúl d'fhostaithe na cuideachta gur scoir an chuideachta de thrádáil agus go raibh siad ina bhfostaithe de chuid Haupt Distribution Limited anois.

Mar gheall ar an easpa cruinnis a bhí le fáil sna ráitis airgeadais, ní raibh an leachtaitheoir in ann a dhéanamh amach an raibh aon trádáil idirchuideachta ar bun idir an Chuideachta agus Haupt Distribution Limited agus Bestwell Limited. Maidir leis an Ráiteas maidir le Cúrsaí a cuireadh i láthair don chruinniú creidiúnaithe, níor tugadh luachálacha cruinne ann ar fhiacha de réir na leabhar, níor taifeadadh ann creidiúnaithe neamhthosaíochta neamhurraithe áirithe agus níor cuireadh san áireamh ann an t-aistriú cáilmheasa chuig Haupt Distribution Limited. Bhí fiacha tosaíochta ab ionann agus €820,000, beagnach, dlite do na Coimisinéirí Ioncaim, dá raibh thart ar €740,000 comhdhéanta de CBL. B'ionann dliteanais na cuideachta do chreidiúnaithe neamhurraithe agus €1.8 milliún, beagnach.

Sa bhliain 2019, chuir an leachtaitheoir tús le himeachtaí in aghaidh na stiúrthóirí agus rinneadh Ordú an 29 Iúil 2024 lenar dícháilíodh duine amháin de na stiúrthóirí agus lenar srianadh an bheirt stiúrthóirí eile ar feadh tréimhse cúig bliana an duine.

# CÁS-STAIDÉAR 18

## Dícháiliú ag an gCúirt: Intensive Community Programmes Limited.

Corpraíodh an chuideachta an 13 Lúnasa 2012 agus thrádáil sí ar feadh seacht mbliana, agus í ag soláthar seirbhísí don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi seach i ndáil le cúram a thabhairt do dhéagóirí agus aosaigh óga atá rí-shoghonta. Chuaigh an chuideachta faoi leachtú sa bhliain 2019, agus easnamh measta ab ionann agus €623k taifeadta sa Ráiteas maidir le Cúrsaí.

Chuir an leachtaitheoir na cúiseanna le dócmhainneacht na cuideachta síos do mhídhílsiú cistí cuideachta ag an stiúrthóir agus ag iarbhainisteoir de chuid na cuideachta, rud a éascaíodh le mainneachtain córas cuí rialuithe a choinneáil ar bun.

Fuarthas amach gur aistrigh iarbhainisteoir de chuid na cuideachta cistí mionairgid amach ón gcuideachta.  Tharraing Bernard Morrin, an stiúrthóir, aird ar an bhfíric sin ar dtús san iarratas ar fhoirceannadh, á rá gurbh é €215,000 an méid. Fuair an leachtaitheoir amach go raibh €354,029 san iomlán aistrithe ag an mbainisteoir dáiríre le haghaidh a úsáide pearsanta, agus thionscain an leachtaitheoir imeachtaí in aghaidh an duine aonair sin chun na cistí sin a ghnóthú.

Shainaithin an leachtaitheoir aistarraingtí móra neamh-mhínithe agus íocaíochtaí móra neamh-mhínithe i bhfabhar an Uas. Bernard Morrin, an stiúrthóir, agus i bhfabhar a theaghlaigh. B'ionann iad agus thart ar €500,000 thar thréimhse ceithre bliana. Níor dearbhaíodh ÍMAT ná ÁSPC ar fhormhór na n-aistarraingtí sin.

Mhainnigh na stiúrthóirí cánacha a íoc thar thréimhse mharthanach, agus dliteanais ab ionann agus €524,000 dlite do na Coimisinéirí Ioncaim tráth an leachtaithe. Chomh maith leis sin, shainaithin an leachtaitheoir easnaimh thromchúiseacha i gcleachtais bhainistíochta agus acmhainní daonna na cuideachta agus shainaithin sé mainneachtainí suntasacha maidir le comhlíonadh an dlí fostaíochta.

Chuir an stiúrthóir in iúl don leachtaitheoir go mbeadh sé sásta géilleadh do ghealltanas maidir le dícháiliú agus a bheith dícháilithe ar feadh tréimhse cúig bliana. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás, áfach, dhiúltaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach do thairiscint den sórt sin a thabhairt. Bhí an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim gurbh amhlaidh, maidir le hiompar an stiúrthóra agus leis an mí-úsáid a baineadh as airgead Stáit a raibh de rún aige seirbhís phoiblí ríthábhachtach a sholáthar, a bhí sé trom go leor gurbh údar é le tréimhse dícháiliúcháin i bhfad níos faide ná cúig bliana a fhorchur. Chuir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach in iúl don leachtaitheoir go raibh sé de dhualgas air imeachtaí Ard-Chúirte a thionscnamh chun an stiúrthóir a dhícháiliú.

Nuair a tháinig an ní os comhair na Cúirte den chéad uair an 13 Eanáir 2025, chuir an tUas. Morrin in iúl go mbeadh sé sásta toiliú le dícháiliú ar feadh tréimhse a bhí le cinneadh. Chinn an Chúirt gurbh í tréimhse 12 bhliain an tréimhse chuí dícháiliúcháin sa chás seo.

# CÁS-STAIDÉAR 19

## Dícháiliú Cuideachta Dócmhainní atá Bainte den Chlár An tUas. Simon Kelly.

Bhí an tUas. Simon Kelly ina stiúrthóir ar 27 gcuideachta a baineadh go hainneonach de Chlár na gCuideachtaí mar thoradh ar mhainneachtain tuairisceáin bhliantúla a chomhdú. Rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach próifíliú ar na cuideachtaí agus fuarthas amach go raibh dliteanais ar roinnt díobh ar an dáta a baineadh iad den chlár. Ba iad sin Berlin Entertainment Limited, Independent Leisure Solutions Limited, Irish Italian Property Holdings Limited, Pressaro Limited, Kingswood Lane Developments & Investments Limited, Thedforde Trading Limited, Rexdale Limited, agus Complete Business Solutions Limited.

Eisíodh fógra chuig an Uas. Kelly de bhun alt 842(h) d'Acht 2014 inar cuireadh in iúl gurbh amhlaidh, ós rud é gur lig sé do chuideachtaí a raibh fiacha ar taifead acu a bhaint go hainneonach den chlár, a dlíodh é a dhícháiliú anois. Cé gur cuireadh in iúl san fhógra freisin go bhféadfadh sé na cuideachtaí a chur ar ais ar an gClár mar rogha eile ar dhícháiliú, níor shaothraigh an tUas. Kelly an ghníomhaíocht sin.

Tar éis caidreamh suntasach, tairgeadh deis don Uas. Kelly géilleadh go deonach do ghealltanas maidir le dícháiliú, agus ghlac sé leis an deis sin. Mar thoradh air sin, dícháilíodh é ó ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta ar feadh tréimhse ceithre bliana dar tosach an 12 Meán Fómhair 2024.

# CÁS-STAIDÉAR 20

**An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Oduntan.**

Tar éis imscrúdú ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, ciontaíodh an tUas. Ebenezer Oduntan, tréadaí a bhí lonnaithe i gCill Dara de chuid Eaglais Chríostaí Shlánaithe Dé (RCCG) (Cathair Dháiví), i naoi gcion faoi dhlí na gcuideachtaí (eadhon, faisnéis bhréagach a sholáthar), i 73 scór de ghadaíocht agus i gcúig scór de mheabhlaireacht. Ba mhó ná €125,000 an méid comhiomlán a bhí i gceist leis na cúisimh ghadaíochta.

Leath bealaigh tríd an triail, phléadáil an tUas. Oduntan ciontach i gceithre scór d'fhaisnéis bhréagach a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí contrártha d'alt 242 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, i gcúig scór d'fhaisnéis bhréagach a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí contrártha d'alt 876 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, i gcúig scór de mheabhlaireacht contrártha d'alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001, agus i 19 scór de ghadaíocht contrártha d'alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001.

An 13 Márta 2024, thug an giúiré fíoraisc chiontachta i ngach ceann de na 54 scór amuigh ar an díotáil.

Agus pianbhreith phríosúnachta seacht mbliana á forchur aici, a bhfuil na sé mhí deiridh ar fionraí, thagair an Breitheamh Martina Baxter don áit iontaoibhe a bhí ag an Uas. Oduntan mar thréadaí de chuid na hEaglaise. Luaigh sí an '*...méid measartha suntasach smachta a bhí aige...*' agus thug sí faoi deara *'...nár cheistigh aon duine riamh é. Bhí iontaoibh acu as, ós rud é go raibh an oiread sin measa ag daoine air ag an am sin.'* Luaigh an Breitheamh Baxter an méid seo freisin: *'ba léir gur scéim an-fhadtéarmach, réamhbheartaithe agus dhea-phleanáilte ar thaobh an Uasail Oduntan í. Ós rud é gurbh eisean a chruthaigh na struchtúir airgeadais, ní raibh aon fhormhaoirseacht ná aon chuntasacht ann.'*

Ar na tosca géaraitheacha ar shainaithin an Breitheamh iad bhí na suimeanna suntasacha a bhí i gceist agus an fíoras nach ndearnadh aon iarracht cúiteamh a thabhairt. Dúirt sí gur *'coir chasta shofaisticiúil réamhphleanáilte a bhí ann sin. Chaith sé le cistí na hEaglaise amhail is dá mba iad a chistí féin iad.'* Luaigh an Breitheamh Baxter an méid seo freisin: *'éilítear pianbhreith dhian le héagóiritheoireacht thromchúiseach chun cáineadh na sochaí a léiriú.'* Cé gur phléadáil an tUas. Oduntan ciontach i roinnt scór i lár na trialach, luaigh an Breitheamh nár laghdaigh na pléadálacha a chasta a bhí an triail: *'Tráth a phléadáil sé, bhí an fhianaise sin ann cheana féin'.* Tháinig sí ar an gconclúid go raibh a chiontaíl ard agus gur chaill sé na lascainí uile a bhí ar fáil maidir leis an bpianbhreith a bhí le forchur.

## CÁS-STAIDÉAR 21

**An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v an Dr Andrew Jordan.**

Ag teacht sna sála ar imscrúdú ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, forchuireadh fíneáil €10,000 ar an Dr Andrew Jordan, iar-Chathaoirleach agus iar-Rúnaí ar an gCumann Náisiúnta Lia-Chleachtóirí Ginearálta (NAGP), i ndáil le cionta faoi dhlí na gcuideachtaí. Phléadáil an Dr Jordan ciontach in dhá chion de chuid Earnáil 1 faoi dhlí na gcuideachtaí, tar éis dó mainneachtain gach beart réasúnach a dhéanamh chun a áirithiú gur chomhlíon NAGP a oibleagáidí cuntasaíochta.

De bhreis ar an bhfíneáil a d'fhorchuir an Chúirt, dícháilíodh an Dr Jordan go huathoibríoch freisin ó ghníomhú mar stiúrthóir ar feadh tréimhse cúig bliana mar thoradh ar an gciontú. Le linn fhorchur na pianbhreithe i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath, dúirt an Breitheamh Martin Nolan gurb é cuspóir dhlí na gcuideachtaí *'a chinntiú go n-iompraíonn daoine go cuí agus go macánta i ndáil le maoin cuideachta agus nach nochtann siad creidiúnaithe na cuideachta do chaillteanais'*. Dúirt sé gur mhainnigh an Dr Jordan a dhualgais mar stiúrthóir agus mar rúnaí a chomhlíonadh.

## CÁS-STAIDÉAR 22

**An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Thomas Colton.**

Tar éis imscrúdú ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, phléadáil an tUas. Thomas Colton, iarstiúrthóir ar Grá agus Solas Unlimited Company, ciontach sa chion de chuid dhlí na gcuideachtaí arb éard é gníomhú mar stiúrthóir cuideachta le linn dó a bheith dícháilithe ó dhéanamh amhlaidh, cion atá contrártha d'alt 855 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

An 7 Aibreán 2025, fuair an tUas. Colton ordú dícháilíochta lenar toirmeascadh é gníomhú mar stiúrthóir cuideachta ar feadh deich mbliana. De bhreis air sin, forchuireadh pianbhreith príosúnachta naoi mí air, a bhí ar fionraí go hiomlán. Le linn fhorchur na pianbhreithe, dúirt an Breitheamh Sinéad McMullan, *'tá leas poiblí láidir ann i rialáil cuideachtaí'*. Luaigh an Breitheamh McMullan freisin gurbh é an chéad ionchúiseamh inar sháraigh duine dícháiliú uathoibríoch a d'eascair as ciontuithe roimhe sin i gcionta faoi dhlí na gcuideachtaí agus i gcionta eile.

# Aguisín 2

## Srianta agus Dícháilithe

## Srianta le hOrdú ón Ard-Chúirt, 2024

| Uimhir Chláraithe na Cuideachta | Ainm na Cuideachta | Sloinne | Ainm | Dáta tosaigh an tSriain | Dáta deiridh an tSriain |
|---|---|---|---|---|---|
| 544173 | Greymountain Management Limited | Coates | Ryan | 29/04/2024 | 28/04/2029 |
| 503195 | Jacc Sports Distributors Limited | Courtenay | Jonathan | 18/11/2024 | 17/11/2029 |
| 503195 | Jacc Sports Distributors Limited | Peyton | Patrick | 18/11/2024 | 17/11/2029 |
| 602606 | MWG Sales Limited | Finn | Donnacha | 22/04/2024 | 21/04/2029 |
| 368822 | Rostella Properties Limited | Nyhan | Paul | 13/05/2024 | 12/05/2029 |
| 70568 | McGettigan Construction Limited | McGettigan | Edward | 04/12/2023 | 03/12/2028 |
| 70568 | McGettigan Construction Limited | McGettigan | Declan | 04/12/2023 | 03/12/2028 |
| 70568 | McGettigan Construction Limited | McGettigan | Brendan | 04/12/2023 | 03/12/2028 |
| 248082 | Swan Fruit Limited | Swan | Niall | 29/07/2024 | 28/07/2029 |
| 248082 | Swan Fruit Limited | Swan | Alex | 29/07/2024 | 28/07/2029 |

## Dícháilithe le hOrdú ón Ard-Chúirt, 2024

| Uimhir Chláraithe na Cuideachta | Ainm na Cuideachta | Sloinne | Ainm | Dáta tosaigh an tSriain | Dáta deiridh an tSriain |
|---|---|---|---|---|---|
| 613547 | Boxer Logistics Limited | Alexander | Stewart | 13/05/2024 | 12/05/2038 |
| 613547 | Boxer Logistics Limited | Henry | Bill | 13/05/2024 | 12/05/2038 |
| 521349 | Cranfield Plant Limited | Dunne | John Joe | 14/10/2024 | 13/10/2033 |
| 521349 | Cranfield Plant Limited | Dunne | Christopher | 14/10/2024 | 13/10/2031 |
| 594689 | Sean & Aisling Developments Limited | Rall | Brian | 25/11/2024 | 24/11/2031 |
| 248082 | Swan Fruit Limited | Swan | John | 29/07/2024 | 28/07/2029 |

| **Srianta le Gealltanas, 2024** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Uimhir Chláraithe na Cuideachta** | **Ainm na Cuideachta** | **Sloinne** | **Ainm** | **Dáta tosaigh an tSriain** | **Dáta deiridh an tSriain** |
| 552560 | Loud Ink Limited | Thompson | David | 20/03/2024 | 19/03/2029 |
| 524769 | Murphy Coffee Limited | Murphy | Niall | 17/02/2024 | 16/02/2029 |
| 526878 | Aria Foods Limited | Zubair Najm | Mohammad | 25/01/2024 | 24/01/2029 |
| 636471 | HJF Construction Limited | Finlay | Wayne | 01/04/2024 | 31/03/2029 |
| 676280 | Stodge Face Limited | Hembree | Morgan | 17/02/2024 | 16/02/2029 |
| 613543 | OMK Media Limited | Cahill | Hugh | 17/02/2024 | 16/02/2029 |
| 516245 | ES Energy Saving Systems Limited | Gorham | James | 20/03/2024 | 19/03/2029 |
| 281105 | John Ward Construction Limitedddu | Ward | John | 02/03/2024 | 01/03/2029 |
| 568067 | M & P Walls Limited | Wall | Mary | 08/03/2024 | 07/03/2029 |
| 568067 | M & P Walls Limited | Wall | Patrick Joseph | 08/03/2024 | 07/03/2029 |
| 679373 | Blue Nursing Limted | Loghin | Dragos Constantin | 11/06/2024 | 10/06/2029 |
| 622397 | Carlow Salt Taverns Limited | Murray | Laurence | 14/03/2024 | 13/03/2029 |
| 555364 | Moores Spar Hospital Limited | Moore | Thomas | 03/04/2024 | 02/04/2029 |
| 353777 | Cribbin Family Butchers Limited | Nyhan | Kathleen | 29/03/2024 | 28/03/2029 |
| 353777 | Cribbin Family Butchers Limited | Nyhan | Paul | 29/03/2024 | 28/03/2029 |
| 353777 | Cribbin Family Butchers Limited | Nyhan | Sean | 29/03/2024 | 28/03/2029 |
| 641421 | Marmalade Bakery Limited | Crehan Kavanagh (Cúlstiúrthóir) | Michelle | 26/04/2024 | 25/04/2029 |
| 641421 | Marmalade Bakery Limited | Kavanagh | Ava | 26/04/2024 | 25/04/2029 |
| 621548 | Joey Lynch Plumbing & Heating Limited | Lynch | Joseph | 17/05/2024 | 16/05/2029 |
| 477745 | The Loft Club Limited | Dowling | Chris | 22/05/2024 | 21/05/2029 |
| 477745 | The Loft Club Limited | O'Reilly | Paul | 22/05/2024 | 21/05/2029 |
| 485168 | Jengus Limited | McGuinness | John | 19/06/2024 | 18/06/2029 |
| 485168 | Jengus Limited | Mangan | Kate | 24/05/2024 | 23/05/2029 |
| 613097 | Green Aspect Limited | Cooney | Richard | 14/06/2024 | 13/06/2029 |
| 613097 | Green Aspect Limited | O'Riordan | Brendan | 14/06/2024 | 13/06/2029 |
| 671604 | Fairpoint Coaching Limited | Marbacher | Marlis | 13/06/2024 | 12/06/2029 |
| 496368 | C E Walsh Limited | Walsh | Catherine | 14/06/2024 | 13/06/2029 |
| 327296 | Electroplus Cable & Satellite Limited | McKenny | Paul | 27/09/2024 | 26/09/2029 |
| 433265 | Overtime Limited | McKenny | Paul | 28/08/2024 | 27/08/2029 |
| 367282 | Cox Fitzsimons & Wilkes Limited | Cox | Susan | 02/07/2024 | 01/07/2029 |
| 576948 | Kick Start Fitness Limited | Frances | Gareth | 07/08/2024 | 06/08/2029 |
| 605715 | Vakel Limited | Kelly | Ian | 02/08/2024 | 01/08/2029 |

## Srianta le Gealltanas, 2024

| Uimhir Chláraithe na Cuideachta | Ainm na Cuideachta | Sloinne | Ainm | Dáta tosaigh an tSriain | Dáta deiridh an tSriain |
|---|---|---|---|---|---|
| 597872 | Emsaf Limited | Kelly | Ian | 02/08/2024 | 01/08/2029 |
| 653430 | Safkel Limited | Kelly | Ian | 02/08/2024 | 01/08/2029 |
| 626548 | Vasaft Limited | Kelly | Ian | 02/08/2024 | 01/08/2029 |
| 487554 | Diep At Home Limited | Farrell | Matthew | 10/09/2024 | 09/09/2029 |
| 475174 | MS2 Datasource Limited | Slattery | Linda Olsen | 19/08/2024 | 18/08/2029 |
| 475174 | MS2 Datasource Limited | Storegaard Svendsen | Annika | 04/09/2024 | 03/09/2029 |
| 592502 | TGO Falafel Bar Limited | Wagemakers | Floris | 02/10/2024 | 01/10/2029 |
| 608006 | Oros Construction Limited | Oros | Cristian | 30/08/2024 | 29/08/2029 |
| 677293 | VDA Coffee Limited | Sheridan | David | 19/08/2024 | 18/08/2029 |
| 532120 | MSC Construction (Camolin) Limited | Scully | Marc | 02/09/2024 | 01/09/2029 |
| 532120 | MSC Construction (Camolin) Limited | Scully | Majella | 02/09/2024 | 01/09/2029 |
| 577946 | CJ Lublin Limited | Morawska Timoney | Agnieszka | 09/10/2024 | 08/10/2029 |
| 577946 | CJ Lublin Limited | Timoney | Bryan | 09/10/2024 | 08/10/2029 |
| 601846 | MBKP Drylining Construction Limited | Bulai | Marius Daniel | 14/09/2024 | 13/09/2029 |
| 553066 | Perma Pigs Limited | Marry | Colin | 18/09/2024 | 17/09/2029 |
| 581903 | Perma Products Limited | Marry | Colin | 18/09/2024 | 17/09/2029 |
| 393790 | Ballylea Developments Limited | Clerkin | Jason | 01/11/2024 | 31/10/2029 |
| 712005 | Qcon Build & Maintenance Limited | O'Connell | Darren | 21/10/2024 | 20/10/2029 |
| 489527 | Plant Systems Limited | Plant | Darren | 10/10/2024 | 09/10/2029 |
| 489527 | Plant Systems Limited | Plant | Derek | 10/10/2024 | 09/10/2029 |
| 575462 | Plant Connector Limited | Veen | Arjan Van | 25/10/2024 | 24/10/2029 |
| 556102 | Tysoucha Limited | Talbot | Conor | 31/10/2024 | 30/10/2029 |
| 556102 | Tysoucha Limited | Talbot | Kevin | 31/10/2024 | 30/10/2029 |
| 556102 | Tysoucha Limited | Talbot | Margaret | 31/10/2024 | 30/10/2029 |
| 556102 | Tysoucha Limited | Talbot | Robert | 31/10/2024 | 30/10/2029 |
| 540021 | OBD Hair And Beauty Limited | Deering | John | 31/10/2024 | 30/10/2029 |
| 540021 | OBD Hair And Beauty Limited | Deering | Orla | 31/10/2024 | 30/10/2029 |
| 575514 | CST Electrical Maintenance Limited | Avram-Tomiuc | Dana Elidenta | 22/11/2024 | 21/11/2029 |
| 575514 | CST Electrical Maintenance Limited | Tomiuc | Cornel Stefan | 22/11/2024 | 21/11/2029 |
| 536199 | SDM Emerald Green Exports Ltd | Mitchell | Sean | 08/11/2024 | 07/11/2029 |
| 536199 | SDM Emerald Green Exports Limited | Mitchell | Daniel | 08/11/2024 | 07/11/2029 |

## Srianta le Gealltanas, 2024

| Uimhir Chláraithe na Cuideachta | Ainm na Cuideachta | Sloinne | Ainm | Dáta tosaigh an tSriain | Dáta deiridh an tSriain |
|---|---|---|---|---|---|
| 697790 | Habit Coffee + Retail (Galway) Limited | Flavin | Barry | 14/11/2024 | 13/11/2029 |
| 684691 | Habit Coffee + Retail (OC) Limited | Flavin | Barry | 14/11/2024 | 13/11/2029 |
| 680713 | Habit Coffee Holdings Limited | Flavin | Barry | 14/11/2024 | 13/11/2029 |
| 627610 | Mariva Catering Limited | O'Connor | Catherine | 28/11/2024 | 27/11/2029 |
| 576887 | Dangan Recruitment Limited | Fahy | Tomas | 05/12/2024 | 04/12/2029 |
| 603697 | Dangan Facilities Management Limited | Fahy | Tomas | 05/12/2024 | 04/12/2029 |
| 632148 | Dangan Stationary Supplies Limited | Fahy | Tomas | 05/12/2024 | 04/12/2029 |
| 563265 | Chepstone Limited | Fahy | Tomas | 05/12/2024 | 04/12/2029 |
| 609076 | Complete Guest Management Limited | Wiewiorski | Piotr | 06/12/2024 | 05/12/2029 |
| 550346 | Reynolds & Roche Limited | Reynolds | Sara | 17/12/2024 | 16/12/2029 |
| 521776 | The Design House (Bespoke) Limited | Flood | Bébhinn | 17/12/2024 | 16/12/2029 |
| 521776 | The Design House (Bespoke) Limited | Flood | Claire | 17/12/2024 | 16/12/2029 |
| 521776 | The Design House (Bespoke) Limited | Mooney | Graham | 17/12/2024 | 16/12/2029 |
| 696846 | Roske Bar & Restaurant Limited | Flynn | Ros | 17/12/2024 | 16/12/2029 |
| 696846 | Roske Bar & Restaurant Limited | Robinson | Keira | 17/12/2024 | 16/12/2029 |
| 642124 | KDD Engineering Limited | Daly | David | 17/12/2024 | 16/12/2029 |
| 609324 | IREX Transport Limited | Kowerczuk | Ireneusz | 18/12/2024 | 17/12/2029 |
| 587979 | Storyboard Coffee Limited | Griffin | Jamie | 18/12/2024 | 17/12/2029 |
| 577598 | Rhino Manufacturing Limited | Dempsey | John | 19/12/2024 | 18/12/2029 |
| 577598 | Rhino Manufacturing Limited | Dempsey | Margaret | 19/12/2024 | 18/12/2029 |
| 337137 | Sheahan Importers Limited | Sheahan | Anthony | 19/12/2024 | 18/12/2029 |
| 525949 | Judge Way Limited | Judge | Rowena | 20/12/2024 | 19/12/2029 |
| 525949 | Judge Way Limited | Judge | Eamonn | 20/12/2024 | 19/12/2029 |
| 565673 | The Fireplace Barber Shop Limited | Delaney | Luke | 21/12/2024 | 20/12/2029 |
| 656842 | Little Baby Shop Limited | Smietana (Cúlstiúrthóir) | Izabela | 24/12/2024 | 23/12/2029 |

## Dícháilithe le Gealltanas, 2024

| Uimhir Chláraithe na Cuideachta | Ainm na Cuideachta | Sloinne | Ainm | Dáta tosaigh an tSriain | Dáta deiridh an tSriain |
|---|---|---|---|---|---|
| 564199 | 3Econsulting Limited | Henley | Richard | 01/10/2024 | 30/09/2029 |
| 575730 | Halpin Complete Construction Limited | Halpin | Patrick | 01/08/2024 | 31/07/2029 |
| 631838 | Ridge County Civils Limited | Fee | Matthew | 16/08/2024 | 15/08/2029 |
| 676280 | Stodge Face Limited | Monaghan | Nigel | 23/02/2024 | 22/02/2029 |
| 615318 | O'Dwyer Masonry Limited | O'Dwyer | Neil | 28/11/2024 | 27/11/2029 |
| 655358 | Cheers Ted Limited | Brennan | Leo | 20/12/2024 | 19/12/2029 |
| 518136 | Deal Partners Logistics Limited | Buckley | Neil | 19/10/2024 | 18/10/2029 |
| 518136 | Deal Partners Logistics Limited | Diggins | Joe | 19/10/2024 | 18/10/2029 |
| 529576 | Tower Trade Finance (Ireland) Limited | Buckley | Neil | 19/10/2024 | 18/10/2029 |
| 529576 | Tower Trade Finance (Ireland) Limited | Diggins | Joe | 19/10/2024 | 18/10/2029 |
| 357973 | Wilton & Partners Limited | Carroll | Rosanne Mary | 25/09/2024 | 24/09/2029 |
| 628489 | Manitrnd Limited | McNamara | Gemma | 04/10/2024 | 03/10/2029 |
| 628489 | Manitrnd Limited | Cahill | Raymond | 04/10/2024 | 03/10/2029 |
| 681777 | Habit Coffee + Retail Limited | Flavin | Barry | 14/11/2024 | 13/11/2029 |

## Dícháilithe Cuideachtaí Dócmhainneacha atá Bainte den Chlár, 2024

| Uimhir Chláraithe na Cuideachta | Ainm na Cuideachta | Sloinne | Ainm | Dáta tosaigh an tSriain | Dáta deiridh an tSriain |
|---|---|---|---|---|---|
| 541080 | Berlin Entertainment Limited | Kelly | Simon | 12/09/2024 | 11/09/2028 |
| 402542 | Odessa Club and Restaurant Limited | O'Donoghue | Donal | 10/02/2024 | 09/02/2028 |

# Ráitis airgeadais agus tuairisciú rialachais

Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch
an 31 Nollaig 2024



# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Faisnéis Ghinearálta | 85 |
| Ráiteas Rialachais | 86 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach | 93 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 96 |
| Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas | 98 |
| Ráiteas faoi Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil | 99 |
| Ráiteas faoin Staid Airgeadais | 100 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 101 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 102 |

# Faisnéis Ghinearálta

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

**Comhaltaí an Údaráis**
Ian Drennan

**Seoladh**
16 Cearnóg Parnell Thoir
Baile Átha Cliath 1
D01 W5C2

**Baincéirí**
Banc Danske
Áras Idirnáisiúnta
3 Plás Mháistir an Chuain
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1
D01 K8F1

**Iniúchóir**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 PF72

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Údaráis

**Bonn reachtúil**

Leagadh foráil do bhunú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach amach in Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021, lenar leasaíodh Acht na gCuideachtaí, 2014 (**Acht 2014**). Bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an 7 Iúil 2022 trí achtú an Ordaithe um Acht na gCuideachtaí, 2014 (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) (Lá Bunaithe), 2022[1].

**Feidhmeanna reachtúla**

Mar a fhoráiltear dó le halt 944D(1) d'Acht 2014, áirítear le feidhmeanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

- comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a spreagadh,
- imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe amhrasta ar dhlí na gcuideachtaí,
- gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh mar fhreagairt do sháruithe sainaitheanta ar dhlí na gcuideachtaí, lena n-áirítear trí chionta a ionchúiseamh trí bhíthin imeachtaí achoimre agus trí nithe a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lena bhreithniú cé acu ba cheart nó nár cheart cúisimh a ordú ar díotáil,
- ról maoirseachta ar leachtaitheoirí a fheidhmiú, agus
- córas um ghealltanais maidir le srian agus maidir le dícháiliú a oibriú i leith stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha.

Tugtar don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach freisin feidhmeanna reachtúla i ndáil le gléasanna infheistíochta áirithe faoin Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní, 2015. De bhreis air sin, is é an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an t-údarás inniúil chun smachtbhannaí a fhorchur ar stiúrthóirí cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018 (lena leasaítear Acht 2014 mar an gcéanna).

**Rialachas – struchtúr agus freagrachtaí**

*An tÚdarás*

Mar a fhoráiltear dó le halt 944F d'Acht 2014, bíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi rialú ag Údarás (**an tÚdarás**), a bheidh comhdhéanta den líon Comhaltaí (nach mbeidh níos mó ná triúr) a chinnfidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (**an tAire**). I láthair na huaire, tá an tÚdarás comhdhéanta de Chomhalta lánaimseartha amháin ("**an Comhalta Ceaptha Aonair**"), a ghníomhaíonn freisin mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Is é an tÚdarás a shocraíonn an straitéis agus a cheadaíonn na buiséid. Tá an tÚdarás freagrach as sócmhainní an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc.

*An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca*

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an Údarás maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le rialú inmheánach, le tuairisciú airgeadais, le rialachas agus le bainistíocht riosca. Go háirithe, tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca dearbhú go bhfuil na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánaí, faoi réir formhaoirseacht neamhspleách. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire sa bhliain 2024.

[1] I.R. 337 de 2022.

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhdhéanta de cheathrar comhaltaí, ar comhaltaí atá neamhspleách ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iad triúr díobh. Is iad seo na comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:

- An tUas. Dónall Curtin (Cathaoirleach),
- Suzanne Young Uas. (Stiúrthóir Gníomhach um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta, an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach). Le linn na bliana faoi athbhreithniú, bhí Sharon Sterritt Uas. agus Sinéad O'Brien Uas., Stiúrthóirí um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta, ina gcomhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca,
- An tUas. Paul Kerrigan, agus
- Daneve Harris Uas.

Thuairiscigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Údarás go foirmiúil i scríbhinn i ndáil leis an mbliain faoi athbhreithniú.

*An Fhoireann Ardbhainistíochta*
Tá foireann ardbhainistíochta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach comhdhéanta de na hoifigigh sin atá ar leibhéal Stiúrthóra. Tá foireann ardbhainistíochta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach comhdhéanta díobh seo:

- An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Sibhialta,
- An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Coiriúil,
- An Stiúrthóir um Imscrúduithe Digiteacha agus Anailísíocht,
- An Stiúrthóir um Airgeadas agus TFC,
- An Stiúrthóir um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta,
- An Stiúrthóir um Maoirseacht Dócmhainneachta,
- An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí, agus
- An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí agus Beartas.

Ag obair dóibh faoi stiúir agus faoi mhaoirseacht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, áirítear le freagrachtaí na Stiúrthóirí:

- an straitéis a chur i ngníomh,
- comhlíonadh éifeachtach fheidhmeanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach,
- cultúr gairmiúlachta, ionracais agus neamhspleáchas a chur chun cinn,
- riosca a bhainistiú, lena n-áirítear riosca airgeadais, dlíthíochta agus clú,
- a leithdháiltí buiséid a bhainistiú,
- rialuithe airgeadais agus rialuithe eile a oibriú, lena n-áirítear rialuithe atá ceaptha chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc agus chun sócmhainní an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chosaint, agus
- luach ar airgead a sholáthar mar ghníomhaireacht a fhaigheann cistiú poiblí.

**Socruithe soláthair foirne**
De réir fhorálacha alt 944K(6) d'Acht 2014, is státseirbhísigh iad oifigigh an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach (seachas comhaltaí den Gharda Síochána a thugtar ar iasacht don Údarás de bhun alt 944M d'Acht 2014). De bhreis ar iad a bheith ina n-oifigigh de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, fanann na comhaltaí den Gharda Síochána faoi rialú ginearálta agus faoi stiúir ghinearálta an Choimisinéara agus coimeádann siad na cumhachtaí uile a dhílsítear dóibh mar chomhaltaí faoi mhionn den Gharda Síochána.

**Neamhspleáchas reachtúil**
De réir fhorálacha alt 944D(4) d'Acht 2014, tá neamhspleáchas reachtúil ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

**Rúndacht**
De réir fhorálacha alt 944P d'Acht 2014, tá oifigigh uile an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ón am atá thart agus ón am atá i láthair faoi réir dualgas reachtúil rúndachta.

**Cuntais agus oibleagáidí gaolmhara**
Ceanglaítear le halt 944X(2) d'Acht 2014 ar an Údarás na cuntais go léir is cuí agus is gnách, i cibé foirm a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta (**RCPSPFNA**), agus Athchóirithe, ar an airgead a gheobhaidh agus a chaithfidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Agus a ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, ní mór don Údarás:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear staid airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach in iúl le cruinneas réasúnach ag am ar bith agus lena gcuirtear ar chumas an Údaráis a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 944X d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Mar atá mionsonraithe sna ráitis airgeadais, measann an tÚdarás go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ar fheidhmíocht airgeadais na heagraíochta agus ar a staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024.

**Sásraí reachtúla agus sásraí cuntasachta eile**
De réir a oibleagáidí reachtúla cuntasachta mar a fhoráiltear dóibh le hAcht 2014, ceanglaítear ar an Údarás:

- Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire gach trí bliana. Ceanglaítear ar an Aire, faoi seach, gach Ráiteas Straitéise a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais,

- Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú i ndáil le gach bliain airgeadais agus an céanna a chur faoi bhráid an Aire. Ceanglaítear ar an Aire, faoi seach, gach Tuarascáil Bhliantúil a leagan faoi bhráid an Oireachtais,

- gach Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú ar a shuíomh Gréasáin a luaithe a bheidh sí leagtha faoi bhráid an Oireachtais ag an Aire,

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú agus an céanna a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Ceanglaítear ar an Aire, tar éis chur i gcrích an iniúchta, na ráitis airgeadais iniúchta, i dteannta na tuairime iniúchta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu, a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais,

- i gcás go n-éilíonn Coiste Dháil Éireann um Chuntais Phoiblí air déanamh amhlaidh, tabharfaidh Comhalta Ceaptha Aonair an Údaráis fianaise don Choiste ar nithe a thagann faoi théarmaí tagartha an Choiste, agus

- ceanglaítear ar Chomhalta Ceaptha Aonair an Údaráis, arna iarraidh sin dó, dul os comhair Coistí eile de chuid Thithe an Oireachtais maidir le nithe a bhaineann le riarachán ginearálta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

De bhreis air sin, mar chomhlacht poiblí atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach cuntasach do na Cúirteanna freisin.

**Comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód) – nochtaí a cheanglaítear**

Mar ghníomhaireacht Stáit, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi réir an Chóid. Ceanglaítear na nochtaí seo a leanas leis an gCód.

*Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe*

Leagtar amach i nóta 2 leis na ráitis airgeadais anailís ar luach saothair iomlán fostaithe, bunaithe ar pháphointí amhail an 31 Nollaig 2024, dóibh sin atá ag tuilleamh níos mó ná €60,000 in aghaidh na bliana.

*Caiteachas taistil agus cothaithe*

Leagtar amach i nóta 3 leis na ráitis airgeadais anailís ar chaiteachas taistil agus cothaithe.

*Táillí gairmiúla, socraíochtaí, agus seirbhísí gairmiúla agus comhairleachta*

Leagtar amach i nóta 4 leis na ráitis airgeadais anailís ar chostais dlí, ar shocraíochtaí, agus ar sheirbhísí gairmiúla agus comhairleachta.

*Caiteachas fáilteachais*

Leagtar amach i nóta 5 leis na ráitis airgeadais an caiteachas fáilteachais a tabhaíodh le linn na tréimhse.

## Oibleagáidí comhlíonta eile comhlachta phoiblí

*Gníomhú ar son na haeráide*

Ar an dul leis an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide agus leis an mbeartas Rialtais, tá an tÚdarás tiomanta dá chinntiú go n-íoslaghdófar na hastaíochtaí carbóin a eascraíonn as a chuid gníomhaíochtaí agus do chleachtais atá tíosach ar fhuinneamh agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun feidhme. Cheap an tÚdarás Curadh Aeráide agus Inbhuanaitheachta agus Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh agus tá sé ag obair i dtreo treochlár a ghlacadh chun na spriocanna riachtanacha a bhaint amach. Chun cur chun feidhme cleachtas inbhuanaithe a chur ar aghaidh, is feithiclí leictreacha iad dhá cheann de na trí fheithicil atá faoi úinéireacht an Údaráis. Baineann roinnt baill foirne den

Údarás leas as socruithe oibre cumaisc, rud a laghdaíonn a gcomaitéireacht sheachtainiúil agus a laghdaíonn astaíochtaí.

Glacann an tÚdarás páirt sa Chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe Fuinnimh Earnála Poiblí de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh laistigh dá áitreabh. Is é an tÚdarás an príomhthionónta agus comhroinneann sé déanmhas cosanta le comhlachtaí eile earnála poiblí. Is leagtha amach anseo atá an úsáid fuinnimh le haghaidh an fhoirgnimh iomláin, dá n-áitíonn an tÚdarás trí cinn de chúig urlár:

| Mí | 2024 Leictreachas (cileavatuair) | 2023 Leictreachas (cileavatuair) | 2024 Gás (cileavatuair) | 2023 Gás (cileavatuair) |
|---|---|---|---|---|
| **Eanáir** | 38,110 | 37,260 | 40,586 | 37,487 |
| **Feabhra** | 32,847 | 31,957 | 33,318 | 31,545 |
| **Márta** | 32,628 | 36,618 | 31,527 | 36,884 |
| **Aibreán** | 31,044 | 30,438 | 26,939 | 15,165 |
| **Bealtaine** | 30,745 | 31,974 | 40 | 2,599 |
| **Meitheamh** | 28,633 | 36,478 | 5 | |
| **Iúil** | 31,119 | 36,496 | | 5 |
| **Lúnasa** | 31,744 | 36,558 | | |
| **Meán Fómhair** | 27,827 | 34,635 | 49 | |
| **Deireadh Fómhair** | 30,370 | 34,140 | 28,263 | 10,925 |
| **Samhain** | 31,383 | 35,015 | 30,052 | 29,256 |
| **Nollaig** | 30,932 | 33,806 | 35,765 | 32,352 |
| **Iomlán** | **377,382** | **415,375** | **226,544** | **196,218** |

*Cearta an duine agus comhionannas*

Comhlacht atá bunaithe faoi Achtanna na gCuideachtaí is ea an tÚdarás agus tá an tÚdarás tiomanta, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna agus ina chaidreamh leis an bpobal agus lena fhoireann, d’aird a thabhairt ar an ngá leis an idirdhealú a dhíchur, le comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus le cearta an duine a chosaint.

Tá an tÚdarás ina fhostóir comhionannas deiseanna a earcaíonn faoi cheadúnas ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus ar aon dul leis an treoir ó CCSP, lena n-áirítear prionsabal na gceapachán lena gcuirtear comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn. Féachann an tÚdarás lena oibleagáidí faoin Acht um Míchumas 2005 (lena n-áirítear Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Oifigeach Rochtana a bheith aige), faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, agus faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann a chomhlíonadh.

*Saoráil Faisnéise*

Rinne an tÚdarás iarrataí Saorála Faisnéise a fháil agus a phróiseáil mar a leanas:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| An líon iarrataí a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe | 2 | 0 |
| An líon iarrataí a fuarthas sa bhliain | 12 | 16 |
| An líon iarrataí a bhí beo ag deireadh na bliana | 0 | 2 |
| | | |
| An líon iarrataí ar géilleadh dóibh | 2 | 1 |
| An líon iarrataí ar géilleadh go páirteach dóibh | 4 | 4 |
| An líon iarrataí ar diúltaíodh géilleadh dóibh | 6 | 7 |
| An líon iarrataí a tarraingíodh siar | 1 | 1 |
| An líon iarrataí a tarraingíodh siar nó ar déileáladh leo lasmuigh de shaoráil faisnéise | 1 | 1 |

*Nochtadh cosanta*

Comhlíonann an tÚdarás an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014, mar Chomhlacht Forordaithe agus i ndáil lena oibrithe araon. Is foilsithe ar a shuíomh Gréasáin agus go hinmheánach d'oibrithe atá mionsonraí faoi conas is féidir nochtadh a dhéanamh. Tá tuarascálacha alt 22 ón Údarás ar fáil ar a shuíomh Gréasáin.

*Seirbhís do chustaiméirí agus rochtain*

Tá ardchaighdeáin tábhachtach don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir le seirbhís a sholáthar dá chustaiméirí ar bhealach atá cuí, cothrom, oscailte agus neamhchlaonta. Sa Chairt Custaiméirí ón Údarás, leagtar amach a thiomantas chuige sin agus sásra le haghaidh gearáin a dhéanamh.

*Achtanna na dTeangacha Oifigiúla*

Tá an tÚdarás tiomanta do theagmháil a dhéanamh trí Ghaeilge le daoine den phobal a iarrann air déanamh amhlaidh. Foilsíonn an tÚdarás an tuarascáil bhliantúil uaidh agus na ráitis airgeadais iniúchta uaidh i nGaeilge. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, d'fheidhmigh an tÚdarás níos fearr ná na spriocanna atá leagtha amach in alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, arna leasú, agus an tÚdarás ag cur 58% dá fhógraíocht i nGaeilge[2], agus ag caitheamh 6% dá bhuiséad fógraíochta don bhliain ar fhógraí sna meáin Ghaeilge. De bhreis air sin, foilsíonn an tÚdarás roinnt dá fhoilseacháin faisnéise agus dá phostálacha ar a chuntais meán sóisialta i nGaeilge.

[2] Áirítear leis sin aon fhógra a bhfuil an Béarla agus an Ghaeilge araon ann.

## Ráiteas faoi Chomhlíonadh an Chóid

Ghlac an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an Cód mar a d'fhoilsigh RCPSPFNA é i mí Lúnasa 2016. Bhí an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag comhlíonadh an Chóid, lenar áiríodh cloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí, le linn na tréimhse.

**Ian Drennan**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**agus Comhalta ceaptha aonair an Údaráis**
**25 Aibreán 2025**

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

## Raon Freagrachta

Aithním an fhreagracht atá ormsa as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) (**an Cód**).

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráid ábhartha agus mírialtachtaí eile nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil.

## Timpeallacht agus Creat Riosca agus Rialaithe

Rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach córas bainistíochta riosca a chur ar bun agus a chur chun feidhme, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú. Mar fhreagairt do mholadh ón bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí, d'fhostaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gnólacht sainchomhairleoirí riosca chun cabhrú le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a phróisis bainistíochta riosca.

Buanmhír ag cruinnithe na foirne ardbhainistíochta is ea riosca.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a rátáil bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Mionsonraítear tuilleadh sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Táthar ag súil leis go gcuirfidh stiúrthóirí an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an eolas faoi rioscaí, laigí rialaithe agus mainneachtainí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimsí freagrachta féin.

Tá na bearta seo a leanas i measc na mbeart a rinneadh chun timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú:

- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha,

- tá nósanna imeachta i bhfeidhm, ina gcuimsítear leithscaradh cuí dualgas, maidir leis an údarás chun caiteachas a thabhú agus chun déanamh íocaíochtaí a cheadú, agus chun comhlíonadh na n-oibleagáidí gaolmhara dlí, rialála agus rialachais a chinntiú,

- táthar ag súil leis go bhfeidhmeoidh stiúrthóirí a mbreithiúnas gairmiúil agus iad á chinneadh cén uair ba cheart aird an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a tharraingt ar nithe,

- d'fhostaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gnólacht iniúchóirí cláraithe chun feidhm sheachfhoinsithe iniúchóireachta inmheánaí a sholáthar, agus rinne an gnólacht sin cleachtadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha i ndáil leis an tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2024.

## Faireachán, Athbhreithniú agus Tuairisciú Leanúnach

Tá an córas Rialaithe Inmheánaigh bunaithe ar bhainistíocht inmheánach faisnéise, ar nósanna imeachta riaracháin agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta. Cuirtear an obair seo a leanas go háirithe i gcrích ina leith sin:

- cruinnithe tráthrialta de chuid na Foirne Ardbhainistíochta,
- athbhreithniú tráthrialta ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ag an bhFoireann Ardbhainistíochta ar fhaisnéis airgeadais, soláthair agus riosca, agus
- tuairisc a thabhairt don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Cuireadh sásraí ar bun chun a chinntiú gur leordhóthanach atá slándáil chórais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach (i gcomhoibriú le hAonad TF na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (**an Roinn**)).

## Soláthar

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar arna n-eisiúint ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Thug an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach mionsonraí faoi thrí chonradh neamhiomaíocha is mó ná €25,000 (gan CBL a áireamh) sa tuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Chomhlíon an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach na treoirlínte soláthair, cé is moite de chonradh amháin (is mó ná €25,000) ab fhiú €144,277 san iomlán, mar atá leagtha amach thíos.

- Chuaigh conradh a ndeachaigh an eagraíocht a bhí ann roimhe isteach ann le haghaidh seirbhísí slándála a sholáthar in éag i mí na Bealtaine 2023 agus, trí chomhaontú, leanadh ina dhiaidh sin den chonradh sin ar na téarmaí conarthacha céanna. Tar éis Iarraidh Fhorlíontach ar Thairiscintí faoi Iarraidh ar Thairiscintí de réir Creat-Chomhaontú Ilsoláthraí de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais, sainaithníodh tairgeoir rathúil agus ba é an 12 Meán Fómhair 2024 dáta éifeachta an chomhaontaithe. Sa tréimhse faoi athbhreithniú, b'ionann agus €144,277 (2023: €89,931) luach an tsoláthair neamhchomhlíontaigh i leith na seirbhísí slándála, gan CBL a áireamh.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

Rinneadh meastóireacht ar an timpeallacht rialaithe i mí an Mhárta 2025, inar tugadh an méid seo a leanas le fios: *'is féidir dearbhú suntasach a leagan ar leordhóthanacht agus éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe chun rioscaí a bhféadfadh an réimse iniúchóireachta a bheith ar neamhchosaint orthu a mhaolú agus/nó a bhainistiú.'*

Déantar cur síos ar 'dearbhú suntasach' mar a leanas: *'tá creat fónta rialaithe i bhfeidhm agus tá na rialuithe á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go héifeachtach, rud ar cheart go gcinnteodh sé gur féidir cuspóirí a bhaint amach go hiomlán.'*

Níor sainaithníodh aon mhórlaigí rialaithe. Sainaithníodh dhá mheánriosca, agus bhí an leasúchán gaolmhar mar a leanas:

- cinnteoidh an tÚdarás go nuashonrófar sainorduithe bainc go pras ar shínitheoirí údaraithe d'éirí as. Mar a fíoraíodh leis an athbhreithniú, rinneadh an ball foirne i gceist a dhíchumasú ar an bhfeidhmchlár leictreonach baincéireachta go pras agus, dá réir sin, ní raibh sé in ann aon íocaíochtaí a cheadú ná aon chúraimí riaracháin a chomhlíonadh tar éis an dáta fágála. Mar an gcéanna, cinnteoidh an tÚdarás go dtaifeadfaidh sé an dóigh a ndéanfaidh sé (i) cuntais bainc soláthraithe a fhíorú go neamhspleách, agus (ii) réitigh cártaí creidmheasa a athbhreithniú, á thabhairt faoi deara ag an am céanna gur teoranta go dian atá rochtain ar chártaí creidmheasa an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus nach n-úsáidtear na cártaí sin ach amháin i gcásanna nach bhfuil ach beagán roghanna eile ann/nach bhfuil aon roghanna eile ann le haghaidh íocaíocht a dhéanamh.

- leanfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, tar éis dó gnólacht comhairleoirí riosca a fhostú chun cabhrú leis próisis chuí bainistíochta riosca a chur chun feidhme, de leas a bhaint as an obair a cuireadh i gcrích go dtí seo ar a chlár rioscaí agus tabharfaidh sé forbairt a bheartais rioscaí chun críche.

**Calaois agus Mírialtachtaí**
Ní raibh aon nithe calaoise ná mírialtachtaí le tuairisciú don bhliain 2024.

**Príomhcheanglais dhlíthiúla**
Rinne an tÚdarás na bearta riachtanacha a shainaithint agus a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonann sé a oibleagáidí dlíthiúla.

**RGCS**
Cheap an tÚdarás Oifigeach Cosanta Sonraí a oibríonn leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus leis na Stiúrthóirí chun formhaoirseacht a dhéanamh ar oibleagáidí leanúnacha an Údaráis faoi RGCS.

**Nochtaí cosanta**
Comhlíonann an tÚdarás an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014.Tá mionsonraí faoi conas is féidir nochtaí den sórt sin a dhéanamh ar fáil ar a shuíomh Gréasáin agus, i gcás nochtaí inmheánacha, tugadh do na baill foirne uile beartas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a mhéid a bhaineann sé le nochtaí inmheánacha.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a oibriú, i measc nithe eile, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.
Deimhním gur thug an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2024 i mí an Mhárta 2025.

**Ian Drennan**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**agus Comhalta ceaptha aonair an Údaráis**
**25 Aibreán 2025**

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 944X d'Acht na gCuideachtaí, 2014. D'ullmhaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach na ráitis airgeadais agus cuimsítear iontu

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi athruithe i gcúlchistí agus sa chuntas caipitil
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

### *Bonn na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an ráiteas rialachais agus an ráiteas faoi rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Leonard McKeown**
**Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**29 Aibreán 2025**

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Leagtar amach sa ráiteas rialachais na freagrachtaí atá ar an Údarás as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 944X d'Acht na gCuideachtaí, 2014
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cé acu is cuí nó nach cuí bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid, agus
- an rialú inmheánach sin a mheasann sé a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 944X d'Acht na gCuideachtaí, 2014, ráitis airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a bhraithfear míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a bheith sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna himthosca, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Cinnim ar cé chomh hoiriúnach is atá sé gur baineadh úsáid as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Déanaim cumarsáid leis na daoine sin a gcuirtear de chúram orthu plé le rialachas maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, a chinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

#### *Tuairisciú ar ábhair eile*

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na tosca speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go sainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh ar seoladh gnó poiblí.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam Deontais: Vóta 32 – Fo-mhírcheann C7 | | 7,088 | 6,745 |
| Ioncam Eile | | 16 | 490 |
| **Ioncam iomlán** | | 7,104 | 7,235 |
| **Caiteachais riaracháin** | | | |
| Costais Foirne | 2 | 4,178 | 3,709 |
| Taisteal agus Cothú | 3 | 36 | 51 |
| Seirbhísí Dlí, Gairmiúla agus Comhairleachta | 4 | 731 | 1,214 |
| Costais Riaracháin | 5 | 1,774 | 1,898 |
| Luach Saothair an Iniúchóra | 6 | 12 | 10 |
| Dímheas | 8 & 9 | 107 | 94 |
| **Iomlán na gcaiteachas riaracháin** | | 6,838 | 6,976 |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | | **266** | **259** |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | - | - |
| **Barrachas/(easnamh) aitheanta iomlán don bhliain** | | **266** | **259** |

Arna cheadú ag:

**Ian Drennan**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**agus Comhalta ceaptha aonair an Údaráis**
**25 Aibreán 2025**

# Ráiteas faoi Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Cúl-chiste Ioncaim | Cuntas Caipitil | Glan-sócmhainní |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023** | **260** | **337** | **597** |
| Barrachas don bhliain | 266 | - | 266 |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | |
| Ioncam a úsáideadh le haghaidh sócmhainní caipitlithe a fháil mar éadáil | (17) | 17 | - |
| Amúchadh a úsáideadh ar aon dul le dímheas sócmhainní | 107 | (107) | - |
| **Iarmhéid amhail Nollaig 2024** | **616** | **247** | **863** |

Arna cheadú ag:

**Ian Drennan**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**agus Comhalta ceaptha aonair an Údaráis**
**25 Aibreán 2025**

# Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 8 | 200 | 271 |
| Bogearraí | 9 | 47 | 66 |
| | | 247 | 337 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc | | 280 | - |
| Fardal | | 5 | 8 |
| Réamhíocaíochtaí | 10 | 490 | 434 |
| Méideanna infhaighte | 10 | 33 | 45 |
| | | 808 | 487 |
| **Creidiúnaithe: Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin** | | | |
| Méideanna iníoctha | 11 | 192 | 227 |
| | | 192 | 227 |
| **Glansócmhainní reatha/(glandliteanais reatha)** | | **616** | **260** |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais)** | | **863** | **597** |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cúlchiste coinnithe | | 616 | 260 |
| Cuntas caipitil | | 247 | 337 |
| **Iomlán na gCúlchistí agus an Chuntais Caipitil** | | **863** | **597** |

Arna cheadú ag:

**Ian Drennan**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**agus Comhalta ceaptha aonair an Údaráis**
**25 Aibreán 2025**

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid
# don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| (Eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | 266 | 259 |
| (Laghdú)/Méadú i méideanna iníoctha | (35) | (99) |
| (Méadú) i méideanna infhaighte | (44) | (214) |
| Laghdú/(Méadú) i bhfardal | 3 | 4 |
| Dímheas agus Amúchadh | 107 | 94 |
| Insreabhadh/(eis-sreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 297 | 44 |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach | (17) | (44) |
| **(Laghdú)/méadú in airgead agus i gcoibhéisí airgid sa bhliain** | 280 | - |
| **Glansreabhadh airgid a réiteach le gluaiseachtaí i nglanchistí** | | |
| Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2023 | - | - |
| **Sreabhadh Airgid don bhliain** | 280 | - |
| Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2024 | **280** | **-** |

Arna cheadú ag:

**Ian Drennan**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**agus Comhalta Ceaptha Aonair an Údaráis**
**25 Aibreán 2025**

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2024

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iad leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar fud na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024.

*Faisnéis Ghinearálta*

Leagadh foráil do bhunú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach amach in Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021, lenar leasaíodh Acht na gCuideachtaí, 2014 (**Acht 2014**). Bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an 7 Iúil 2022 trí achtú an Ordaithe um Acht na gCuideachtaí, 2014 (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) (Lá Bunaithe), 2022[3].

*Bonn an Ullmhúcháin*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir na reachtaíochta is infheidhme agus de réir FRS 102, *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn*, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe lena úsáid in Éirinn.

Tá na ráitis airgeadais san fhoirm ar cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta iad le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014.

De réir FRS 102, cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas faoin Staid Airgeadais, an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas, an Ráiteas faoi Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus Nótaí leis na Ráitis Airgeadais.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais i láthair in Euro, arb é airgeadra feidhmiúil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach é. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

*Gnóthas Leantach*

Mionsonraítear sna ráitis airgeadais staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreabhadh airgid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tá ionchas réasúnach ag an Údarás go bhfuil acmhainní dóthanacha ag an eintiteas chun leanúint lena ghníomhaíocht oibriúcháin agus chun a shainordú a chomhlíonadh go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, leanann an tÚdarás le bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

*Ioncam*

Cistíonn an Státchiste an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach trí Vóta a mháthair-Roinne, i.e., Vóta 32 Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht – fo-mhírcheann C7. Is ar bhonn fáltas airgid a aithnítear ioncam. Caipitlítear sa Chuntas Caipitil an t-ioncam a úsáideadh le haghaidh ceannacháin chaipitil, agus arb é an toradh atá air ná breiseanna le sócmhainní seasta. Áirítear le hioncam eile gnóthú na gcostas dlí a tabhaíodh agus an t-ús bainc a tuilleadh.

[3] I.R. 337 de 2022.

*Sócmhainní Neamhreatha – dímheas/amúchadh*
Bhí cead ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun sócmhainní seasta áirithe a úsáid, ar thabhaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ('**RFTF**') an costas a bhain leo. Aistríodh úinéireacht ar na sócmhainní sin saor in aisce chuig an Údarás sa bhliain 2023. Ba é €387,295 Glanluach Leabhar na sócmhainní sin ag dáta an aistrithe.

Luaitear sócmhainní neamhreatha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais ar a gcostas lúide dímheas carnach. Muirearaítear dímheas ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas ar bhonn líne dírí, agus an muirear á ríomh thar shaolré úsáideach ionchais na sócmhainní lena mbaineann:

| | |
|---|---|
| Daingneáin agus Feistis | 10% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Oifige | 20% in aghaidh na bliana |
| Mótarfheithiclí | 20% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Ríomhaire agus TFC | 20% in aghaidh na bliana |
| Bogearraí | 20% in aghaidh na bliana |

*Fardal*
Maidir le stoic a bhí ar láimh ag deireadh na tréimhse, is stoic tomhaltán teicneolaíochta faisnéise agus stoic tomhaltán oifige iad agus luaitear iad ar a gcostas nó de réir glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

*Cuntas Caipitil*
Léirítear sa Chuntas Caipitil luach neamhamúchta an chistiúcháin a úsáideadh le haghaidh sócmhainní seasta a cheannach.

*Léasanna Oibriúcháin – Cóiríocht*
Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023 i leith, is amhlaidh, maidir le cíosanna atá dlite faoi léasanna, a íocann Oifig na nOibreacha Poiblí (**OOP**) iad leis an léasóir agus a fhorchúitíonn OOP iad ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar bhonn ráithiúil trí chomhaontú. Muirearaítear cíosanna ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas sa bhliain lena mbaineann siad.

*Sochair Fostaithe*

*Sochair Ghearrthéarmacha*
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr Méideanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais. Is fostaithe de chuid an Aire Dlí agus Cirt iad comhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht.

*Pinsin*
Is státseirbhísigh iad na fostaithe de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Is comhaltaí iad de scéimeanna éagsúla sochair shainithe a riarann an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe iad. Maidir leis na dliteanais phinsin a thiocfaidh as a seirbhís leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, íocfar iad sa todhchaí ó chistí atá ar fáil don Roinn sin agus, dá bhrí sin, ní aithnítear iad mar dhliteanais sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Is comhaltaí den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (**an Scéim Aonair**) iad baill foirne áirithe den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Is scéim sochair shainithe í sin d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin. Íoctar ranníocaíochtaí na gcomhaltaí den Scéim Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

*Easnamh/barrachas don Bhliain*

Mar atá mionsonraithe sna beartais chuntasaíochta, is ar bhonn fáltas airgid a aithnítear cistiú Státchiste. Mar an gcéanna, is ar bhonn fáltas airgid a aithnítear ioncam eile. Is ar bhonn fabhruithe a aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais. Mar sin, ní gnáthbharrachas/gnátheasnamh oibriúcháin é an barrachas/an t-easnamh ar an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach. Is féidir é sin a chur síos go príomha don difríocht idir cistiú airgeadbhunaithe agus caiteachas a dtugtar cuntas air ar bhonn fabhruithe.

*Méideanna infhaighte*

Aithnítear méideanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é an soláthar d'fhiacha amhrasacha, i gcás gurb infheidhme, agus bunaítear é i gcás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach in ann na méideanna uile atá dlite dó a bhailiú. Is sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim a aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha.

*Méideanna iníoctha*

Tomhaistear creidiúnaithe trádála ag praghas an tsonraisc, mura n-iarchuirtear an íocaíocht thar ghnáth-théarmaí gnó nó mura maoinítear í ag ráta úis nach é an ráta margaidh é. Sa chás seo, is ionann an socrú agus idirbheart maoiniúcháin, agus tomhaistear an dliteanas airgeadais de réir luach reatha na n-íocaíochtaí amach anseo arna lascainiú ar ráta margaidh úis le haghaidh ionstraim fiachais den chineál céanna.

*Príomhphearsanra Bainistíochta*

Chuimsigh an príomhphearsanra bainistíochta (an Grúpa Ardbhainistíochta) Comhalta Ceaptha Aonair an Údaráis (an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) agus na Stiúrthóirí. B'ionann agus €1,105,688 (2023: €1,044,264) an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, gan ÁSPC ón bhfostóir a áireamh. Féach Nóta 2 chun miondealú a fháil ar an luach saothair agus na sochair a íocadh leis na baill foirne uile, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Leagtar an íocaíocht leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin amach ar leithligh freisin i Nóta 7.

*Breithiúnais agus Meastacháin Thábhachtacha Chuntasaíochta*

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail an dáta tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus caiteachas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

*Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a Bhearnú*

Déantar sócmhainní atá faoi réir amúchadh a athbhreithniú i leith bearnú nuair a thugann eachtraí nó athruithe in imthosca le fios go bhféadfadh nach mbeifí in ann an méid glanluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas bearnaithe de réir na difríochta idir méid glanluacha na sócmhainne agus méid in-aisghafa na sócmhainne, fad is mó an méid glanluacha ná an méid in-aisghafa. Is é an méid in-aisghafa an ceann is airde de luach cóir na sócmhainne lúide an costas díola agus luach úsáide na sócmhainne. Chun bearnú a mheasúnú, grúpáiltear sócmhainní ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreabhadh airgid atá in-sainaitheanta ar leithligh (aonaid giniúna airgid) ann. Déantar sócmhainní neamhairgeadais a bearnaíodh a athbhreithniú ar mhaithe le haisiompú féideartha an bhearnaithe ag gach dáta tuairiscithe.

## 2. Costais Foirne

Ba mar a leanas a bhí costais foirne don tréimhse, lena n-áirítear luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Foireann an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach | **€000** | **€000** |
| Tuarastail | 3,636 | 3,175 |
| Ranníocaíocht ÁSPC ón bhfostóir | 324 | 284 |
| | 3,960 | 3,459 |
| Comhaltaí den Gharda Síochána atá ar Iasacht | | |
| Ragobair, lena n-áirítear ÁSPC ón bhfostóir | 218 | 250 |
| | 218 | 250 |
| **Costais Foirne Iomlána** | **4,178** | **3,709** |

B'ionann agus 58 bhfostaí (2023: 49 bhfostaí) an meánlíon fostaithe, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus gan comhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht a áireamh, le linn na tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2024. B'ionann líon foirne lánaimseartha an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag an 31 Nollaig 2024 agus 56 bhall foirne (2023: 55 bhall foirne). Íoctar fostaithe uile an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, de réir scálaí tuarastail státseirbhíse. Níor íocadh aon ragobair le foireann an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa bhliain 2024 (2023: €Nialas).

Is fostaithe de chuid an Aire Dlí agus Cirt iad comhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht. Ba é 15 dhuine (2023: 14 dhuine) an meánlíon comhaltaí den Gharda Síochána a bhí ar iasacht le linn na tréimhse cuntais. Is leagtha amach thuas atá ragobair athmhuirearaithe a dtabhaíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach í i ndáil le comhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht. Seasann an Roinn Dlí agus Cirt costais phá eile a bhaineann le Gardaí atá ar iasacht.

*Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe*

Leagtar amach thíos anailís ar luach saothair iomlán fostaithe, bunaithe ar a bpáphointe amhail an 31 Nollaig, dóibh sin atá ag tuilleamh níos mó ná €60,000 in aghaidh na bliana:

| **Banda tuarastail (€)** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **Líon na mball foirne** | **Líon na mball foirne** |
| 60,000-69,999 | 2 | 5 |
| 70,000-79,999 | 5 | 7 |
| 80,000-89,999 | 7 | 6 |
| 90,000-99,999 | 5 | 4 |
| 100,000-109,999 | 2 | 3 |
| 110,000-119,999 | 3 | 5 |
| 120,000-129,999 | 2 | - |
| 130,000-139,999 | - | - |
| 140,000-149,999 | - | - |
| 150,000-159,999 | - | - |
| 160,000-169,999 | - | - |
| 170,000-179,999 | 1 | 1 |
| Iomlán | 27 | 31 |

Maidir leis na sochair ghearrthéarmacha a íocadh i leith seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe, áirítear tuarastail leo amhail an 31 Nollaig, ach ní áirítear ÁSPC ón bhfostóir leo. Níor cuireadh aon sochair eile, amhail pá saoire, ar áireamh iontu.

## 3. Taisteal agus Cothú

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Náisiúnta | 18 | 36 |
| Idirnáisiúnta | 18 | 15 |
| | 36 | 51 |

## 4. Seirbhísí Dlí, Gairmiúla agus Comhairleachta

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costais Chomhairleachta agus Seirbhísí Gairmiúla** | | |
| Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Earcaíochta | 16 | 5 |
| Sláinte agus Sábháilteacht | 4 | 3 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | - | 23 |
| Aistriúchán | 17 | 2 |
| Eile | 26 | - |
| | **63** | **33** |
| **Costais dlí** | | |
| Cigireacht Ard-Chúirte ar INM | 481 | 1,073 |
| Costais dlí – eile | 187 | 108 |
| | **668** | **1,181** |
| **Iomlán** | **731** | **1,214** |

Is costais 'gnó mar is gnách' iad na costais chomhairleachta uile.

Is gnáth-sheachtháirge a eascraíonn as feidhmeanna reachtúla an Údaráis iad costais dlí a thagann as cásobair.

## 5. Costais Riaracháin

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Priontáil agus Páipéarachas | 9 | 8 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 408 | 409 |
| Fáilteachas | 1 | 3 |
| Oiliúint | 62 | 99 |
| Teileachumarsáid | 8 | 33 |
| Costais chóiríochta | 1,059 | 1,079 |
| Síntiúis | 13 | 12 |
| Caiteachas Oifige | 28 | 42 |
| Ábhair Tagartha Gairmiúla | 42 | 34 |
| Imeachtaí Cur Chun Cinn, Fógraíocht agus Brandáil | 87 | 98 |
| Tacaíocht Dlí | 10 | 67 |
| An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | 4 | 3 |
| Iniúchóireacht Inmheánach agus Bainistíocht Riosca | 43 | 11 |
| | 1,774 | 1,898 |

## 6. Luach Saothair an Iniúchóra

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais | 12 | 10 |
| | 12 | 10 |

Ní sholáthraíonn Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste seirbhísí neamhiniúchóireachta don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus níor sholáthair an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste aon seirbhísí seachas seirbhísí iniúchóireachta reachtúla le linn na bliana.

## 7. Tuarastal agus caiteachais an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Olltuarastal | 175 | 169 |

Is státseirbhíseach bunaithe é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus ní théann a theidlíochtaí pinsin thar théarmaí na scéime pinsean seirbhíse poiblí. Ní fhabhraítear don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin luach na sochar scoir a thuillltear agus, mar sin de, ní léirítear é sna ráitis airgeadais seo.

Is nochta anseo thíos atá caiteachais a thabhaigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin go díreach i gcomhlíonadh a dhuaglas agus/nó atá caiteachais a thabhaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach thar ceann an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.

| | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Comhaltais Ghairmiúla agus Síntiúis | 3 | 3 |
| Oiliúint agus Forbairt | 2 | 2 |
| Caiteachais iomlána | **5** | **5** |

## 8. Sócmhainní Neamhreatha – Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Trealamh TFC | Mótar-fheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|
| *Ráta Dímheasa* | *20.00%* | *20.00%* | |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 146 | 205 | 351 |
| Breiseanna | 13 | - | 13 |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 159 | 205 | 364 |
| **Dímheas** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 39 | 41 | 80 |
| Muirear don bhliain | 43 | 41 | 84 |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 82 | 82 | 164 |
| **GLANLUACH LEABHAR** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | **107** | **164** | **271** |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | **77** | **123** | **200** |

## 9. Sócmhainní Neamhreatha – Bogearraí

| | Bogearraí | Iomlán |
|---|---|---|
| *Ráta Dímheasa* | *20.00%* | |
| | €000 | €000 |
| **Costas** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 80 | 80 |
| Breiseanna | 4 | 4 |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 84 | 84 |
| **Amúchadh** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 14 | 14 |
| Muirear don bhliain | 23 | 23 |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 37 | 37 |
| **GLANLUACH LEABHAR** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | **66** | **66** |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | **47** | **47** |

## 10. Méideanna infhaighte

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí | 490 | 434 |
| Costais cóiríochta oifige | 13 | 41 |
| Eile[4] | 20 | 4 |
| | 523 | 479 |

## 11. Méideanna iníoctha

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fabhruithe | 178 | 227 |
| CBL | 8 | - |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 6 | - |
| | 192 | 227 |

[4] Ar áireamh i 'Méideanna Infhaighte Eile' tá €14,389 a bhaineann le ró-íocaíocht tuarastail le hiarfhostaí amháin a d'aistigh amach as an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tá an méid le híoc leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag roinn reatha an iarfhostaí.

## 12. Dliteanas Teagmhasach

Tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach páirteach in imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Is éiginnte atá méid agus uainiú iarbhír na ndliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann.

## 13. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara/Nochtadh Leasanna

Comhlíonann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i ndáil le nochtadh leasanna ag Comhalta Ceaptha Aonair agus foireann an Údaráis. Tá nósanna imeachta foirmiúla ann chun a chinntiú go gcloítear le ceanglais an Chóid.

## 14. Ceangaltais Léasa

Níl aon talamh ná foirgnimh faoi úinéireacht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tá ceangaltais ar an Údarás i leith léas ar chóiríocht oifige ag 16 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1. Tá an léas sin i seilbh Oifig na nOibreacha Poiblí (**OOP**) ar feadh tréimhse 25 bliana a thosaigh sa bhliain 2002. Sheas OOP an costas cíosa sa tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus tháinig ath-leithdháileadh an chistiúcháin ghaolmhair státchiste in éifeacht ó mhí Eanáir 2023.

Leagann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach amach sa tábla thíos a cheangaltais mheasta i leith íocaíochtaí le OOP thar thréimhse an léasa a shealbhaítear idir OOP agus an tiarna talún.

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 725 | 725 |
| Iníoctha idir dhá bhliain agus cúig bliana | 906 | 1,631 |
| | 1,631 | 2,356 |

B'ionann an caiteachas léasa oibriúcháin a aithníodh sa bhliain 2024 agus €725,012 (2023: €725,012).

## 15. Eachtraí tar éis na tréimhse tuairiscithe

Tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe, níor thit amach aon eachtraí a d'fhág gur ghá coigeartú nó nochtadh a dhéanamh sna ráitis airgeadais.




Séanadh

Cé go ndearnadh dianiarracht a chinntiú gur cruinn atá an fhaisnéis sa doiciméad seo, ní ghlacann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó aon dliteanas a eascróidh ar aon slí as aon earráidí, aon mhíchruinnis nó aon easnaimh atá istigh ann. Forchoimeádann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an ceart chun gníomhaíocht a dhéanamh, nó staonadh ó ghníomhaíocht a dhéanamh, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht sin i gcomhréir leis an doiciméad seo.

**An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
16 Cearnóg Parnell Thoir | Baile Átha Cliath 1 | D01 W5C2 | Éire
**Teil:** +353 1 858 5800
**Ríomhphost:** info@cea.gov.ie
**Gréasán:** www.cea.gov.ie

An English version of this report is available
**Tá leagan Béarla den tuarascáil seo ar fáil.**

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority